www.gaelsceal.ie

Forlíonadh 8 leathanach saor in aisce! - nós*

Eoghan Ó Néill
L. 11

Forlíonadh Comhar na Múinteoirí Gaeilge istigh an tseachtain seo
L. 36

Máistir an mhéarchláir mar ghuth na nGael
L. 7

Súil Siar na Seachtaine
L. 8

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 39

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

30.09.2011

Ní bheidh 'FF Neamhspleách' i gConamara dar le comhairleorí

"Níl meas ar bith ag éinne idir 18-30 orainn agus tá náire orainn ag dul thart ag rá go bhfuil muid le Fianna Fáil" : Comhairleoir FF

Colm Ó Broin, Comhfhreagraí Polaitiúil Gaelscéal

CÉ go bhfuil Éamon Ó Cuív ag tarraingt conspóide i gcónaí níl aon seans go mbunófar 'Fianna Fáil Neamhspleách' i gConamara dar le comhairleoirí áitiúla.

Tá míshástacht le ceannairí an pháirtí léirithe ag Ó Cuív i dtaobh an chinnidh gan iarrthóir a sheasamh sa toghchán Uachtaránachta agus de réir tuairiscí táthar ag machnamh ar scoilt a dhéanamh ó cheannáras Fhianna Fáil.

Deir an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg nach bhfuil aon chaint sa cheantar faoi scaradh ón bpáirtí.

"Níl seans dá laghad go mbunóidh Éamon Ó Cuív páirtí nua ná Fianna Fáil Neamhspleách i gConamara ná i nGaillimh," ar seisean.

"Labhair sé le cruinniú cumainn le déanaí agus dúirt gur cheart athnuachan a dhéanamh taobh istigh den pháirtí.

"Tá muid ag díriú ar dhaoine óga a earcú agus iad a chur chun cinn sa chéad toghchán áitiúil eile agus tá muid den tuairim gurb é sin an bealach is fearr chun é sin a dhéanamh," arsa Ó Tuairisg.

Dúirt Breitheamh Ardchúirte Dé Máirt go ndéanfar iarratas ar chostais in éadan Uí Chuív de bharr a róil in agóid faoi cheart bealaigh in Óstán Chaisleán Áth na Fuinseoige ag an deireadh seachtaine.

Dúirt an breitheamh go bhféadfaí díspeagadh cúirte a chuir ina leith chomh maith.

Ní hé seo an chéad uair gur tharraing Ó Cuív conspóid faoi chúrsaí dlí le déanaí óir dúirt sé go mbeadh sé sásta dul go príosún seachas táille ar thancanna séireachais a íoc.

Ar lean ar leathanach 3

Moltaí FnaG diúltaithe ag na heagraíochtaí bunmhaoinithe

Seimineár Oibre 'Aontas Phobal na Gaeilge' ar siúl i nGaillimh inniu, Féach l. 6

Anton Mac Cába

TÁ súil go bhfuil Cruinniú Earnála den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas chun moltaí a phlé an 12 Deireadh Fómhair maidir le hathrú ar mhaoiniú eagraíochtaí Gaeilge a mhol Foras na Gaeilge.

B'shin a dúirt Arthur Scott, státseirbhíseach sinsearach ó thuaidh, ag cruinniú de Choiste na Roinne Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta sa Tionól ó thuaidh. Ag an chruinniú den Choiste, labhair Ferdie Mac an Fhailigh, Príomh-Fheidhmeannach an Fhorais agus Éamonn Ó hArgáin, Ceannaire ar an Rannóg Gnó. D'admhaigh Mac an Fhailigh, maidir leis na heagraíochtaí a thug freagra, gur dhiúltaigh siad uilig do na moltaí.

Ar lean ar leathanach 6

Ag fanacht dílis do cheird a shinsear - Mac a'Bhaird

I láthair ag bronnadh duaiseanna Chomórtas Liteartha an Oireachtais, bhí Prionsias Mac a'Bhaird buaiteoir cumadóireacht amhrán agus Úna Uí Lachtnáin, Uachtarán Oireachtas na Gaeilge. Is iad Comórtais Liteartha an Oireachtais na comórtais is mó le rá maidir le scríbhneoireacht na Gaeilge.

NÁISIÚNTA

Fear gafa i gcás dhúnmharú John Kenny

Seosamh Ó Riain

GHABH na Gardaí fear atá beagnach dhá scor bliain d'aois thart ar a naoi a chlog tráthnóna Céadaoin i gCathair na Gaillimhe mar gheall ar dhúnmharú John Kenny, fear ósta agus múinteoir.

Tuigtear gur eachtrannach é an fear atá á cheistiú ag Stáisiún na nGardaí ar Shráid an Mhuilinn i nGaillimh agus go bhfuil cónaí air in Uachtar Ard, an sráidbhaile céanna inar dúnmharaíodh an tUasal Kenny.

Is faoi Alt 30 den Acht um Chionta in aghaidh an Stáit 1939 a gabhadh an fear agus féadfar é a choinneáil le haghaidh ceistiúcháin ar feadh suas le dhá uair déag agus trí fichid sula gcaithfear é a chúiseamh nó é a scaoileadh saor.

Tá an Garda Síochána - idir Bhleachtairí Sinsearacha agus Shaineolaithe Fóiréinsice ón mBiúró Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil - ag cur píosa i ndiaidh píosa fianaise le chéile go deismíneach mionchúiseach chun teacht ar an gceannfháth leis an dúnmharú brúidiúil seo i sráidbhaile ciúin síochánta.

Ar lean ar leathanach 2

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

Comórtas Géar le bheith ann do Scéim Iris Ghaeilge Chlóite an Fhorais

Seosamh Ó Riain agus Ciarán Dunbar

TÁ Foras na Gaeilge ag iarraidh iarratas ó dhreamanna ar spéis leo iris mhíosúil Ghaeilge ar bhonn uile-oileánda a fhoilsiú don tréimhse Eanáir 2012 - Nollaig 2014.

Is í an iris mhíosúil Comhar atá ag feidhmiú faoin scéim áirithe seo san am i láthair agus caithfidh sé gurb iad rogha na n-údar iad don deontas úr.

Deir Muireann Ní Mhóráin, Stiúrthóir ar Comhar, le Gaelscéal, "Déanfaimid iarratas ar an deontas faoin scéim seo agus tá súil againn go leanfar ar aghaidh ag cur an mhaoinithe seo ar fáil dúinn.

Tá an coiste agus an fhoireann ar fad tar éis obair go han-dian le cúpla bliain anuas, tá dearadh níos fearr agus níos daite ar an iris, tá ailt níos fearr ann, suíomh idirlín iontach deas ag baint leis an iris ar a bhfuil seanchóipeanna ar fáil, agus is in airde atá na díolacháin ag dul."

Tuigtear do Gaelscéal áfach go bhfuil ar a laghad dream amháin eile ag cur isteach ar an deontas seo agus go bhfuil gach seans go mbeidh an tríú dream ag cur isteach air chomh maith.

Arsa urlabhraí ó dhream atá ag cur isteach air go cinnte, nach raibh sásta a bheith ainmnithe ag an phointe seo, "Tá sé cosúil le dornálaíocht, tá sé deacair an crios a bhaint den churadh, ach caithfear comórtas a bheith ann do na rudaí seo nó ní comórtas iad ar chor ar bith. Tá sé ar intinn againn iarratas den scoth a chur le chéile agus an dúshlán a thabhairt."

Ní mór cóip chrua d'iarratais a bheith faighte ag Foras na Gaeilge roimh 13.00 ar an Aoine, 28 Deireadh Fómhair 2011.

Tá tuilleadh eolais ar fáil trí na sonraí teagmhála seo: Scéim Iris Ghaeilge Chlóite, An Rannóg Pobail agus Gnó, Foras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. T: +353 (0)1 639 8404 R-phost: eolas@forasnagaeilge.ie

Triúr istigh ar phost Raidió na Gaeltachta

Ciarán Dunbar

TUIGTEAR do Gaelscéal go bhfuil triúr istigh ar phost Leas-Phríomhfheidhmeannach Raidió na Gaeltachta.

Dar le foinse iontaofa, is iad an triúr Gearóid Mac Donncha a chuireann i láthair an clár 'Adhmhaidin', Colm Mac Donncha, innealtóir le RnaG i gCasla, agus Séamus Mac Géidigh, bainisteoir RnaG ar an Bhun Bheag i dTír Chonaill.

Beidh na hagallaimh ann go luath ach níl an dáta socraithe go fóill.

Fear gafa i gcás dhúnmharú John Kenny

Ar lean ó leathanach a haon

Léirigh torthaí ón scrúdú iarbháis a rinne paiteolaí an stáit, an Dr. Marie Cassidy, tráthnóna Dé Luain seo caite gur de bharr ionsaithe a fuair an tUasal Kenny, sé bliana agus leathchéad d'aois, bás.

Tháinig amhras ar dhaoine muinteartha le John Kenny nuair nár cloiseadh tada uaidh faoi thráthnóna Domhnaigh. Chuaigh siad go dtí teach tábhairne an teaghlaigh in Uachtar Ard, an tráthnóna céanna, áit ar tháinig siad ar a chorp ar bhunurlár an tí dhá stór.

Tuigtear dúinn go raibh a lámha faoi cheangal, a cheann clúdaithe agus go raibh fianaise ann gur bhain gortú coirp dó.

Níl na Gardaí ag cur robála as an áireamh fós mar cheannfháth leis an dunmharú, ach ní dócha go raibh a lán airgid sa teach tábhairne ar an mbonn nach mbíonn sé ar oscailt ach oícheanta Sathairn de ghnáth.

Tá tuairiscí ann nach bhfuil daingnithe fós gur éirigh aighneas idir an tUasal Kenny agus duine eile le bliain anuas.

Dúirt an Comhairleoir áitiúil, Tom Welby, "Níl aithne agam dáiríre ar éinne a raibh drochrud le rá acu faoi John Kenny. Fear lách soshroichte ba ea é - an cineál fir nach mbeadh naimhde aige."

Ní fios fós an raibh baint ag níos mó ná duine amháin leis an dúnmharú, cé go dtuigtear do Gaelscéal gur fear láidir a bhí ann mar John Kenny ar a raibh riocht fisiciúil an-mhaith agus go dtéadh sé chuig an tsnámhlann agus chuig an ngiomnáisiam go mion minic ag 7rn roimh dó dul ag obair mar mhúinteoir Gearmáinise, Staire agus Reiligiúin sa mheánscoil i mBaile Átha an Rí, scoil inar oibrigh sé le 19 bliain anuas.

Fear pósta ba ea é John Kenny a raibh iníon amháin aige, Gillian, bean fhásta atá ar fhoireann na meánscoile chomh maith.

Dúirt an tAire Stáit sa Roinn Oideachais agus Scileanna, Ciarán Cannon, atá ina chathaoirleach ar Chumann Tuismitheoirí na Scoile, "Bhí roinnt tuismitheoirí, agus a gcuid páistí, múinte ag John, agus bhí an-mheas air agus anghrá ag na daltaí dó ag an scoil."

Cé mhéad Gaeilge atá ag na hiarrthóirí don Uachtaránacht?

Iarrthóir	Cumas Gaeilge	Suíomh Idirlín
David Norris	Roinnt Gaeilge aige	Béarla amháin
Seán Gallagher	"Ag foghlaim"	Béarla amháin
Martin McGuinness	"ag foghlaim"	Dátheangach
Mary Davis	"Ag foghlaim"	Béarla amháin
Gay Michell	"Ag foghlaim"	Béarla amháin
Michael D Higgins	Líofa	Béarla amháin
Dana Rosemary Scallon	Níl Gaeilge aici	Níl suíomh uachtaránachta aici, tá a suíomh ceoil i mBéarla amháin.

Dana Rosemary Scallon

Michael D Higgins


David Norris

Seán Gallagher


Martin McGuinness

Gay Michell

Mary Davis

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Seosamh Ó Riain
Iriseoir
seosamh.oriain@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Nach bhfuil salachar ag éinne ar Michael D?

TÁ ainmneacha na n-iarrthóirí don toghchán Uachtaránachta deimhnithe anois agus táthar ag cur ceisteanna faoi chúlraí na rannpháirtithe ar fad. Tá Martin McGuinness á cheistiú faoin IRA, Mary Davis faoi na quangos ar fad a raibh sí orthu, Dana faoina tuairimí faoi ghinmhilleadh, Gay Mitchell faoi litir faoisimh a scríobh sé ar son fir i Meiriceá a daoradh chun báis i leith dochtúir ginmhillte a dhúnmharú. Cuireadh ceisteanna ar Sheán Gallagher faoina chúlra i bhFianna Fáil agus ar David Norris faoina thuairimí faoin aois toilithe agus an litir faoisimh a scríobh sé dá iar-pháirtí a ciontaíodh as éigniú reachtúil. Go dtí seo áfach is beag salachar atá ag na meáin ar Michael D Higgins. An cheist is crua a bhí ag Séan O'Rourke dó sa chéad díospóireacht den fheachtas Dé Céadaoin ná an raibh sé aclaí go leor don phost.

Bhí Michael D rúinín beag taobh thiar de David Norris i bpobalbhreith an Domhnaigh seo caite, ach tá sé mar rogha na coitiantachta don toghchán de bharr go meallfaidh sé go leor aistrithe, agus tuillfidh sé níos mó measa fós de bharr an éascaithe a rinne sé ar ainmniúchán Norris.

Deirtear nach dtaitníonn 'feachtasíocht dhiúltach' leis an bpobal, ach is cinnte go mbíonn an-tionchar ag scéalta diúltacha ar iarrthóirí Uachtaránachta.

Bhí iarrthóir an Lucht Oibre sa toghchán deireanach, Adi Roche, chun cinn sna pobalbhreitheanna, ach baineadh an bonn dá feachtas nuair a rinne 12 iar-oibrí den Chernobyl Children's Project gearán poiblí nach duine deas a bhí inti. Níor éirigh léi ach 7% den vóta a fháil ar deireadh. Má tá oil in úir ag Michael D beifear ag déanamh dianchuardaigh chun é a aimsiú roimh 27 Deireadh Fómhair.

Michael D. Higgins - an mbeidh diancheistiú i ndán dósan chomh maith?
[PIC : MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND]

Bréagór ag cothú géarchéim thithíochta eile

PLÉADH géarchéim thithíochta sa Dáil an tseachtain seo, sea, ceann eile. Is íorónta an scéal é go bhfuil baint ag bréagór, nó pirít (*fools gold* i mBéarla), leis an gceann seo.

Baineadh úsáid as pirít in ábhar tógála i lear mór tithe le linn aimsir an Tíogair Cheiltigh, go háirithe in oirthear Laighean, agus tá an t-ábhar seo ag déanamh an-dochar do na tithe anois.

Nuair a bhíonn teagmháil ag pirít le huisce meadaíonn sé agus scoilteann sé ballaí, urláir srl.

Dar le Joe Higgins tá an fhadhb seo ag cur as do suas le 50,000 teach.

Cheistigh an Teachta Higgins an Taoiseach faoin bhfadhb seo agus dúirt Enda Kenny go meastar go gcosnóidh sé suas le €80,000 chun gach teach a dheisiú. 50,000 teach fá €80,000 - sin €4 bhilliún.

Shíl na húinéirí go mbeadh siad clúdaithe ag a n-árachas don dochar seo, ach tá amhras air sin anois.

Tá aighneas idir úinéirí agus an comhlacht árachais Homebond. Dúirt Homebond i litir chuig na húinéirí ag tús na míosa nach bhfuil orthu cúiteamh a íoc toisc go bhfuil an locht ar chairéil as ábhar tógála le pirít a sholáthar do thógálaithe.

Luaigh siad cás san Ardchúirt i mí na Bealtaine ina ndúirt breitheamh go raibh na tógálaithe James Elliott Construction Ltd i dteideal damáistí ó Irish Asphalt Ltd i leith ábhar tógála a chuir Irish Asphalt ar fáil dóibh.

Dúirt an Teachta Higgins go raibh roinnt den mhilleán don phraiseach seo ar an rialtais toisc go bhfuil an Stát freagrach as rialacha tógála a chur i bhfeidhm.

Tá grúpa comhairliúcháin bunaithe ag an rialtas le dul i ngleic leis an gceist ach níl sprioc-am do mholtaí an ghrúpa fógartha go fóill.

Samhlaigh é - tá do phost caillte agat, tá tú i gcothromas diúltach, ní féidir an morgáiste ollmhór a íoc agus anois tá do theach ag titim as a chéile. Cad é mar sháinn.

Pé dream atá ciontach as an scanall is déanaí seo, léiríonn sé arís eile an dochar a dhéantar nuair a ligtear d'earnálacha sa gheilleagar oibriú gan srianta ciallmhara.

Tuilleadh oibre d'ateangairí an Oireachtais?

D'EAGRAIGH Conradh na Gaeilge bricfeasta i dTeach Laighean inné chun deis a thabhairt do Theachtaí Dála agus do Sheanadóirí a gcuid Gaeilge labhartha a chleachtadh.

Seoladh an chéad ghréasán náisiúnta de chiorcail chomhrá dar teideal 'Is Leor Beirt' ag an ócáid chomh maith.

Dúirt Síne Nic an Ailí, Feidhmeannach Forbartha Chonradh na Gaeilge agus comheagraí na scéime 'Is Leor Beirt' go bhfuil sé i bhfad níos fusa aon eagla atá ar dhaoine roimh úsáid na Gaeilge a dhíbirt i gcomhluadar cairdiúil, neamhfhoirmeálta mar seo.

"Tá súil ag Conradh na Gaeilge go gcabhróidh an ciorcal comhrá i dTeach Laighean le polaiteoirí na hÉireann muinín a chothú ina gcumas labhartha féin, agus go mbeidh sé de mhuinín acu chéad teanga an Stáit a úsáid os comhair na Dála nó an tSeanaid níos minice mar thoradh air seo," ar sise.

Tugadh eolas do na polaiteoirí faoi ranganna Gaeilge i dTeach Laighean mar aon le liosta d'oibrithe deonacha atá sásta seisiúin chainte phearsanta a shocrú le polaiteoir ar bith gur spéis leo a gcuid Gaeilge a chleachtadh gan rang rialta a dhéanamh.

Beidh áthas ar Ghaeilgeoirí timpeall na tíre má labhraítear níos mó Gaeilge sa Dáil agus sa Seanad. Tá dream ar leith eile a bheas buíoch chomh maith, is cosúil - ateangairí an Oireachtais. Tá córas ateangaireachta ar fáil sa Dáil agus sa Seanad. Bíonn tromlach ollmhór na ndíospóireachtaí Oireachtais i mBéarla ach bíonn na hateangairí ar fáil an t-am ar fad chun óráidí nó abairtí i nGaeilge a aistriú do na Béarlóirí. Má éiríonn le feachas Chonradh na Gaeilge is cosúil go mbeidh na hateangairí in ann níos mó sásaimh a bhaint as a gcuid oibre.

Ní bheidh 'FF Neamhspleách' i gConamara

Ar lean ó *leathanach* a haon

De réir tuairiscí tá iarbhaill d'Fhianna Fáil Neamhspleách i nDún na nGall ag machnamh ar a n-eagraíocht a athbhunú de bharr a míshástachta le ceannasaíocht an pháirtí, ach níl plean ar bith a leithéid de ghrúpa a bhunú i nGaillimh arsa comhairleoir eile, Séamus Breathnach.

"I dtaobh na gcomhairleoirí i nGaillimh tá mé in ann a rá nach mbeidh siad ag déanamh rud éigin mar sin," ar seisean.

"Bí cinnte go bhfuil fearg ar dhaoine faoin méid atá tarlaithe le blianta beaga anuas. Tá olc ar na comhairleoirí toisc go bhfuil siad ag obair go crua ar an talamh agus is iad na Teachtaí Dála a scrios an páirtí."

Tá an Comhairleoir Breathnach éadóchasach faoi thodhchaí an pháirtí áfach.

"Níl meas ar bith ag éinne idir 18-30 orainn agus tá náire orainn ag dul thart ag rá go bhfuil muid le Fianna Fáil."

Dúirt an Comhairleoir Breathnach go raibh sé ag fanacht le Fianna Fáil ach nach raibh seans ar bith ann go dtiocfadh athbheochan ar an bpáirtí fad is a bhí daoine a bhí mar chuid den iar-rialtas i gceannas ar an pháirtí.

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha na hÉireann

Fáilte roimh Aighneachtaí ón bPobal

Tá fáilte á chur roimh aighneachtaí mar chuid den ullmhúchán atá ar bun do Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha nua na hÉireann. Tá an Páipéar ar Shaincheisteanna Straitéise do Chomhairliúchán Poiblí ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta – www.ahg.gov.ie

Is é 5pm ar an Déardaoin, 17 Samhain 2011, an sprioc-am chun aighneachtaí a bheith faighte.

Ní mór do gach duine a dhéanann aighneacht a bheith ar an eolas go bhféadfadh na haighneachtaí a bheith faoi réir iarratas chun iad a chur ar fáil faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Is féidir cóipeanna den cháipéis a ndéantar tagairt di a fháil trí dhul i dteagmháil le Paul McMahon Uasal, an Rannóg Beartas um Oidhreacht Thógtha agus Ailtireachta, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Bóthar an Bhaile Nua, Co. Loch Garman nó teileafón (053) 911 7381. Is féidir iarratas a dhéanamh ar ríomhphost freisin chuig nls@ahg.gov.ie.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 30 Meán Fómhair, 2011

Ní raibh Gaeilge ag Gusty Spence

Anton Mac Cába

D'AINNEOIN an mhiotais uirbigh, ní raibh Gaeilge ag Gusty Spence, iar-cheannaire an UVF a fuair bás an tseachtain seo caite, ach bhí bá aige leis an teanga. B'shin a deir Aodhán Ó Raghallaigh, a bhí ina mhúinteoir Gaeilge ag an UVF sa Cheis Fhada sna 70í.

Thug na húdaráis an Raghallach isteach mar mhúinteoir Gaeilge in 1974. Nuair a chuala sé gur don UVF a bhí sé le Gaeilge a theagasc "ba bheag nár thit mé i laige."

Chuaigh sé isteach sa chaighean. Thart ar choirnéal botháin tháinig fear "go raibh cuma mairnéalaigh air - bhí píopa ina ghob aige. Chuir sé a lámh amach, agus dúirt: 'Hello, I'm Gusty Spence. I have a wee crowd, about a dozen, they're here to learn Irish'."

Cé gur Spence a d'eagraigh an rang, agus a ghríosaigh cimí chun freastal air, ní raibh sé féin ann. Ach labharfadh sé leis an Raghallach ó am go chéile, le déanamh cinnte go raibh rudaí ina gceart. Bhí súil aige go ndéanfadh na cimí dul chun cinn sa teanga.

D'éirigh go maith leis an rang. "Bhí siad thar a bheith dea-bhéasach," arsa an Raghallach. I mbéal na Nollag rinne na bairdéirí cuardach sa chaighean. Fuair siad brontanais a rinne na cimí dó; tá meas aige ar fad ar an chaighdeán ard a bhí orthu. Faraor, ní raibh cead ag an Raghallach iad a thabhairt amach leis.

Bhí sé ábalta an rang "a thabhairt suas chuig caighdeán maith GCE O-Léibhéal ó thaobh comhrá. Bhí siad dáiríre agus díograiseach. Bhí siad ag teacht ar rud nua. Na logainmneacha, bhí siad thart orthu. Bhí saol nua ag oscailt dóibh. Bhí meas i gcónaí acu ar Phoblachtaigh, Wolfe Tone agus Patrick Pearse."

Sa rang, bhí Dílseoirí a d'imir páirt i bpróiseas na síochána, leithéidí Plum Smith agus Billy Mitchell. Tá díomá ar an Raghallach gur chaill sé teagmháil leo níos mó ná 30 bliain ó shin.

Gusty Spence ar an seachrán ag tús na seachtóidí. Fuair sé bás ag an deireadh seachtaine, bhí páirt ag Spence le deireadh a chur leis an trioblóidí agus bhí páirt nach beag le tús a chur leo.

Comhdháil ar shábháilteacht iriseoirí

Anton Mac Cába

TÁ Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí (NUJ) ag reáchtáil comhdhála i mBéal Feirste inniu ar shábháilteacht iriseoirí. Tá 10 mbliana ann agus seachtain ó dhúnmharaigh an LVF Martin O'Hagan, iriseoir, agus é ag siúl abhaile ón phub istoíche lena bhean. Is in onóir dó siúd atá an chomhdháil. Is iad na cainteoirí ag tús an lae ná Barry McCall, leas-uachtarán an NUJ, agus Eugene McGlone ón gceardchumann UNITE. Dúirt Kevin Cooper ón NUJ go bhfuil sé tábhachtach McGlone a bheith ann nó go ndéanann UNITE ionadaíocht ar chlódóirí. Iriseoirí - ón tuaisceart den chuid is mó - atá ag labhairt tríd an lá. Beidh cuid acu ag labhairt i gceardlanna mar nár mhaith leo bheith ar an taifead.

"Beidh ceardlanna ann mar go dtig le hiriseoirí a scéal a roinnt le hiriseoirí eile," arsa Cooper. "Cad é mar a théann siad i ngleic le rudaí? Thar an samhradh, bhí círéibeacha in Ard Eoin i dtuaisceart Bhéal Feirste, agus i Sasana. Fuarthas cuid mhór taithí."

Beidh eolas ón eagraíocht DART i Meiriceá in úsáid ag an chomhdháil. Tá an eagraíocht seo dírithe ar iriseoirí agus tráma. "Bunaíodh é mar gur ionsaigh fear an bunaitheoir le claíomh samurai," arsa Cooper. "Bhí sé san ospidéal nuair a bhuail an fón. Bhí comhghleacaí leis ar lorg agallaimh uaidh."

Olltoghchán Comharsan dár gcuid

Anton Mac Cába

BHÍ olltoghchán inné sa tír Cheilteach is lú, Manainn. Bhí 65 iarrthóir san iomaíocht don 24 suíochán sa Kiare as Feed (Ceathrar is Fiche, an pharlaimint). Tá an líon céanna feisirí ann agus a bhí ó 1156. Tá 15 toghcheantar ann, comhalta aonair, beirt nó triúr i ngach ceann acu. Faigheann ball den pharlaimint £36,998 (€42,565.76) in aghaidh na bliana. Tá an Bhanríon Eilís ina ceann stáit, ach ní cuid den Ríocht Aontaithe é.

Bhí na Manannaigh ar an gcéad náisiún san Eoraip a thug cead vótála d'achan duine thar 16.

Iarrthóirí neamhspleácha is mó atá san iomaíocht. Tá 10 ó Liobrálaigh Mhanann, agus duine amháin ó Pháirtí an Lucht Oibre Mhanann - nach bhfuil bainteach le Páirtí Lucht Oibre na Breataine.

Dúirt Anne Brua, iriseoir leis an BBC, go bhfuil dhá cheist mhóra ann. Dhíoladh stát-chiste na Breataine cáin bhreisluacha ar ais le státchiste Mhanann. Rinneadh athrú ar an dóigh go ndéantar sin, a fhágann go bhfaigheann Manainn £75 milliún (€86.322 milliún) níos lú sa bhliain. "Tá cuid mhór daoine den bharúil nár láimhseáil an rialtas mar is ceart é," ar sise. Is é an dara ceist ná easpa tithíochta ar phraghas réasúnta.

Tá achan iarrthóir ar son féiniúlachta Manannaí, mar gur sin meon an phobail. Dar le Bernard Moffatt, Uachtarán Meic Vanainn, tá thart ar sheisear iarrthóir gur féidir náisiúnaithe a thabhairt orthu. Tá triúr ina mbaill den Chonradh Ceilteach, gur Manainniseoirí beirt.

Ar an bheirt tá Phil Gawne, feisire Rushen. Bhí sin ar an chuid dheireanach den oileán mar a raibh an Ghaeilge ina teanga phobail.

Is iar-chime é Gawne, a chaith 18 mí faoi ghlas as teach saoire a chur trí thine. Seasann sé leis an neamhspleáchas, an stair agus an cultúr a chosaint. Bhí sé seal ina Aire Bonneagair, ansin ina Aire Talmhaíochta.

Dúirt Moffatt nach bhfuil Meic Vanainn san iomaíocht mar go mbeadh orthu mionn dílseachta a ghlacadh don Bhanríon. "Ní thig linn neamhfhreastal a dhéanamh, mar a dhéantar i dTuaisceart Éireann," arsa Moffatt. "Muna nglacann tú do shuíochán, caithfear toghchán bheith arís ann."

Dar le Moffatt go bhfuil bunadh an oileáin coimeádach ar go leor bealaí. Bheadh dearcadh s'acu "lárnach deaseach. Ach níl aon ró-dhúil go ndéanfaí príobháidiú ar sheirbhísí poiblí."

Beidh le feiceáil an ndéanfar iarracht sin a dhéanamh. Leis, le tamall de bhlianta anuas, tá an t-oideachas trí Ghaeilge dá fhorbairt. Beidh le feiceáil an bhfulaingeoidh sin ciorruithe.

Duais d'úrscéal bunaithe ar Denis Donaldson

Anton Mac Cába

TÁ úrscéal bunaithe ar scéal Denis Donaldson, agus go bhfuil cuid de suite i nDún na nGall, san iomaíocht don duais liteartha is mó sa Fhrainc. Tá *'Retour à Killybegs'* le Sorj Chalandon ar cheann den 15 leabhar a ainmníodh do Prix Goncourt.

Bhí Chalandon ina thuairisceoir in Éirinn ag an nuachtán Francach *Libération*. I 1988 bhuaigh sé duais Albert Londres don iriseoir Francach ab fhearr as a chuid saothair ar an tuaisceart agus ar thriail Klaus Barbie.

Bhí aithne aige ar Denis Donaldson le 30 bliain, é den bharúil gur cairde iad.

"Thugainn comhairle do chomhghleacaithe bualadh isteach air nuair a bhíodh siad i mBéal Feirste," arsa Chalandon.

"Bhí sé greannmhar, galánta, ní rachadh sé riamh thar fóir. Chonaic mé é ag fás aníos. Ag teacht amach as an phríosún. Ag glacadh le freagrachtaí taobh istigh de Shinn Féin. Dá thiomnú féin do phróiseas na síochána. ... An duine a thagadh tí s'agamsa i bPáras, b'fhealltóir é."

Níor chreid Chalandon ag an tús gur "fealltóir" a bhí in Donaldson, ach gur "cleas salach" a bhi sna tuairiscí. Tá díomá air gur dúnmharaíodh Donaldson "sula raibh seans agam ceist a chur air - an rabhamar le fírínne inár gcairde?"

Tá leagan Béarla den leabhar ar fáil ó Lilliput, faoin ainm *'My Traitor'*.



Níl 25% den chaiteachas sa Tuaisceart faoi smacht an Tionóil

Anton Mac Cába

TARLAÍONN 25% den chaiteachas a dhéanann an Feidhmeannas ó thuaidh taobh amuigh den phróiseas daonlathach sa Tionól. Ní chaitheann an Tionól vóta air ag pointe ar bith. Nochtadh seo i bhfreagra a thug státseirbhíseach sinsearach sa Roinn Airgeadais agus Pearsanra.

Thug an státseirbhíseach, Michael Brennan, an freagra agus é ag labhairt le Coiste na Roinne Airgeadais agus Pearsanra. Bhí Brennan ag tabhairt freagra ar cheist ón gComhalta den Tionól Reachtach Dominic Ó Brolcháin.

"Is caiteachas caipitil cuid de, agus tá cuid mhór eile bainteach le comhlachtaí poiblí neamhrannacha," arsa Brennan. "An tsuim go gcaitheann an Tionól vóta air, níl ann ach an deontas airgid don chomhlacht poiblí don bhliain, ní na hacmhainní ar fad a úsáideann sé."

Tá an Brolchánach ina leaschathaoirleach ar an Choiste. Dúirt sé gur chuir an t-eolas seo an-imní air. Níl sé soiléir cé mhéad den bhlocdheontas ó rialtas na Breataine atá i gceist, ná cé mhéad airgid san iomlán. "Cad chuige gur fágadh an t-airgead seo taobh amuigh de na gnáth-chuntais?" ar seisean. "Cad chuige gur bheartaigh na státseirbhísigh ag an phointe seo an t-eolas a roinnt linn?"

Tá Gaelscéal ag ullmhú roinnt ceisteanna ar an ábhar seo le cur ar an Roinn.

Tionscnamh Oideachais ar chearta teanga

Katie McGreal

SHEOL an tAire Stáit Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich tionscnamh nua oideachais ar chearta teanga do dhaltaí scoile dara leibhéal i gCathair na Gaillimhe an tseachtain seo.

Is tionscnamh nua, ilmheáin oideachais é a d'fhorbair Oifig an Choimisinéara Teanga chun deis a thabhairt do dhaltaí scoile eolas - dátheangach - a fháil ar a gcearta teanga tríd an gcúrsa Teastais Shóisearaigh san ábhar Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP).

Painéal de mhúinteoirí OSSP a d'fhorbair an t-ábhar le cabhair ó raon leathan eagraíochtaí lena n-áirítear an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí le cabhair ó COGG, ó Nuacht TG4/RTÉ agus tuilleadh freisin. Rinneadar tástáil anuraidh ar an tionscnamh i 15 scoil ar fud na tíre. Bhí meascán de scoileanna Béarla agus Gaelscoileanna ann.

An tseachtain seo, fuair na meánscoileanna ar fad sa tír bosca le téacsleabhar lán le ceachtanna, dlúthdhiosca le físeáin faoi chearta teanga agus roinnt cártaí éagsúla chun cluichí a imirt sa rang.

"Rinneamar iarracht na costais a choimeád íseal," a dúirt Seán Ó Cuirreáin, an Coimisinéir Teanga. "Tá costas €24 ar gach bosca."

Fuarthas maoiniú €20,000 ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) don tionscnamh agus d'oibrigh roinnt daoine air go deonach. Ghlac siad leis an mbuiséad a bhí acu agus ní dheachaigh siad thairis.

Seoladh na boscaí go dtí na meánscoileanna ar fad sa tír an tseachtain seo agus níl aon chostas le híoc ag na scoileanna.

Chabhraigh COGG, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus Nuacht TG4/RTÉ leis an tionscnamh nua seo agus táthar ag súil "go mbeadh na múinteoirí in ann an t-eolas seo a mhúineadh do na daltaí agus go rachaidh sé tríd an tsochaí ar fad ionas go mbeimid uilig níos eolaí faoin ábhar," a dúirt an tAire ag an seoladh.

Tá an t-ábhar le fáil i bhfoirm leictreonach ar www.coimisineir.ie/scoileanna agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó Dhamhnait Uí Mhaoldúin in Oifig an Choimisinéara Teanga ar 091 504 006 nó eolas@coimisineir.ie.

Ag seoladh tionscadail oideachais Oifig an Choimisinéir Teanga in Ostán Chuan na Gaillimhe, Bóthar na Trá, Gaillimh Dé Máirt bhí ó chlé, An Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, an tAire Stáit Gaeltachta Donncha Mac Fhionnlaoich, Muireann Ní Mhóráin agus Anna Ní Chartúir, COGG. PIC: SEÁN Ó MAINNIN.

Gaeil ag teacht le chéile

Anton Mac Cába

BEIDH Gaeil na hAlban agus na hÉireann ag teacht lena gcéile i nGlaschú ar 8 Deireadh Fómhair. An dara Cois Tine/Taigh Céilí i bhfoirgneamh Aontas na Mac Léinn ag Ollscoil Ghlaschú. Oíche le ceol, amhráin, scéalta agus damhsa a bheidh ann. Is í Máire Ní Choilm, amhránaí Ghaoth Dobhair, a bheidh ina haoi speisialta.

Níos luaithe sa lá, beidh ranganna sa dá Ghaeilge, agus dhá ceardlann ar an amhránaíocht. Beidh Máire i mbun na ceardlainne ar amhránaíocht Ghaeilge na hÉireann. Beidh an chuid sin den lá ag An Lèanag, Sráid Mansfield, Pàrtaig, Glaschú.

Dúirt Donnchadh MacNèill ón bhfiontar Gaeilge (na hAlban) An Lòchran gur seo an dara Cois Tine/Taigh Céilí ag lucht an dá Ghaeilge sa chathair. Rinne thart ar 130 freastal ar an chéad oíche mí an Mheithimh. Tá suim sa dá Ghaeilge ag méadú i nGlaschú. "Tá cuid mhór ranganna anois sa chathair," ar seisean. " Meastar go bhfuil Gaelach Albanach nó Éireannach ag suas le 50% de phobal Ghlaschú."

Tá tuilleadh eolais ar fáil ach glaoch ar An Lòchran 0141 (00 44 141 ó Phoblacht na hÉireann) 342 4119 nó Conradh na Gaeilge, Glaschú 0141 (00 44 141 ó Phoblacht na hÉireann) 433 9495.

Gaeil an Chláir fós ag fanacht d'ainneoin cháineadh an Choimisinéara

Seosamh Ó Riain

LÉIRIGH imscrúdú de chuid Oifig an Choimisinéara Teanga a foilsíodh ní ba luaithe i mbliana gur sháraigh Comhairle Contae an Chláir andualgas reachtúil teanga nuair a d'fhoilsigh sí Dréachtphlean Forbartha Chontae an Chláir 2011-2017 i mBéarla amháin.

Ní hamháin sin ach rinne an Chomhairle an sárú reachtúil sin d'ainneoin í a bheith ar an eolas go hiomlán nach gcomhlíonfadh a raibh beartaithe aici na dualgais a bhí daingnithe le dlí ag an Oireachtas. Chuir an Comhairle in iúl do Gaelscéal go mbeidh an leagan Gaeilge ar fáil i gceann "trí na ceithre seachtainí" áfach ach níl siad ábalta dáta cinnte a thabhairt maidir le cén uair a bheas sé ar fáil.

De réir Thuarascáil Bhliantúil 2010 an Choimisinéara Teanga a foilsíodh i rith Sheachtain na Gaeilge ar 15 Márta 2011, "Chonacthas don imscrúdú go raibh an sárú ar dhualgais reachtúla teanga sa chás seo ar cheann de na sáruithe is suntasaí agus is tromchúisí a rinneadh ar aon fhoráil d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ó d'achtaigh Tithe an Oireachtais an reachtaíocht agus ó shínigh Uachtarán na hÉireann ina dhlí é."

Seo an Chomhairle cheannann chéanna ar ar bronnadh duais Ghaeleagras na Seirbhísí Poiblí i gComórtas Ghlór na nGael 2010 - an tréimhse chéanna lenar bhain imscrúdú an Choimisinéara Teanga.

De réir eolais a cuireadh ar fáil do Gaelscéal, rinne Comhairleoirí Contae an Chláir plé den chéad uair ar an tuarascáil seo, nó an chuid sin de a bhain le Comhairle an Chláir, ag cruinniú i mí Lúnasa 2011. Costais aistriúcháin do Dhréachtphlean Forbartha an Chontae a bhí faoi chaibidil ann.

Rinneadh an t-imscrúdú de thoradh dhá ghearán i mí Feabhra 2010 a thug le fios nach raibh fáil ar leagan Gaeilge den Dréachtphlean, cé go raibh an leagan Béarla foilsithe.

Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí croídhoiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla, lena n-áirítear doiciméid ina leagtar amach tograí beartais phoiblí.

De réir an Choimisinéara Teanga, "Ba léir gur thuig an Chomhairle an dualgas a bhí uirthi nuair a

scríobh sí chuig Oifig an Choimisinéara Teanga ar an 4 Samhain 2009 ag tabhairt le fios nach mbeadh sí ag foilsiú leagan Gaeilge den Dréachtphlean de bharr ganntanas acmhainní. Thug an Coimisinéir Teanga foláireamh soiléir don Chomhairle i bhfreagra ar an litir sin nach bhféadfadh sé glacadh lena leithéid agus go mbeadh imscrúdú i gceist dá leanfaí leis an gcur chuige sin."

Tugadh le tuiscint i dtús aimsire don imscrúdú gur faoi bhun €53,000 an buiséad iomlán a bheadh le caitheamh ar ullmhú an Dréachtphlean i mBéarla amháin.

De thoradh ceisteanna ón bhfoireann imscrúdaithe, áfach, tháinig sé chun solais go raibh an costas measta a bhain le hullmhú an Dréachtphlean Forbartha i mBéarla i bhfad níos airde. Shoiléirigh an Chomhairle go mbeadh ollchostas measta €361,868 - beagnach seacht n-oiread an buiséad iomlán - ar ullmhú an Dréachtphlean agus gur €10,112 den tsuim sin a bheadh le caitheamh ar an aistriúchán go Gaeilge.

Dhearbhaigh an Chomhairle go rabhthas ag obair go leanúnach ar an Dréachtphlean ó mhí Feabhra 2009 ach, lasmuigh de réamhiarratas ar mheastachán ginearálta don obair aistriúcháin, nár lorgaíodh tairiscintí críochnúla don aistriúchán go Gaeilge go dtí Nollaig 2009.

Thug an Coimisinéir Teanga le fios, "Chuir an Chomhairle leagan Gaeilge den Dréachtphlean ar fáil le linn an imscrúdaithe ag tráth a raibh sé rómhall lena dualgais reachtúla a chomhlíonadh go cuí agus tráth ar lú an tairbhe a bhí ann d'aon chuid den phobal a mbeadh an Ghaeilge ina rogha teanga acu."

Bhí an caiteachas a bhí le déanamh ar sholáthar an leagain Ghaeilge íseal go maith (2.7%) agus níor shábháil an Chomhairle aon cent airgid ar an gcaiteachas sin trí thabhairt faoi sholáthar an leagain Ghaeilge ar an mbealach a rinneadh.

Thug an Comhairleoir le Comhairle Contae an Chláir, Brian Meaney, an Comhaontas Glas, 'cantalach agus sotalach' ('*petulant and arrogant*') ar a raibh le rá ag an gCoimisinéir Teanga.

Is ó Chontae an Chláir (9.5%) a tháinig an dara méid is mó de na gearáin chuig Oifig an Choimisinéara Teanga. Sin níos mó ná aon chontae eile ina bhfuil Gaeltacht. Tá Gaeilge ag idir 44-70% de mhuintir an chuid is mó de Chontae an Chláir ach tá roinnt pócaí nach bhfuil an figiúr chomh hard sin iontu.

Seo rátaí na ngearán ó roinnt contaetha eile: Contae na Gaillimhe (9%), Contae Chiarraí (6%), Contae Dhún na nGall (4%), Contae Chorcaí (4%) agus Contae Mhaigh Eo (3%). Is ó Chontae Bhaile Átha Cliath is mó a tháinig na gearáin i mbliana arís, is é sin 41% de na gearáin. Ón nGaeltacht a tháinig 18% de na gearáin agus tháinig an 82% eile ó cheantair lasmuigh den Ghaeltacht.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 30 Meán Fómhair, 2011

IDIRNÁISIÚNTA

Círéibí in Bilbao – nach mbaineann le náisiúnachas

Cimí ETA ag tabhairt tacaíochta don phróiseas síochána, rialtas na Spáinne ag déanamh neamhaird air

Danny Brown, in Bilbo, Tír na mBascach

TRÁTHNÓNA breá fómhair a bhí ann sa Casco Vieija, an seanbhaile i lár Bilbao i dTír na mBascach, Dé hAoine seo a chuaigh thart agus bhí ceathrar againn i measc an tslóigh a bhí ag déanamh ár gcuid amuigh faoin aer i gceann de na cearnóga beaga sa cheantar sin.

I ndiaidh a 9 a chlog, áfach, briseadh an comhluadar síochánta nuair a tháinig ceithre veain bhána faoi dheifir agus stad sa chearnóg.

Steall baicle *ertzaintza*, na póilíní Bascacha, in éide dhubh, agus 'balaclavas', ag iompar bataí, gunnaí agus sciatha amach as na veaineanna agus ghabh siad ógánach a bhí in aice leis an bhealach isteach chuig an Metro.

Tamall ina dhiaidh sin, bhí círéib ann nuair a chaith ógánaigh eile na gabhdáin athchúrsála ar an bhóthar, fuair na buidéil uilig amach astu le húsáid mar armlón agus chuir na gabhdáin le thine.

Mar chíréib, ní raibh sí iontach fada ná ró-fhíochmhar agus go bhfios dom níor gortaíodh duine ar bith.

Ach tharla sé ar an lá gur fhógair cimí ETA, an grúpa paraimíleatach Bascach atá ag troid in aghaidh rialtas na Spáinne le breis agus 40 bliain, go raibh siad ag tabhairt tacaíochta do Chomhaontú Gernika, a deir go bhfuil an grúpa ag éirí as an fhoréigean go huile is go hiomlán.

De réir El Pais, an nuachtán Spáinneach tá tacaíocht faighte ag ETA ó 90% de na cimí ach ciallaíonn sé sin nach bhfuil 10 acu ag leanstan na ceannaireachta.

An mbeidh easaontóirí Bascacha ann amach anseo?

Tá sé soiléir ó fhreagra rialtas na Spáinne maidir leis an Chomhaontú nach bhfuil rudaí mar an gcéanna leis an tír seo nuair a bhí an IRA ag fógairt sosanna cogaidh.

Tá an chuma ar rudaí go bhfuil ETA ag íoc go mór agus nach bhfuil aisíoc ar bith le sonrú ón rialtas dá bharr.

Tá an eagla ann fosta go bhfuil siad ag déanamh neamairt ar na daoine a thug tacaíocht dóibh síos tríd na blianta.

Bhí an chíréib ann oíche Aoine seo a chuaigh thart cionn is gur leagadh foirgneamh i lár Bilbao a bhí i seilbh ealaíontóirí, ceoltóirí agus gníomhaithe cultúrtha Bascacha go mí-dhleathach.

Ní raibh baint ar bith aici le haidhmeanna náisiúnacha ETA.

Ach má tá deacrachtaí ag ETA, tá sé thar a bheith soiléir go bhfuil fadhbanna ag rialtas na Spáinne fosta.

Tá an chuma orthu nach bhfuil siad ag tabhairt aitheantas ar bith do na céimeanna móra atá glactha ag ETA le blianta beaga anuas bogadh chun tosaigh ón fhoréigean.

Agus b'fhéidir nach sin an fhadhb is mó atá acu.

Bhí scaifte mór daoine amuigh sa chearnóg an oíche sin ag déanamh a gcuid nuair a tháinig an ertzaintza.

Meascán maith aoiseanna agus aicmí a bhí i láthair i gcroí-lár phríomhchathair Thír na mBascach agus, gan eisceacht, thug achan duine acu bualadh bos mall agus feadanna cáinte do na póilíní a ghabh an t-ógánach Bascach.

Bheadh an rialtas ag súil go mbeadh níos mó measa ag an phobal ar an eagraíocht áitiúil póilíneachta.

Ina uireasa sin, tá sé deacair a fheiceáil cén treo ina bhfuil an rialtas ag dul.

Moltaí FnaG diúltaithe ag na heagraíochtaí bunmhaoinithe

Ar lean ó leathanach a haon

Cheistigh an Comhalta den Tionól Reachtach Dominic Ó Brolcháin ón SDLP na moltaí. "Deireann na heagraíochtaí Gaeilge croí-mhaoinithe anseo go gcothóidh na hathruithe a mholann tú deacrachtaí dóibh, ó thaobh bheith ag obair ar bhonn uile-Éireannach, de bharr na gcoinníollacha difriúla reachtacha atá i bhfeidhm sa dá stát," ar seisean.

Mar fhreagra, dúirt Mac an Fhailigh: "Tá súil againn go mbeidh, i measc na gcritéar ag na hiarrthóirí go n-éireoidh leo, go mbeidh siad ábalta a thaispeáint go dtig leo feidhmniú agus iad ag tabhairt san áireamh na ndifríochtaí sochtheangeolaíocha agus reachtacha sa dá stát."

Fadhb a thóg Mac an Fhailigh ná go bhfuil 19 eagraíocht ann. Fágann sin go bhfuil bearnaí ann. Leis, ní dhéantar freastal ar riachtanaisí áirithe: "Má tá duine ina shuí i mBaile na Lorgan nó ar an Fhíonach, agus gur mhaith leo freastal ar rang Gaeilge, nó fáil amach faoi chúrsaí Gaeilge, níl dóigh ar bith go dtiocfadh leo cnaipe a chliceáil, nó níl bunachar sonraí lárnach ar bith ann." Bhí a leithéidí de liosta ar shuíomh an Fhorais; b'éigean é a bhaint síos, nó chuaigh sé as dáta. Bheadh sé riachtanach a leithéidí a uasdátú gach trí nó ceithre mhí.

Ainneoin go n-admhaíonn Mac an Fhailigh gur dhiúltaigh na heagraíochtaí do na moltaí, dar leis nach bhfuil an dara rogha ag an Fhoras: "Bíodh is go bhfuil costaisí tuarastal agus riaracháin san eagraíocht ag dul suas achan bhliain, agus buiséad s'againne ag crapadh, níl an status quo inmharthanach."

Tá na hathruithe ar chúrsaí maoinithe ina n-ábhar mór imní ag eagraíochtaí Gaeilge. Beidh deireadh le croí-mhaoiniú.

Dar le Janet Muller ó Pobal i mBéal Feirste go bhfuil sé contúirteach maoiniú bheith díríthe ar thograí, mar atá molta. "Beidh brú ar eagraíochtaí tógraí nua a aithint an t-am ar fad," ar sise. "Leis, tá an Tuaisceart iontach difriúil. Tá mé iontach imníoch go mbeadh cúrsaí Gaeilge sa Tuaisceart ina n-iarsmaoineamh."

Mar sin, beidh le feiceáil an 12 Deireadh Fómhair.

Comórtas Liteartha Oireachtas na Gaeilge

Katie McGreal

D'FHÓGAIR Eibhlín Ní Chonghaile ó Raidió na Gaeltachta buaiteoirí Chomórtais Liteartha Oireachtas na Gaeilge an tseachtain seo i bPáirc an Chrócaigh.

Bhí meascán de scríbhneoirí a bhfuil cáil le fada orthu agus scríbhneoirí nach bhfuil ach i dtús a réime ina measc siúd ar bronnadh duaiseanna orthu.

Bhí an-chuid duaiseanna le buachaint ag idir dhaoine fásta agus daoine óga agus réimse leathan ó thaobh scríbhneoireachta de. Bhí comórtais ann d'aistí, gearrscéalta, scripteanna scannáin chomh maith le roinnt réimsí eile.

"Bíonn spreagadh ag scríbhneoirí na Gaeilge i gComórtas Liteartha an Oireachtais an cumas agus an chruthaitheacht atá iontu a chur os comhair an tsaoil mhóir," a deir Liam Ó Maoladha, Stiúrthóir Oireachtas na Gaeilge, "Bhí níos mó ná 250 istigh ar dhuaiseanna i 15 catagóir i mbliana."

"Rud iontach é aitheantas a fháil i measc na n-údar agus na leabhar den chineál sin a bhuaigh an duais chéanna cheana," a deir Proinsias Mac a' Bhaird a bhuaigh príomhdhuais na hoíche dá úrscéal ficsin 'Rún an Bhonnáin'.

Bhronn Uachtarán Oireachtas na Gaeilge, Úna Uí Lachtnáin, duais speisialta ar Bhrian Ó Baoill ag bronnadh duaiseanna Chomórtas Liteartha an Oireachtais an tseachtain seo in onóir a chuid scríbhneoireachta thar na blianta. Bhí sé i láthair ag an ócáid le Betty Uí Bhaoill.

Seimineár Oibre 'Aontas Phobal na Gaeilge' ar siúl i nGaillimh inniu

Áine Ní Chuaig

TÁ 'Aontas Phobal na Gaeilge' ag teacht le chéile inniu do sheimineár oibre atá ar bun i gCathair na Gaillimhe, ina bhfuil plé á dhéanamh ar phleanáil de réir réigiúin agus ar bhunú gréasáin Ghaeltachta. Seo é an chéad imeacht poiblí oifigiúil arna reáchtáil ag 'Aontas Phobal na Gaeilge', eagras Gaeilge nua-nasctha ina bhfuil Comhluadar, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, Comhaltas Uladh agus Seachtain na Gaeilge ag obair le chéile chun an Ghaeilge a fhorbairt i measc an phobail ar mhaithe le seirbhísí níos éifeachtaí a chur ar fáil agus luach airgid níos fearr a bhaint amach.

Tá gníomhairí teanga ó chuile cheard den tír ag castáil in Óstán Menlo Park chun an dá mhórthéama sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge (2010-2030) a phlé.

Tá go leor míshástachta ann faoi láthair i measc na n-eagraíochtaí bunmhaoinithe leis an 'Samhail Nua Mhaoinithe' atá beartaithe ag Foras na Gaeilge faoi láthair. Tuigtear go ndearna siad baghcat ar chruinniú leis an Fhoras a bhí le bheith ann Déardaoin seo caite.

Tá triúr cainteoirí aitheanta ag labhairt ag an ócáid stairiúil inniu atá ag dul ar aghaidh ó 9.00rn-3.00in. Sin iad Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí, Conradh na Gaeilge; Lorcán Mac Gabhann, Ceannasaí, Glór na nGael; agus Aodhán Mac Cormaic, Príomhoifigeach Cúnta san Aonad Straitéise, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá Caoimhín Ó hEaghra, Ard-Rúnaí, An Foras Pátrúnachta i láthair mar chainteoir neamhspleách le tuairim neamhchlaonta a thabhairt ar na deiseanna féideartha don phobal in earnáil na Gaeilge.

Deireann lucht eagraithe an tseimineáir go bhfuil siad ag súil go mbeidh deis acu siúd i láthair a gcuid moltaí a bhaineann le cur i bhfeidhm na pleanála teanga a aontú agus a chur faoi bhráid na n-údarás mar thoradh ar an lá oibre.

"Ó tá athruithe móra ag teacht ar an gcóras maoinithe in earnáil na Gaeilge, agus ar na bealaí go bhfuil an dá rialtas thuaidh agus theas ag tabhairt faoin nGaeilge a chur chun cinn, tá Aontas Phobal na Gaeilge go láidir den tuairim gur ghá go mbeadh gach cuid de phobal na teanga réamhghníomhach agus ag obair go dlúth le chéile lena chinntiú go mbíonn ionchur comhtháite, céillí, comhsheasmhach againn sa phróiseas," a deir Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge.

Tá oifigigh i láthair ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ó dheas le labhairt leis an phobal faoi Ghréasáin Ghaeltachta a bhunú agus Ceathrú na Gaeltachta. Labhróidh ionadaí ó Fhoras na Gaeilge agus tabharfaidh sé léargas ar aidhmeanna agus spriocanna pleanála de réir réigiúin.

Dúirt Feargal Ó Cuilinn, Stiúrthóir Comhluadar: "Tabharfaidh an seimineár oibre Gaeilge seo deis do dhaoine a bhíonn ag obair leis an bpobal ar an talamh - idir dhaoine deonacha agus oibrithe gairmiúla - teacht le chéile chun deiseanna a aimsiú sna beartais fhiúntacha phobail atá le léamh sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 don Deisceart, agus molfar áit dóibh sa phleanáil bheartaithe i Samhail Nua Mhaoinithe Fhoras na Gaeilge don tír iomlán."

Máistir an mhéarchláir mar ghuth na nGael

Seán Ó Loingsigh

Sna 1960í in Éirinn athmhúsclaíodh mórtas cine na nGael sa náisiún Gaelach. Bhí gluaiseacht nua ar bun sa tír maidir le cúrsaí eacnamaíochta ach ba é an ceoltóir agus an cumadóir Seán Ó Riada a bhí mar ghuth náisiúnta do mhuintir na hÉireann chun bun-bhrí shaoirse na nGael a chur in iúl ó thaobh ceoil de.

Chuaigh an scannán faisnéise Mise Éire (1960) i bhfeidhm go mór orthu siúd a bhí i mbun rialtais in Éirinn agus ar mhuintir an náisiúin ar an dtalamh, iad siúd a bhí gan ghuth sa Tuaisceart san áireamh. Ba í an eagraíocht Gael Linn a thionscain an scannán agus bronnadh coimisiún chumadóireacht scór ceoil an scannáin ar chumadóir nach raibh fós 30 bliain d'aois agus a bhí ag iarraidh a shaineolas ceoil a chur in iúl don saol mór.

Uaireanta téitear chomh leathan maidir le tionchar Sheáin Uí Riada ar ghnéithe éagsúla go ndéantar dearmad gur sár-phianadóir ab ea é, nó chun a bheith níos cruinne, sár-cheoltóir ar an méarchlár mar go raibh ard-scileanna aige ar an bpianó, ar an gcruitchorda agus ar an armóin. Ní hé sin le rá gurb é an t-ardchumas seinnte a bhí aige an ghné ba thábhachtaí maidir lena chuid cumadóireachta do cheolfhoireann ach go háirithe, ach fós is fíor gurbh é máistir an mhéarchláir, Seán Ó Riada, an cumadóir ba mhó le rá a bhí in Éirinn san aois seo caite.

Dhein an t-iriseoir agus an t-amhránaí Diarmuid Ó Súilleabháin ó Chúil Aodha sraith clár ar Sheán Ó Riada do Raidió na Gaeltachta breis is 20 bliain ó shin, sraith inar chuir comhscoláirí an Riadaigh óna ré ollscoile i gCorcaigh fianaise ar fáil go raibh John Reedy, mar a bhí fós aithne air an uair úd, ag éirí bréan de bheith ag seinnt ceol nua-aimseartha ar an bpianó dá chairde. Bhí éileamh mór air toisc go raibh an pianadóir óg in ann ceol na linne sin a sheinnt gan stró, ach éinne go bhfuil tuiscint cheart acu ar Sheán Ó Riada, tuigfidh siad go raibh drochmheas aige ar nós lag na nÉireannach a bheith ag féachaint go dtí an gcoigríoch i gcónaí le haghaidh ceoil agus ceannaireachta sa cheol, nuair a bhí agus atá saibhreas ár dtraidisiúin ar leac an dorais.

Seán Ó Riada 1931 - 1971

Agus ní hé sin le rá go raibh rialacha dochta in aigne an Riadaigh a d'fhágfadh an ceol lom gan saoirse nuálaíochta. Tá fianaise ann go raibh ardmheas aige ar chumas ceoltóirí agus amhránaithe, nuálaíocht a bheith mar ghné nádúrtha ina gcuid ceoil, ach croí an cheoil a bheith i gceart i lár baill.

Nuair a thug Seán Ó Riada amhrán le foghlaim don ndéagóir Diarmuid Ó Súilleabháin tar éis don Riadach agus a chlann bogadh go Cúil Aodha in 1963, tháinig an Súilleabhánach óg ar ais go dtí an dtigh chuige le nótaí beaga breise dá gcuid fhéin i bport an amhráin. Bhí an Riadach chomh tógtha leis an gcur i láthair gur ghlaoigh sé ar a bhean Ruth chun éisteacht leis. Ag labhairt le déanaí le hiarscoláire dá chuid óna ré léachtóireachta in Ollscoil Chorcaí, an pianadóir Micheál Ó Súilleabháin, thug sé léargas ar an ngné nuálaíochta so maidir leis an dtuiscint cheoil in aigne an Riadaigh.

"Is cuimhin liom léacht amháin, do bhain sé úsáid as an bpianó chun '*illustration*' a dhéanamh. Chuir sé ríl ar an gclár dubh, do scríobh sé an ceol. Is é an teideal a bhí aige don ríl ná Captain Rock. Do chrom sé thart ar an bpianó agus (sheinn sé) lena láimh dheis. Bhí a fhios agam díreach ar an bpoínte san go rabhas ag éisteacht le ceol traidisiúnta nádúrtha ag teacht as an bpianó. Ní raibh sé sin cloiste agam riamh; chuireas suas mo lámh ag bun an tseomra - Mr Ó Riada, *there's a difference between what you're playing on the piano and what you have written on the board*." Thug an aoibh ar aghaidh an Riadaigh le fios dó go raibh an cheart aige. "You're quite right," a dúirt sé.

Mhínigh an tOllamh le ceol in Ollscoil Luimnigh gurbh é Seán Ó Riada an chéad duine ar éirigh leis foinn Ghaelacha a sheinnt "go nádúrtha, traidisiúnta" ar an bpianó. "D'oscail sé guth traidisiúnta in san bpianó féin nach raibh ann roimhe sin. Ós rud é gur pianadóir (clasaiceach) a bhí ann, bhí an scil aige leis an láimh agus bhí tuiscint aige ar an gceol traidisiúnta ina aigne. Bhí sé in ann an dá rud a thabhairt le chéile, agus an spiorad agus an tuiscint a chur isteach ina láimh, agus an teicníc a athrú ionas go raibh fonn traidisiúnta ag teacht as an bpianó."

Chuir an Súilleabhánach síos ar an gcúlra ceoil a bhain leis an ard-chumas so a bhí ag Seán Ó Riada ar an méarchlár. "Ceoltóir clasaiceach a bhí ann ar an bpianó - bhí sé in ann trí shórt ceoil a sheinnt ar a laghad ar an bpianó - ceol clasaiceach ar dtúis a bhí foghlamtha aige ó Tilly Fleischmann (pianadóir agus orgánaí cáiliúil agus máthair an iar-ollaimh le ceol in Ollscoil Chorcaí ó 1934 go 1980 - an cumadóir Aloys Fleischmann), bhí an jazz aige óna aigne fhéin (ceol a bhí cloiste aige go forleathan sna 50í agus sna 60í), agus taobh amuigh de sin d'éirigh leis an stíl nua ar an bpianó (sa cheol Gaelach) a thabhairt chun cinn." Ag amanna cuimhneacháin ar nós cheann na bliana so maidir leis an Riadach cuirtear síos ar an dtragóid toisc gur cailleadh é nuair a theip ar a shláinte agus é 40 bliain d'aois in 1971. Luaitear tragóid i gcomhthéacs cailliúint saothar a mheastar a bhí le teacht uaidh, ach is cuimhin liom a rá le Diarmuid Ó Súilleabháin an uair úd a bhí a shraith clár faoin Riadach ar Raidió na Gaeltachta, go raibh sé dochreidte an méid a bhí bainte amach aige ó thaobh ceoil de nuair a chuirtear san áireamh a shaothair chumadóireachta, an ghluaiseacht sa cheol traidisiúnta a chuir sé ar bun le Ceoltóirí Chualann agus b'fhéidir an saothar ba thábhachtaí, an ceol Aifrinn a chum sé agus a chóirigh sé. Cinnte gur tragóid a bhí ann dá bhean Ruth (a cailleadh leis sé bliana dár gcionn) agus dá gclann óg de sheachtar, ach is ábhar ceiliúrtha chomh maith é go bhfuil gach aon duine den seachtar imithe chun cinn chun a marc a dhéanamh ina ngairmeacha éagsúla, a mac Peadar ach go háirithe, sár-chumadóir agus sár-cheoltóir ann fhéin.

Tá an ré órga agus an athmhúscailt spioraid a chuir Seán Ó Riada chun cinn sa chultúr Gaelach le brath sa chnuasach ceirníní dá chuid, 'Seoda an Riadaigh', atá eisithe ag Gael Linn agus atá le seoladh go hoifigiúil ag Féile na Laoch cuid a 2 i gCúil Aodha an deireadh seachtaine seo. Ba é Príomhfheidhmeannach Gael Linn Antoine Ó Coileáin a thionscain eisiúint an chnuasaigh seo mar bhall d'eagraíocht go raibh ról tábhachtach acu i ré úd an Riadaigh. Ag labhairt le hAntoine Ó Coileáin mar gheall ar Sheán Ó Riada i mBaile Bhúirne le déanaí, dúirt sé: "Ó thaobh oidhreachta de, dar liomsa gur chuir sé tús leis an athbheochan a tharla sa cheol traidisiúnta ó na 50í i leith. Is dóigh liom go bhfuil ardmholadh agus aitheantas tuillte aige as an méid a rinne sé ar son ceoil traidisiúnta le Ceoltóirí Chualann, agus níos mó ná sin, an spreagadh agus an misneach a thug sé do mhuintir na hÉireann, agus an bród a chothaigh sé ionainn as ár gceol féin."

SCÉIM IRIS GHAEILGE CHLÓITE

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó dhreamanna ar spéis leo iris mhíosúil Ghaeilge uile-oileánda a fhoilsiú i gcomhair thréimhse Eanáir 2012 – Nollaig 2014 le cabhair airgid ó Fhoras na Gaeilge. Is féidir le hiarrthóirí tuilleadh eolais a fháil trí na sonraí na teagmhála seo thíos.

Ní mór cóip chrua d'iarratais a bheith faighte roimh 13.00 ar an Aoine, 28 Deireadh Fómhair 2011.

Foras na Gaeilge

IARRATAIS & TUILLEADH EOLAIS
Scéim Iris Ghaeilge Chlóite,
An Rannóg Pobail agus Gnó, Foras na Gaeilge,
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
T: +353 1 639 8404 R: eolas@forasnagaeilge.ie

TRÁCHTAIREACHT

Ardán: Corr-Rud Corr

Líofa 2015 : An bhfuil an tAire Ní Chulín go hiomlán cinnte go mbeidh na daltaí póilín seo go hiomlán saor ó dhualgas agus iad sna ranganna?

le Philip Cummings

D'ÉIRIGH le Carál Ní Chulín, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta sa Tuaisceart, aird mhór a tharraingt le déanaí ar a feachtas ceannródaíoch Líofa 2015.

Is beag meán cumarsáide (mo mheán príobháideach féin, an teileapaite, as an áireamh) nár mhothaigh mé tuairisciú ann maidir leis an scéim s'aici líofacht Ghaeilge a bheith ag 1,000 duine fán bhliain 2015.

Tá go breá; is iomaí beart níos amaidí a bhí ag iarshealbhóirí an aireachta sin thuaidh: rinne duine acu iarracht bac a chur ar thaispeántas ar an éabhlóid in Iarsmalann Uladh, cé go raibh a dhearcadh Néandartálach ina chruthú de shórt éigin nach raibh an teoiric sin go hiomlán críochnaithe ina chás féin.

Ach faire!

Cé gur luadh sna tuairiscí éagsúla ar an fheachtas gur chláraigh corradh agus 150 ball den PSNI leis an scéim, ní dhearnadh cíoradh ceart ar impleachtaí na fírice sin in aon cheann de na meáin. Go dtí anois.

Ná déan nós is ná bris nós, a deirtear, seanchomhairle a fhágfaidh san fhaopach múinteoirí na ranganna ar a fhreastlóidh an 150 póilín sin.

Óir is dual don mhúinteoir a bheith cuiditheach cairdiúil (ag brath ar an scoil ar ar fhreastail tú) agus is nós leis iarracht a dhéanamh deacrachtaí daltaí a réiteach.

Ach tá nós eile ann atá seanbhunaithe sa tír fosta, mar atá, gan cuidiú a thabhairt do phóilín má tá neart agat air ar chor ar bith.

Mar sin, cad é a dhéanfaidh an múinteoir bocht an chéad uair a chuirfidh duine de na daltaí póilín seo ceist air maidir le castacht éigin de chuid na Gaeilge?

Cé acu den dá nós a leanfaidh sé?

Má chloíonn sé leis an dara nós gan cuidiú a thabhairt do phóilín - go háirithe maidir lena chuid fiosrúchán - beidh sé ag briseadh an chéad nóis, beart nach bhfuil inmholta, dar lenar sinsear.

Bheadh air, fosta, comhartha rúnda éigin a chumadh lena chur in iúl don chuid eile den rang neamhaird iomlán a thabhairt ar an chomhairle bhréagach ar an séimhiú atá sé ag dul a thabhairt don phóilín, sa dóigh nach gcuirfí iadsan ar bhealach a míleasa fosta.

I dtaca leis na daltaí eile sa rang, ní mór dóibh machnamh a dhéanamh faoi na himpleachtaí slándála a bheidh ann dóibh agus póilín in aon rang leo.

Ní ag trácht ar ionsaí foréigneach ar an rang atá mé; tá na laethanta sin thart (abair an méid sin leis na heasaontaigh, le do thoil, má tá tú ag caint leis an bheirt acu).

Ach smaoinigh siar air seo bomaite: cad iad na chéad cheisteanna a mhúintear i rang Gaeilge?

Tá sé agat: cad é an t-ainm atá ort? cén aois thú? cá bhfuil tú i do chónaí? cé hiad na daoine eile i do theaghlach? cén post atá agat? cá háit ar chuir mo bhean chéile eochracha an chairr an iarraidh seo? (Bhuel, b'fhéidir chan an ceann deiridh sin, ach bheadh an freagra fóinteach.)

Agus gach dalta ar a sheacht ndícheall ag iarraidh na ceisteanna agus na freagraí a scríobh ina chóipleabhar úrnua.

Ach, faoin scéim seo, beidh póilíní i measc na ndaltaí, iad ag éisteacht leis na freagraí uilig agus cá bhfios cad iad na freagraí a bheidh siadsan ag breacadh ina leabhar nótaí (oifigiúil)?

Tá cúrsaí athraithe sa Tuaisceart, cinnte, ach níor chaill póilíní riamh a suim i bhfaisnéis a bhailiú, go háirithe ar dhream atá chomh contúirteach le seomra lán Gaeilgeoirí.

An bhfuil an tAire Ní Chulín go hiomlán cinnte go mbeidh na daltaí póilín seo go hiomlán saor ó dhualgas agus iad sna ranganna?

Nó an bhfuil an PSNI i ndiaidh deis a thapú ar dhóigh chomh cliste glic go mbeidh orainn athbhreithniú a dhéanamh ar an ocsamórón chlúiteach sin sa Bhéarla, *police intelligence*? Beidh le feiceáil.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Toghchán 1961 agus Ceist na Gaeilge

Donncha Ó hEallaithe

An tOlltoghchán a reachtáladh 50 bliain ó shin i bhfómhar na bliana 1961, bhí sé spéisiúil ar roinnt cúiseanna. Ba é an chéad toghchán é a reachtáladh gan De Valera i gceannas ar Fhianna Fáil. Ina áit ar an stiúir bhí Seán Lemass, a ceapadh ina cheannaire ar Fhianna Fáil agus ina Thaoiseach, ar thoghadh Dev ina Uachtarán sa bhliain 1959. Bhí tús curtha le borradh eacnamaíochta sa tír, a bhuíochas sin don Chéad Chlár um Fhorbairt Eacnamaíochta a chuir T.K. Whitaker le chéile le tacaíocht Lemass. Bhí caint tosaithe ar bhallraíocht sa gComhaontas Eorpach, nach raibh ach sé thír páirteach ann ag an bpointe sin.

Do lucht na Gaeilge bhí sé spéisiúil mar gurbh é an chéad toghchán é ina raibh polasaí an stáit i leith na Gaeilge á cheistniú go tréan. Ba chuid den chlár toghcháin a bhí ag Fine Gael, faoin gceannaire nua-cheapaithe James Dillon, go mba cheart deireadh a chur le Gaeilge "éigeantach" i scrúduithe an Stáit.

Ba cheist chonspóideach le fada an rialú a rinne Cumann na nGael in 1927 go mbeadh pas sa Ghaeilge riachtanach le pas a fháil sna scrúduithe stáit, an Ardteist san áireamh. "Compulsory Irish" a tugadh ar an bpolasaí seo, ar thacaigh Fine Gael leis go dtí olltoghchán 1961. Sa bhliain chéanna rinne 8,676 dalta an Ardteist, as ar theip ar 830 ach theip ar 84 díobh san mar gur theip orthu sa scrúdú Gaeilge.

Bhain Lemass le glúin na réabhlóide, ach níor léir riamh go raibh ceist na Gaeilge ag déanamh mórán imní dhó. De bharr an dúshláin ó Fhine Gael faoi "Ghaeilge éigeantach" bhí air ráiteas a eisiúint ag athdhearbhú pholasaí traidisiúnta Fhianna Fáil i leith na Gaeilge, ráiteas a foilsíodh ar an gcéad leathanach den nuachtán seachtainiúil Gaeilge INNIU an Aoine roimh an toghchán agus a thugtar ina iomlán anseo thíos.

Dála an scéil chaill Fianna Fáil ocht suíochán san olltoghchán sin agus tháinig Fine Gael ar ais le seacht dTeachta Dála breise. Mar sin féin lean Fianna Fáil i gcumhacht faoi Lemass le rialtas mionlaigh, ag brath ar roinnt Teachtaí neamhspleácha lena gcoinneáil i gcumhacht. Thóg sé dhá bhliain déag eile sara bhfuair Fine Gael lámh ar an halmadóir. Cuireadh Fianna Fáil as an rialtas sa bhliain 1973, agus mar a gealladh sa toghchán chuir an Comhrialtas, a toghadh, deireadh leis an riachtanas pas a fháil sa Ghaeilge chun go bhfaigheadh duine an tArd-Teastas, an Meán-Teastas nó an Teastas Grúpa.

INNIU 29 Meán Fómhair, 1961

Ráiteas Lemass faoin Teanga

"Tá sé ráite go beacht cheana féin gur beart místuama é ag Fine Gael ábhar tóghchánaíochta a dhéanamh de pholasaí na Gaeilge. Is maith atá a fhios acu nach bhfuil aon easaontas ann faoin ngá atá le dul ar aghaidh na Gaeilge a mheas agus athscrúdú a dhéanamh ar na modhanna chun an Ghaeilge a athbheochan agus go bhfuil Coimisiún an-leathan, comhdhéanta d'eolaithe oideachais agus de lucht gnó, ag scrúdú na ceiste le fada agus go raibh siad ar tí tuarascáil mheasta a fhoilsiú.



Seán Lemass, An Taoiseach idir 1959 agus 1966.

"Is cosúil gur tacaíocht do pholasaí cúlaithe ata Fhine Gael a iarraidh. Ní mian liom go mbeadh aon mhíthuiscint ann faoi chuspóir Fhianna Fáil. Sé ár gcuspóir an Ghaeilge a chur in usáid go coiteann i ngnáthshaol an náisiúin. Orlach nílimid toilteanach cúlú ón gcuspóir sin.

"Creidim go dian i neart tairbheach an náisiúnachais. Sé an ní is feidhmiúla i saol na hÉireann trí chéile é, sé an chumhacht tiomána a spreagann daoine le cur le chéile agus le fónamh chun leas agus dul chun cinn an náisiúin. Ní chreidim gur trí thréith ar bith dár náisiúntacht a thréigean is féidir linn an náisiún a atógáil. Ba fógra é gur teip a bhí i ndán dár gcuspóirí náisiúnta uile aon chúlú i bpolasaí na Gaeilge. Is de réir mar a bhíonn meas againn féin orainn féin, ar ár stair, ar ár dtraidisiúin, ar ár gcultúr agus ar ár dteanga a bheas meas ag muintir an domhain orainn.

"Má tá Éire le ceangal leis an gComhaontas Eorpach is tábhachtaí ná riamh go mbeimis ar ár ndícheall chun gach tréith agus gach rud fiúntach atá againne agus nach bhfuil ag daoine eile a chaomhnú agus a fhorbairt. Is tábhachtaí anois ná riamh a bheas gach uile rud a dhéanann náisiún faoi leith dínn agus is tábhachtaí fós mar chuspóir náisiúnta na rudaí faoi leith sin a fhorbairt."

Ní féidir duine maith d'fháil ar thuarastal faoi bhun €1 mhilliún

Conall Ó Móráin

Sir Frederick Anderson Goodwin - ní dóigh gur chuala mórán duine agaibh faoi ariamh ach go dtí bliain nó dhó ó shin dob é an baincéir ba mhór clú sa Ríocht Aontaithe é. Bhíodh tuarastal, roimh bhónas, ag Fred, mar sin a tugadh air, d'os cionn €1.5 milliún. Dhá bhliain sular éirigh sé as in 2009 fuair sé bónas a bhí gar do €3 mhilliún, mar sin d'fhéadfá a rá nach raibh ina thuarastal ach airgead póca.

Cuir leis seo, mar go bhfios dom is mar seo a tharlaíonn, nach dóigh go raibh ar Fred fiú lámh a chur isteach sa phóca úd ar thóir airgid mar go mbeadh a bhanc, Royal Bank of Scotland (RBS), flaithiúil agus iad ag díol as an ngnáthchaiteachas ó lá go lá a bheadh ag Fred. Bheadh carr oifigiúil aige, bheadh an cárta plaisteach i gcónaí ann gach uair go mbeadh béile le hithe sna bialanna is breátha ar domhan. Bheadh liúntas éadaí aige mar ní fhéadfadh ceannasaí ceann des na bainc is mó ar domhan bheith mínéata. Agus nuair a thaistil sé bheadh sé chun tosaigh ar an eitileán, ní dá eitilt, ach ag ligean a scíthe i suíochán den chéad ghrád. Agus ar ndóigh, mar a chonaic muid le Dominic Strauss Kahn agus é ag fanacht in óstán i Nua-Eabhrac, ní féidir fanacht i seomra a chosnaíonn faoi bhun $3,000 san oíche.

Tá 'Fred the Shred', ainm cleite a tugadh air de bharr na gciorruithe foirne a chuir sé i bhfeidhm pé áit ina raibh sé ag obair, imithe amach ar pinsean anois. Mo léan ach caithfidh sé maireachtáil ar phinsean €875,000 sa bhliain, an créatúr. Níl Fred ach 53 bliain d'aois, mar sin cheapfá nach mbeadh sé ar pinsean fós, ach ní mar sin a oibríonn saol na n-ardbhaincéirí. Tugann siad uilig aire dóibh féin ó thaobh airgeadais de ar an mbonn seo, "Má tá Fred ar mhilliún Euro, ba chóir go mbeadh mise freisin" - Comhaontú Pháirc an Chrócaigh don uas-aicme d'fhéadfá a thabhairt air!

Ó, rinne mé dearmad a rá go ndearna Fred scrios ar Royal Bank of Scotland agus é ann. Chaill sé gar do €30,000,000,000 - comhair cé mhéad náid atá ann, tríocha míle milliún Euro sa 'seanairgead' mar a deir siad, ar RBS. B'fhéidir go raibh an t-ádh le RBS go raibh duine chomh maith le Fred i gceannas orthu mar b'fhéidir go mbeadh an caillteanas níos mó fós? Thit luach scaireanna RBS 97% óna n-uasphointe tar éis 'Scrios Fheardorcha'.

An pointe leis seo ar fad ná an raiméis iomlán atá dhá casadh ag an NTMA, ag comhairleoirí an rialtais faoi na bainc agus fiú an rialtas féin go bhfuil sé soiléir fúthu sa rialtas go bhfuil siad dall. Thug AIB breis agus €2 mhilliún don phríomhfheidhmeannach deiridh a bhí acu. Rinne seisean agus a réamhtheachtaí, a bhí ar an tuarastal séidte céanna, praiseach iomlán den bhanc ba mhó sa tír. Dá chur go simplí agam, toisc go mb'fhéidir go bhfuil duine éigin sa rialtas dá léamh seo, níl aon cheangal idir tuarastal ard agus toradh dearfach. Tá Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre (ainm ait sa chomhthéacs seo) ag smaoineamh ar an srian atá ar thuarastal phríomhfheidhmeannach AIB a scaoileadh amach mar 'nach féidir leo duine den scoth d'fháil ar thuarastal €500,000'. Breathnaigh anois ar an méid a dúirt mé faoi na daoine eile i ngnó an airgid agus a gcuid tuarastal. Bhí ceannasaí an NTMA, Michael Somers, ar thuarastal €1 mhilliún. Mura bhfuil ceannasaí AIB 'ach' ar €500,000 beidh sé an-deacair ar a chomharba tuarastal den sórt sin a lorg. Féinspéis mar is gnách.

Sir Frederick 'Fred the Shred' Anderson Goodwin

Ó, rinne mé dearmad a rá go ndearna Fred scrios ar Royal Bank of Scotland agus é ann. Chaill sé gar do €30,000,000,000 - comhair cé mhéad náid atá ann, tríocha míle milliún Euro sa 'seanairgead' mar a deir siad, ar RBS. B'fhéidir go raibh an t-ádh le RBS go raibh duine chomh maith le Fred i gceannas orthu mar b'fhéidir go mbeadh an caillteanas níos mó fós? Thit luach scaireanna RBS 97% óna n-uasphointe tar éis 'Scrios Fheardorcha'.

Seo ceist. An é go mbeadh Fred the Shred níos fearr nó níos measa ag plé le hairgead an bhainc dá mbeadh tuarastal abair €5 mhilliún sa bhliain aige? An mbeadh toradh níos fearr ag geilleagar na tíre agus ag scairshealbhóirí RBS dá mbeadh dúbailt ioncaim aige. Nó an fearr a bheadh sé mura mbeadh aige ach leath a thuarastail, an fear bocht, agus an mbeadh sé tar éis níos mó aire a thabhairt do chúrsaí an bhainc agus é ag súil go bhfaigheadh sé bónas mór? Ach ar ndóigh fuair sé an bónas in ainneoin an méid airgid a bhí dá chailliúint aige mar nach raibh a fhios ag idir rialtóirí agus iniúchóirí céard a bhí ag tarlú. Ní nach cosúil le AIB, Anglo Irish Bank, Irish Nationwide srl sa tír seo.

Tá dhá mholadh agam don rialtas, don NTMA agus d'aon duine eile go bhfuil guth acu sna cúrsaí seo. An chéad cheann ná go gcaithfidh go bhfuil duine éigin ag leibhéal leas-phríomhfheidhmeannaigh a d'fhéadfadh an jab a dhéanamh go héifeachtúil agus a bheadh sásta leis an ardú céime agus b'fhéidir beagáinín breise de thuarastal. Mura bhfuil an té sin ann, cinnte is comhartha laige i mbainistíocht an bhainc atá ann agus ní gá iad a choimeád. Cuir ó dhoras ar an bpointe iad mura bhfuil siad maith go leor sula mbíonn tragóid eile againn de bharr míchumas bainistíochta.

Níos fearr fós tabhair seans do dhuine éigin atá cáilithe an banc a rith ar thuarastal, abair, €200,000. Sin dóthain dó nó di le maireachtáil air. Ach tabhair seans dóibh oiread airgid agus gur mhaith leo a thuilleamh tríd scaireanna a thabhairt dóibh sa bhanc, saor in aisce. Má dhéanann an príomhfheidhmeannach jab maith imeoidh luach na scaireanna in airde. Tabhair dóthain scaireanna dóibh go mb'fhéidir go mbeadh siad in ann €5 mhilliún a shaothrú - sin an milliún sa bhliain go ndeirtear atá ag teastáil chun iad a mhealladh. Gheobhaidh sé nó sí luach a s(h)aothair. Cuir srian amháin leis, áfach, nach féidir na scaireanna a dhíol go dtí cúig bliana tar éis don phríomhfheidhmeannach fágáil ionas go mbeadh a fhios againn roimhe sin má tá aon drochobair curtha i bhfolach acu. Agus ar ndóigh mura ndéanann siad a gcuid oibre ní bhfaighidh siad dada agus ní chosnóidh sé 'ach' milliún Euro orainn le linn na tréimhse, sábhail ceithre mhilliún Euro de réir mo chuntais?

Tá an NTMA tar éis táillí €7.8 milliún a dhíol le comhairleoirí Goldman Sachs maidir leis na bainc. Ceapaim féin gur fiú ar a laghad €1 mhilliún an chomhairle seo ó Ghaelscéal. Cuirfidh mé nóta chuig an eagarthóir sonrasc a sheoladh go dtí an NTMA ar an bpointe.

CEIST na Seachtaine

Tromlach agaibh míshásta le caighdeán na n-iarrthóirí don uachtaránacht

Le Seosamh Ó Riain

GO raibh maith agaibh ó chroí arís mar gheall ar bhur gcuid tuairimí ar cheist na seachtaine i dtaobh chaighdeán na n-iarrthóirí uilig go nuige seo sa rás don uachtaránacht.

Agus an seachtar iarrthóir roghnaithe go hoifigiúil le cúpla lá anuas don rás chuig Áras an Uachtaráin, ba thráthúil ceist na seachtaine ag an taca seo, ach go háirithe.

Is léir nach bhfuil tromlach mór léitheoirí Gaelscéal thar a bheith sásta ar chor ar bith le caighdeán na n-iarrthóirí.

Dúirt 52.9% agaibh nach bhfuil sibh sásta, ná baol air, leis na hiarrthóirí uilig.

Anuas air sin, léirigh 11.8% agaibh nach bhfuil sibh sásta ach an oiread, ach nach bhfuil aon neart air.

Agus dúirt 35.3% agaibh go bhfuil sibh sona sásta leis na daoine a chuir a n-ainmneacha chun cinn chun a bheith ar an gcéad Uachtarán eile ar an tír.

Ceist na Seachtaine seo:
An mbeidh sé d'acmhainn ag Martin McGuinness ionadaíocht a dhéanamh ar an 32 contae má thoghtar ina uachtarán ar an tír é?

- **Beidh**
- **Ní bheidh, a fhad nach bhfuil vóta ag gach Éireannach**
- **Ní bheidh, is ionann Éire agus 26 contae**
- **Ní bheidh, ní féidir le hiarbhall den IRA an ról sin a ghlacadh**
- **Níl a fhios agam**



GAELSCÉAL
Dé hAoine, 30 Meán Fómhair, 2011

Ní bhfaighidh McGuinness mo vóta

Concubhar Ó Liatháin

Bíodh meas agat air nó dímheas, is léir don dall go bhfuil iontráil iarrthóir Shinn Féin, Martin McGuinness, i dtoghchán na hUachtaránachta tar éis fíorchoimhlint a dhéanamh den chogadh bréige a bhí ar bun i gcaitheamh an tsamhraidh. Ba cheart go mbeadh na meáin buíoch de as sin, pé scéal é!

Ach nuair a fheiceann tú cinnlínte ag trácht ar '*67% say no to 'Áras Provo*' - tá a fhios agat go bhfuil sciar áirithe de mheáin Bhaile Átha Cliath agus den aos polaitiúil atá ag obair i bpáirt leo imníoch, mura bhfuil eagla a gcraicinn orthu, go mbuafaidh McGuinness an toghchán i gceann míosa.

Tá go leor fimíneachta ag baint leis na hargóintí i gcoinne McGuinness. Deir Fine Gael mar shampla nach fear cuí ná oiriúnach é le bheith ina uachtarán mar gheall ar an gceangal a bhíodh - nó atá go fóill - aige leis an IRA.

Seo an Fine Gael céanna a chuir Seán Mac Eoin chun tosaigh don Uachtaránacht faoi dhó, i 1945 agus i 1959. Dhaor na Sasanaigh Mac Eoin chun báis mar gheall ar mharú oifigigh san RIC agus níor saoradh é go dtí gur bhagair Mícheál Ó Coileáin tarraingt siar ó chainteanna faoin gConradh.

Tá daoine eile a deir gur Tuaisceartach é McGuinness agus, mar sin, nach bhfuil cead aige teacht ó dheas mar a bheadh para-shaighdiúir chun an post 'deisceartach' seo a thógaint.

An raibh an clamhsán céanna acu i leith Mháire Mhic Giolla Íosa, Feirsteach, a bheidh ag éirí as an Uachtaránacht i gceann dornán seachtainí tar éis di ceithre bliana déag a chaitheamh san Áras? Is cuimhin liom Austin Currie, iarrthóir Fhine Gael ag an am, a chur faoi agallamh i 1990 agus é ag taisteal na tíre ag lorg vótaí don Uachtaránacht, nuair nach raibh vóta aige féin sa toghchán de bhrí gur Tuaisceartach ab ea é.

Tá gach cead ag Martin McGuinness cur isteach ar thoghchán na h-Uachtaránachta, chomh fada agus a bhaineann sé liom. Comhlíonann sé na bunchritéir - tá an 35 bliain d'aois slánaithe aige agus tá ainmniúchán faighte aige ó 20 ball den Oireachtas.

Ní hé sin le rá go dtabharfainn vóta dó. Creidim gur cheart go mbeadh Éire aontaithe agus maíonn Sinn Féin agus McGuinness go háirithe go gcreideann siad sa sprioc chéanna.

Tá Sinn Féin meáite ar McGuinness a bheith san Áras agus i bhfeighil ar an gceiliúradh nuair a bheidh comóradh céad bliain an Éirí Amach ann in 2016.

Is é taifead an IRA le linn na coimhlinte agus, go háirithe, ról McGuinnness san eagras sin, a bheidh ag dó na geirbe ag eagarthóirí nuachtáin. Cheana féin tá an t-iarrthóir tar éis a rá go neamhbhalbh nach raibh lámh aige i marú duine ar bith – ach cé a chreideann é?

Tá siombalachas laidir ag baint leis an dáta sin, dar leo agus liomsa freisin.

An rud a chuireann iontas orm, áfach, nach bhfeiceann Sinn Féin gur siombalachas folamh amach agus amach a bheadh ann McGuinness a bheith ina Uachtarán in 2016 agus é ag comóradh Éirí Amach as ar eascair an náisiún críochdheighilte atá againn anois.

An lá a bheadh an comóradh solúnta á dhéanamh ar an Éirí Amach, bheadh 'an tUachtarán McGuinnness' ina sheasamh ar ardán taobh amuigh d'Ardoifig an Phoist i mBaile Átha Cliath seachas i mBéal Feirste nó Doire. Go deimhin bheadh air cead a lorg ón rialtas taisteal ó thuaidh d'aon chomóradh agus is ar éigean go bhfaigheadh sé cead ó rialtas Fhine Gael, cheapfá.

Scéal thairis an méid sin ar aon nós nó ní hé athaontú na tíre an cheist mhór a mhairfidh le linn an fheachtais go dtí go mbeidh na vótaí á gcomhaireamh - agus ina dhiaidh sin.

Is é taifead an IRA le linn na coimhlinte agus, go háirithe, ról McGuinnness san eagras sin, a bheidh ag dó na geirbe ag eagarthóirí nuachtáin. Cheana féin tá an t-iarrthóir tar éis a rá go neamhbhalbh nach raibh lámh aige i marú duine ar bith - ach cé a chreideann é?

Ní hé nach raibh pearsaí eile ina n-uachtaráin agus smál na fola ar a lámha. Ba cheannaire ar an Éirí Amach é de Valera agus bhí páirt aige i gCogadh na Saoirse agus i gCogadh na gCarad ina dhiaidh sin.

Bhí Seán T. Ó Ceallaigh freisin páirteach san Éirí Amach. Níorbh aon phicnic an tÉirí Amach. Mharaigh na daoine a bhí páirteach ann saighdiúirí Sasanacha. Dhoirt siad fuil.

An raibh ról ag McGuinness i marú Frank Hegarty, an fear a tháinig ar ais go Doire mar gheall ar gheallúint McGuinness dá chlann nach ngortófaí é? An raibh lámh aige in úsáid Patsy Gillespie chun buama a thiomáint i dtreo seicphointe de chuid Arm Shasana?

Phléasc an buama agus maraíodh Gillespie agus cúigear saighdiúirí ar an lathair. Is cinnte go bhfuil go leor ceisteanna eile ann faoi iompar McGuinness le linn ré ina raibh sé luaite go láidir le ról ceannasach san IRA.

Tá iontráil McGuinness sa toghchán seo mar iarrthóir SF tar éis taifead an IRA a chur faoi scrúdú agus is é taifead an eagrais pharaimhílitigh sin amháin a bheidh faoi scrúdú an uair seo. Ní bheidh comparáid á déanamh le fórsaí eile - na dílseoirí nó Arm na Breataine.

An dea-rúd is mó atá déanta ag SF go bhfuil an páirtí tar éis an trucaill a chur roimh an gcapall, dea-rúd nach ndeineann siad ró-mhinic, ar mhaithe le rud nach bhfuil ach cumhacht shiombalach ag baint leis a bhaint amach. Ar dtús tá gá leis an bPróiseas Fírinne agus Athmhuintearais, mar a tharla san Afraic Theas, agus ansin an ról polaitiúil.

Ní '*West Brit*' mé as ucht na ceisteanna seo a chur. Tá Sinn Féin fíorbhródúil as na hiarrachtaí athmhuintearais atá déanta ó thuaidh den teorainn - tá sé in am anois ag an bpáirtí a thabhairt faoi ndeara go bhfuil gá leis na hiarrachtaí sin a dhúbailt chun dul i dtreo athmhuintearais le pobal mór an deiscirt, na '*West Brits*' ina measc, a bhíodh ag faire le halltach ar uairibh ón taobhline le linn na coimhlinte.

Má bhuann McGuinness an toghchán, agus gach seans go mbuafaidh más aon leid an 'toghchán' ar chlár Liveline le déanaí ina bhfuair sé an vóta is mó, is bua é a chuirfidh an ghluaiseacht i dtreo Éire Aontaithe ar chúl.

Dá mhó a mheangadh gáire, is pearsa é McGuinness a chuirfidh leis an gcríochdheighilt agus an deighilt idir na treabhanna éagsúla.

Ar an mbonn sin, ní bhfaighidh sé mo vóta.

Tá an rás faoi lán seoil anois agus seo daoibh an tseachtar atá istigh ann ag iarraidh áit sa Áras a bhaint amach. Ó chlé, Gay Mitchell (FG), David Norris (Neamhspleách), Mary Davis (Neamhspleách), Seán Gallagher (Neamhspleách), Martin McGuinness (SF), Dana Rosemary Scallon (Neamhspleách) Michael D Higgins (Lucht Oibre) [PIC : SASKO LAZAROV / PHOTOCALL]

SOLaS le lonrú ar fhadhbanna

Páidí Ó Lionáird

Seirbhísí Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna nó SOLaS. Sin é an lóchrann dóchais atá ar na bacáin ag an rialtas le teacht i gcomharbacht ar an áisíneacht FÁS i ndiaidh an iliomad fadhbanna agus scannal a bhuail maorlathas na heagraíochta sin.

Bhí FÁS á rith faoi choimirce na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ach anois beidh freagracht SOLaS roinnte ar dhá roinn rialtais - an Roinn Oideachais agus an Roinn Coimirce Shóisialaigh.

Nuair a bhí 96% den daonra os cionn 18 mbliana d'aois agus faoi aois an phinsin ag obair (comhionann lánfhostaíochta) bhí FÁS fós in ann €1,000,000,000 (míle milliún euro) a chaitheamh bliain i ndiaidh bliana.

D'ainneoin go raibh na mílte printíseach faoina gcúram ag céimeanna éagsúla dá gceird, ní rabhadar in ann aire a thabhairt dóibh, a chinntiú, nuair a thit an tóin as earnáil na tógála, go bhféadfaidís a gcuid dintiúr a bhaint amach.

I gcásanna eile, cuireadh cúrsaí amach ar tairiscint go comhlachtaí agus daoine aonair le comhlíonadh, le múineadh agus le faomhadh agus i go leor cásanna, deineadh praiseach díobh. Bronnadh cáilíochtaí ar dhaoine nár fhreastail ar na cúrsaí, ní raibh cuid de na teagascóirí oilte, deineadh éagóir orthu siúd a d'fhreastail i ndáiríre agus éagóir ar an gcáiníocóir araon.

Teip iomlán ó bhun a bhí ann i ngach gné dá gcuid dualgas. É sin fad agus a bhí feidhmeannaigh ag eitilt fud fad na cruinne ag baint leasa as cártaí creidmheasa na háisíneachta. Ina measc bhí an t-iarThánaiste Mary Harney. Agus fós, fágadh daoine, formhór acu óg, i bpurgadóireacht gan cháilíocht, gan deis imeachta chun a gceird a chleachtadh i dtíortha i gcéin - an rogha is measa, b'fhéidir, ach rogha mar sin féin atá séanta orthu.

Mar fhreagairt ar an scéal, tá athbhrandáil le déanamh. Anois, ní haon saineolaí mise ar chúrsaí margaíochta agus brandála ach tá aithne agam ar dhaoine atá ina saineolaithe. Cosnaíonn a leithéid de ghníomh an t-uafás airgid. An t-uafás! Smaoinigh air - oifigí i ngach baile beag agus mór ar fud na tíre, comharthaíocht agus páipéarachas oifige, comharthaíocht na bhfeithiclí comhlachta agus mar sin de - tá tú ag caint ar na deicheanna de mhilliúin.

Agus cén toradh a bheidh ar an gcaiteachas seo?

Cá fios?

Bhíos ag tiomáint abhaile an tráthnóna faoi dheireadh agus scoth gluaisteáin ós mo chomhair amach. Gluaisteán liath a bhí ann le fuinneoga dorchaithe agus píobán astuithe chomh mór le buicéad ag gobadh amach as a chúl. D'fhéadfá buille fá thuairim a thabhairt gur fear óg, idir 19 agus 25 bliain d'aois, gan aon cháilíocht aige a bhí ag tiomáint - tá na mílte díobh sa tír agus cuid acu sa riocht ina bhfuil siad de dheasca an mhéid thuasluaite.

Martin McGuinness agus an 'C-fhocal'

Eoghan Ó Néill

Cogar. Ná habair os ard é. Ach is breá le go leor againn, Éireannaigh, críochdheighilt na tíre. Tá scair mhór againn, tromlach againn seans, nach miste dúinn a thuilleadh an líne neamhfheicthe sin ó Dhún Dealgan go Doire.

I ndiaidh 90 bliain de scaradh agus de choimhthiú is fusa glacadh le deighilt na tíre ná tabhairt faoi na roghanna deacra a bheas le déanamh lena haontú.

Cinnte le Dia ní admhóidh duine ar bith go bhfuil siad i bhfách leis an tír agus leis an phobal a choinneáil deighilte.

Ach sa tsaol atá anois ann dá mba mhian le pobal is rialtas na hÉireann an teorainn a bheith ar shiúl d'fhéadfaí an sprioc sin a bhaint amach taobh istigh de ghlúin.

Ní hiad na Sasanaigh ná na hAontachtaithe is mó atá ag coinneáil na teorann in áit na saolta seo.

Is iad pobal is rialtas na hÉireann atá ag coinneáil na teorann ann.

Ach níl siad sásta sin a admháil.

Míníonn an fhírinne shearbh sin go leor den fhuath a lean cinneadh Martin McGuinness a bheith páirteach sa rás don Áras.

Cuireann McGuinness agus a chúlra scanradh ar an bhunaíocht agus ar na meáin ó dheas.

Ach is mó a scanraíonn a chlár oibre iad ná an fear agus a stair.

Nó bíonn McGuinness de shíor ag úsáid an C-fhocail.

Críochdheighilt.

An focal nár ceadaíodh a lua, nach mór, le 40 bliain anuas sna 26 Contae.

Cuireadh cosc ar chomóradh 1916.

Coscadh amhráin reibiliúnacha.

Chuir RTÉ Alt 31 i bhfeidhm le tréan díograise.

Agus duine ar bith a labhair amach ar son an phobail náisiúnaigh sa Tuaisceart agus a gcearta, tugadh '*hush puppy Provos*' orthu.

Coscadh aon rud a mhúsclódh an cheist náisiúnta.

Shílfeá, agus an tsíocháin i réim le fada, go bhféadfadh dioscúrsa sibhialta ciallmhar a bheith againn faoin cheist anois.

Ach ní suim le craoltóirí ná iriseoirí áirithe labhairt faoi.

Ba mhaith leo labhairt faoin chogadh.

'Ná luaigh an tsíocháin' an mana atá ag go leor acu seo.

I ndiaidh don Sindo a bheith ag treascadh McGuinness ar leathanach i ndiaidh leathanaigh Dé Domhnaigh seo caite lean a gcolúnaí Ian O'Doherty don nimh san Irish Independent maidin Luain. Ar seisean, 'If my email inbox is anything to go by, then foreign terrorist Martin McGuinness has a lot of followers. And what's worrying is that they're not all mad bastards from the North. Nope, some of them are bastards from the South.'

Glactar leis sin mar chuid den 'dioscúrsa' faoin phost is tábhachtaí sa tír.

Cén t-iontas nuair atá Gay Byrne, fathach is fáidh RTÉ, ag maíomh as go raibh fuath aige riamh ar Shinn Féin agus gur bréagadóir déanta é Martin McGuinness.

Agus Fintan O'Toole ag caint faoi choireanna cogaidh.

B'fhéidir gur fhulaing na hiriseoirí seo go pearsanta mar gheall ar ghníomhartha an IRA agus go míníonn sin a bhfuath ar McGuinness. Tá mé in amhras.

Ach cuir a bhfocail siúd i gcomparáid le daoine a chaith iomlán a saoil ar an líne thosaigh sa Tuaisceart.

Tá Davy Adams, iarbhall den UDA agus colúnaí ar an Irish Times, den tuairim gur maith an rud Martin McGuinness a bheith ag dul don Áras.

Measann an tOir David Latimer ó Dhoire, séiplíneach in arm na Breataine, go bhfuil obair den scoth déanta ag McGuinness chun muinín a chothú idir Protastúnaigh is Caitlicigh sa Tuaisceart.

Dar le Alan McBride, fear ar maraíodh a bhean i mbuama na Seanchille, gur maith an rud Martin McGuinness a bheith ag dul chun cinn don Uachtaránacht. Agus an tuairim chéanna ag Mark Eakin, Protastúnach ar maraíodh a dheirfiúr, ocht mbliana d'aois, i mbuamáil an Chlódaigh in 1972.

Cad chuige a bhfuil na Protastúnaigh seo, cuid acu a d'fhulaing go millteanach ag lámha an IRA, sásta a aithint gur tábhachtaí ról Martin McGuinness anois agus feasta ná an stair a bhí aige agus é ina fhear óg, ach nach bhfuil an bhunaíocht ó dheas sásta é a aithint?

Agus naimhde Mc Guinness ó dheas ag diúltú déanamh amhlaidh?

Mar ní hé a stair a scanraíonn a naimhde ó dheas.

Is é a chlár oibre a scanraíonn iad.

An rud deireanach ba mhaith leis an bhunaíocht ó dheas ná an cheist náisiúnta a athmhúscailt.

Níor mhaith leo labhairt faoi chríochdheighilt. Ná faoi athaontú na tíre. Níl suim acu ann. Níl aon phlean acu lena dhéanamh ná fonn orthu plean a chur le chéile. Níor mhaith leo ionadaíocht sa Dáil ná vóta i dtoghchán na hUachtaránachta a thabhairt do mo mhacasamhail nó ní chreideann siad gur cuid den náisiún mé. Creideann siad in Éirinn 26 Contae. Ní chreideann siad in Éirinn 32 Contae.

Mura mbíonn ach toradh amháin ar pháirtíocht Martin McGuinness sa toghchán beidh plé, den chéad uair le mo chuimhne, ar chríochdheighilt, ar an phraghas a íocann pobal na hÉireann as agus ar an chiall atá le haontú na tíre.

Agus is comhartha na haibíochta é sin.

fostaíochta agus traenála?

Ar an gcúlfhuinneog, áfach, bhí na focail seo a leanas: "POWERED BY THE DOLE". Ní hé gur scríobadh i salachar ar an bhfuinneog an teachtaireacht seo, bhí an gluaisteán snasta ach bhí na focail seo gearrtha agus greamaithe san fhuinneog go gairmiúil agus an teachtaireacht éasca le léamh. Tá fadhb agam leis sin.

Nílim ag cur an mhilleáin ar an mboc óg seo. B'fhéidir go gceapann sé go bhfuil sé seo greannmhar agus gur ábhar magaidh atá ann bheith ag léiriú don domhan mór cé chomh fada síos an dréimire atá sé féin tar éis titim i súile na ndaoine. An é go bhfuil a chuid féinmhuiníne ídithe an oiread sin go gcaithfidh sé magadh a dhéanamh den tslí ina bhfuil Éire tar éis é a ligint síos?

Tá a fhios agam go rabhas ag scríobh an tseachtain seo caite faoin ádh atá orm le mo chuid fostaíochta. Agus tá. Ach bhí baint agam féin le cuid mhaith den ádh sin a bhaint amach. Fós féin, bhí go leor laethanta nuair nach raibh aon obair ar fáil agus ní thrasnóinn tairseach an fhoirgnimh sin ar ór na cruinne. B'fhéidir nach bhfaca mé mo dhóthain cruatain? Goilleann sé orm go bhfuil daoine amuigh ansin atá tar éis a saol a chaitheamh ag obair agus anois tá siad gan faic agus a saol bun ós cionn dá réir. Téann siad chuig FÁS/SOLaS agus míníonn a gcás dóibh.

Ar an gcúlfhuinneog, áfach, bhí na focail seo a leanas: "POWERED BY THE DOLE". Ní hé gur scríobadh i salachar ar an bhfuinneog an teachtaireacht seo, bhí an gluaisteán snasta ach bhí na focail seo gearrtha agus greamaithe san fhuinneog go gairmiúil agus an teachtaireacht éasca le léamh. Tá fadhb agam leis sin.

Socraíonn siad ar thriail a bhaint as ceann de na comhlachtaí atá ag tairiscint intéirneachtaí dóibh siúd ar mhaith leo eispéiris nua chomh maith le beagán airgid. Faigheann siad €50 sa bhreis gach seachtain mar bhreis luacha ar an obair seo. In áit taithí cheart, fhiúntach a thabhairt dóibh, cuirtear ag líonadh boscaí iad agus ní fhoghlaimíonn siad faic.

De réir na bhfigiúirí is déanaí atá ar fáil, tá teip iomlan ar an sceim €20m seo breis agus 2,300 'folúntas' a líonadh sna comhlachtaí seo. Tá cúiseanna an-mhaith leis seo. Feictear dom nach bhfuil aon ní fiúntach le foghlaim i gcuid mhór de na 'postanna' atá á dtairiscint ag na comhlachtaí seo: grúmaeir madraí – tá scil luachmhar i gceist leis an 'gceird' áirithe sin ach sciomarthóir gluaisteán (car valet)?

B'fhéidir go bhfuil na pobalbhreitheanna fós ag cur an rialtais seo agus an Taoisigh i bhfad chun tosaigh agus ní féidir a shéanadh go bhfuil obair na gcapall déanta acu maidir lenár bhfiachas idirnáisiúnta. Ní mór dóibh anois aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna inmheánacha na hÉireann, ag tosnú le fostaíocht agus traenáil i measc na n-óg agus b'fhéidir gur féidir leis an mboc óg greannmhar a chuid fuinnimh a chur chun tairbhe arís. É sin nó caillfimid glúin iomlán ón tír.

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Tá an rás faoi lán seoil anois...

ANOIS, tá seachtar sa rás chun uachtaránacht na hÉireann a bhaint amach dóibh féin.

Tá go leor ag gearán faoin phróiseas ainmniúcháin ach, i ndeireadh na dála, fuair gach duine a bhí ag iarraidh ainmniúcháin a ndeis agus anois is ceist í do na hÉireannaigh siúd a bhfuil vóta acu.

Ní ceist do na páirtithe polaitiúla, do na meáin, do na colúnaithe, do na heagarthóirí ná don bhunaíocht í ach do na vótóirí.

Tá duine de gach cineál ann, ní féidir a mhaíomh nach bhfuil rogha ann. Cuireann an éagsúlacht seo leis an daonlathas.

Tá rud éigin difriúil faoin toghchán seo, tá conspóid le fáil ann nach raibh riamh i dtoghchán uachtaránachta, a bhuíochas ar David Norris agus ar Martin McGuinness go háirithe.

Ach is maith an rud é sin agus cuirfidh sé le hathnuachan na tíre. Beidh aithne níos fearr ag muintir an stáit orthu féin mar gheall ar an toghchán seo agus caithfidh sé gur rud maith é sin.

Tá sé dul a bheith 'salach' go cinnte, beidh dian-cheisteanna á gcur ach tá sé sin mar chuid den daonlathas.

Ar ndóigh, cuirfear ceisteanna ar Norris agus ar McGuinness go háirithe agus caithfidh siad féin glacadh leis sin.

Ceist na Gaeilge

Ná déanaimis aon leithscéal as, glacaimis an deis chun ceist na Gaeilge a chur chun tosaigh mar sin gnách.

Cinnte, is iomaí ceist thábhachtach amuigh ansin ach mar Uachtarán, ba cheart don té a bhainfeas an toghchán ról dearfach a imirt maidir leis an teanga.

Bhí tionchar iontach dearfach ag Máire Mhic Ghiolla Íosa ar cheist na Gaeilge agus tá sí le moladh go hard na spéire mar gheall air sin.

Níl Gaeilge ach ag duine amháin acu - Micheal D. Higgins - agus níl suíomh dátheangach ach ag duine amháin acu - Martin McGuinness. Is léiriú é seo ar stádas na Gaeilge in Éirinn inniu, láidrithe go mór i measc chosmhuintir na tíre ach íslithe go mór i measc na bunaíochta.

Mar sin féin, ní raibh Gaeilge ag Máire Mhic Ghiolla Íosa sular toghadh í, ach gheall sí go bhfoghlaimeodh sí an Ghaeilge agus b'shin go díreach a rinne sí, ní amháin sin ach ba mhinic a bhain sí úsáid aisti, maith thú a Mháire, gníomh 'uachtaránachta' ba ea é sin amach is amach. Táthar ag súil nárbh í an t-uachtarán deireanach le Gaeilge ar an tír seo í.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

Litir Oscailte Chuig Scríbhneoirí Gaeilge

A chairde

Táimid ag impí oraibh diúltú d'aon choimisiún a ofrálfar daoibh i mbliana faoi Scéim na gCoimisiún 2011 ar na fáthanna seo a leanas:

1. mar is eol daoibh, tugadh isteach riail nua i mbliana a thug ar gach foilsitheoir gan ach 4 iarratas a chomhshíniú agus na 4 iarratas sin a chur in ord tosaíochta;
2. dícháilíodh iarratais s'againne ar an scéim mar nach raibh Coiscéim sásta cloí leis an riail nua;
3. táimid ag tacú le cinneadh an fhoilsitheora mar go bhfuil an éifeacht seo leis an riail nua: tugann sé ar fhoilsitheoirí dualgas Fhoras na Gaeilge a dhéanamh ar a son, .i. caighdeán litríochta na n-iarratas a mheas;
4. cuirfear brú ar Fhoras na Gaeilge an Scéim a reáchtáil i gceart má dhiúltaíonn gach scríbhneoir Gaeilge coimisiún a ghlacadh i mbliana.

Mar eolas breise, is mar scéim do scríbhneoirí atá Scéim na gCoimisiún sainithe agus táimid den tuairim nach ceart go mbeidh baint ag foilsitheoir le hiarratas a dhéanamh ar an scéim; ba cheart go mbeadh an scéim oscailte do gach scríbhneoir Gaeilge. Táimid uilig dána go leor le dul i dteagmháil le foilsitheoir más amhlaidh go n-éiríonn linn coimisiún a fháil faoin scéim.

Mar eolas eile breise, ní thagann an t-airgead don Scéim ó bhunmhaoiniú Fhoras na Gaeilge ón Fhoras Teanga: airgead imfhálaithe atá ann a thagann go díreach ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Más amhlaidh nach bhfuil d'acmhainn i bhForas na Gaeilge cinntí maidir le caighdeán litríochta a dhéanamh, ba cheart don Aire Jimmy Deenihan TD smaoineamh faoin airgead imfhálaithe seo a bhronnadh ar eagraíocht éigin eile a bhfuil d'acmhainn inti na cinntí sin a dhéanamh.

Tá tábhacht nach beag le bhur bhfreagra ar an litir seo. Cinnte, beidh sibh ag diúltú d'airgead. Ach tá rudaí ann, fiú ar an saol seo, is tábhachtaí ná euro is cent.

Le meas
Sínithe:
Philip Cummings
Proinsias Mac a'Bhaird
Andrias Ó Cathasaigh
Aodh Ó Domhnaill
Pádraig Ó Baoighill

Míshástacht le Cúrsaí Litríochta agus an Foras

A Chara,

I dtaca leis an anailís a bhí ag Aindrias Ó Cathasaigh ar "Díchoimisiúnú na gCoimisiún" i nGaelscéal 23-9-2011 chan é amháin go raibh mí shásamh agus fearg orm nó mheas mé go raibh sé scannalach go raibh prácás den chineál seo déanta do litríocht na Gaeilge.

Mar scríbhneoir lánaimseartha Gaeilge le beagnach fiche bliain, aontaím leis an méid atá ráite ag Ó Cathasaigh agus sílim gur cheart do scríbhneoirí na Gaeilge atá bascaithe ag an chinneadh gan chéile seo iarracht a dhéanamh a chur in iúil don Roinn Ealaín, Oidhreachta agus Gaeltachta gur chóir rud nó dhá rud a dhéanamh le seans a thabhairt don scríbhneoireacht forbairt.

(a) Athrach a dhéanamh i bhFeidhmeannas an Fhorais a chuirfeadh duine d'ard chaighdeán le scileanna aitheanta margaíocht i mbun chúrsaí litríochta agus Á.I.S.

nó

(b) Cúraimí litríocht na Gaeilge a aistriú ó Fhoras na Gaeilge ar fad go dtí eagras Gaeilge eile mar Údarás na Gaeltachta nó Ealaín na Gaeltachta Teo a bhfuil dualgas na n-ealaín sa Ghaeltacht orthu. Ó thaobh an údair seo dó bhí siadsan níos cúirtéisí agus níos eolaisí ná mar a bhí An Fhoras go háirid ó aistriú Bord na Leabhar Gaeilge ó Rath Cairn go Baile Átha Cliath. Tá sé beagnach trí bliana ó bhí cruinniú agam le Príomh-Fheidhmeannach an Fhorais agus go múinte macánta mhínigh mé dó cuid de na deacrachtaí a bhí againn mar scríbhneoirí agus mhol mé dó Bainisteoir Margaíochta a cheapadh do Á.I.S. Ní dhearn sé aon rud faoi nó níor fhreagra sé litir thábhachtach dar liom a chuir mé chuige go gearr ina dhiaidh sin. Ní tháinig chugam le cúpla bliain ach diúltaithe agus foirmeacha iarratais seafóideacha le moll leathanach nach bhfuil ciall ná réasún leo.

Tá clamhsáin fá ghnéithe don ábhar seo ag scríbhneoirí agus foilsitheoirí sa nuachtán seo ó 29.10.2010, litir agam féin san áireamh. Is mór an cur amú ama é agus is bocht an scéal é go bhfuil orainn a leithéid a dhéanamh. Cá bhfuil an spreagadh a bhí i gceist a thabhairt do scríbhneoireacht na Gaeilge? Is cosúil go bhfuil rialacha níos tábhachtaigh le coimisiúin a bhascadh. Cé an Feidhmeannach in ainm Dé a leag síos riail (le 750 a thabhairt ar leabhar) is cuma cén seort leabhar atá ann? Nach bhfuil sé in am agus Comóradh na Cásca 1916 i ngar dúinn díriú ar spreagadh mar is ceart a thabhairt do scríbhneoirí agus foilsitheoirí na Gaeilge. Tá siad ann sean agus óg ach caithfear cuidiú a fháil.

Pádraig Ó Baoighill
Muineachán

"Certificate of Irish Heritage"

A Eagarthóir, a chara,

Bronnadh an chéad "Certificate of Irish Heritage" an tseachtain seo, ar fear dóiteáin, nó ar chlann s'aige i Nua Eabhrac. Fógraíodh an coincheap seo ag Mícheal Ó Mairtín níos luaithe i mbliana.

Beidh na teastais ar fáil i mBéarla, i nGaeilge agus i Spáinnis. Ach nach seo seans maith ár dteanga, ár gcultúr agus ár n-oidhreacht a thaispeáint ar fud an domhain?

Nach mbeadh sé simplí go leor an teastas a chur ar fáil i nGaeilge AGUS teanga ar bith eile ina diaidh sin. An bhfuil an Rialtas seo i ndáiríre agus an freagracht orthu " Straitéis 20 Bliain" a chur chun cinn? Ma theipeann orthu i rudaí chomh simplí le seo an féidir linn creidiúint ar bith a thabhairt leo ag dul ar aghaidh??

Le meas Gerry Sóna
Bun a' Phobail
Dún na nGall

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Cás Cúirte Florida buaite ag dream as Conamara

Máirtín Ó Catháin

TÁ an lámh in uachtar faighte ag dream gnó, arb as Conamara an chuid is mo acu, i gcás mór cúirte a bhain le scéim 100 arásán a bhí le tógáil in Orlando in Florida. D'éirigh leo ordú a fháil i gCúirt Uachtarach an Stáit a thabharfaidh cead dóibh seilbh a fháil ar thalamh agus maoin atá ag fear gnó darb ainm Shamarand Maharaj. Chuir dream Chonamara agus a gcomhghleacaithe $15m i gciste forbartha a bhí le láimhsiú ag Maharaj in Florida sé bliana ó shin ach ní dheachaigh an obair ar aghaidh in Orlando. Thosaigh an dream gnó a bhí faoi scáth an chomhlachta Green Gables cúis dlí in 2009 leis an airgead a fháil ar ais. Tá an cás buaite acu anois ach d'fhéadfadh sé fós go mbeadh fanacht orthu sula bhfaigheann siad an t-airgead ar ais.

Kevin Barry, cuntasóir as an gClochán, agus Declan Maher, bainisteoir Bhainc-Aontas Éireann sa gClochán, a rinne eagrúchán ar an infheistíocht i Meiriceá. Ina measc siúd a bhí bainteach leis bhí Josie Conneely, iar-Chomhairleoir Contae de chuid Fhianna Fáil i gConamara, Joseph Glynn a bhí ina chónaí i gConamara san am, Imelda Conneely as Baile Ac' Conghaile, Brian Hughes, fear óstáin as an gClochán, Patrick Walzer, feidhmeannach bainc i nGaillimh, Éamon Barrett, iar-Mhéara de chuid pháirtí Fhine Gael ar Chomhairle Baile Bhun Dobhráin, Canice Nicholas atá ina chogaslannaí i nDún na nGall agus John Cusach, nach maireann, fear gnó as Contae na Mídhe. Ba é John Cusack ba mhó a chuir airgead sa scéim - $7.5m. Bhí suimeanna éagsúla ag an dream eile ann; mar shampla bhí $1.5m. curtha ag Josie Conneely sa gciste.

Chosnódh an scéim árasán $60m uilig. Bhí na hárasáin le tógáil gar do Disneyland agus bhí tuairisc ag an dream a rinne an infheistíocht i gConamara agus in Éirinn go mbeadh 7% sochair, ar a laghad, ar na hárasáin ach a mbeidís tógtha agus ligthe amach.

Ach nuair nach raibh aon dul chun cinn dá dhéanamh bhuail imní na hinfheisteoirí ar an taobh seo den Atlantach. Ansin tháinig scéalta chun cinn go raibh droch-cháil ar Maharaj de bharr imeachtaí eile gnó i Meiriceá. Sa deireadh chuaigh dream Chonamara agus na hÉireann chun cúirte. Tuigtear gur chosain an dlí na céadta míle dollar. De réir na dtuairiscí anois níl cúrsaí gnó go maith ag Sham Maharaj ach tuigtear go bhfuil píosa mór talúna gar do Disneyland ar cheann de na hacmhainní a bhfuil dream Chonamara agus na hÉireann ag fiach air de bharr an tsocraithe cúirte. Cé go bhfuil cúrsaí tógála agus maoine lag sa stát faoi láthair tá infheisteoirí na hÉireann ag súil go méadóidh a luach sin de réir a chéile agus go bhfaighfear an t-airgead a chuaigh anonn ar ais lá níos faide anonn.

Maigh Eo

Ceardaíocht i mBéal an Mhuirthead

Áine Ní Chuaig

AR mhaith leat a bheith cruthaitheach an fómhar seo? Má thaitníonn sé leat a bheith ag péinteáil, tionólfar ranganna ealaíne agus ceardaíochta gach Céadaoin 7.30-9.30in i Siopa/Dánlann Ealaíne Shinéad ar Shráid na Beairice i mBéal an Mhuirthead. Cuirfear píosa ealaíne amháin i gcrích, chomh maith le trí phíosa ceardaíochta le linn mhí Dheireadh Fómhair agus na Samhna. €120 an costas atá ar an tsraith ocht seachtaine agus tá an t-ábhar san áireamh. Má thaitníonn leat a bheith ag péintéireacht, is féidir bualadh isteach sa Dánlann am ar bith 11.00rn - 6.00in, Máirt go hAoine ar tháille €60 sa mhí. Níl ábhar san áireamh ach is féidir earraí a fhágáil san ionad go dtí go dtiocfaidh tú ar ais an chéad uair eile. Tá líon na n-áiteanna teoranta, mar sin ní mór spás a chur in áirithe le Sinéad Gaughan 086 8173639 / sineaderris@hotmail.com

Ba mhaith le lucht eagraithe na siúlóide Voices for Galway a reáchtáladh ar an 28 Lúnasa as Séipéal Leitir Móir go Casla buíochas ó chroí a ghlacadh le chuile dhuine a chuaigh ag siúl, a thug urraíocht don imeacht, a thug cúnamh ar an lá agus leo siúd a sheol síntiús isteach. Bailíodh €5,500, a rachaidh chun tairbhe Voices for Galway, a chuireann seirbhísí teiripe urlabhra ar fáil do ghasúir a bhfuil Down Syndrome orthu.

Liatroim

Splódar ag léiriú dráma le Friel

Áine Ní Chuaig

TÁ Splódar, an compántas drámaíochta cónaithe in Ionad na nGleannta, Cluainín, Co. Liatroma, ag tabhairt faoi léiriú nua de chuid Brian Friel go luath. Tosóidh camchuairt den dráma 'Buaiteoirí' (Winners) ar an 27 Deireadh Fómhair agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí 10 Samhain.

Is iad Neasa Ní Chuanaigh agus Iorras Ó Gallachóir atá ag glacadh na bpríomhpháirteanna sa dráma atá maoinithe ag Foras na Gaeilge. Tá Proinnsíos Ó Duigneáin i mbun stiúradh agus tá ceol nua-chumtha ag Ailie Blunnie don léiriú.

Tá an compántas ar an bhfód ó 1995 agus tá sé mar sprioc acu drámaí d'ardchaighdeán Gaeilge agus Béarla a léiriú. Tugadh Splódar mar ainm ar an gcompántas in 2007 le béim a chur ar an bpolasaí Gaeilge atá ag an ngrúpa. Go dtí seo, tá roinnt léiriúcháin Ghaeilge rathúla curtha chun stáitse acu, ina measc Damhsa ag Lughnasa, Sadhbh agus Glantacháin Earraigh le Máirtín Ó Cadhain. Chomh maith le hIonad na nGleannta, léireofar 'Buaiteoirí' in Amharclann Axis, Baile Mhunna agus in Áras Chrónáin, Cluain Dolcáin i mBaile Átha Cliath; An Chultúrlann, Béal Feirste; Garage, Muineachán; Cill Airne (an tOireachtas); Seanscoil Sailearna, Conamara; agus Dún Uladh, an Ómaigh. Gach eolas le fáil ó 087-2109060 nó www.splodar.com

Comhghairdeas le Mícheál Mac Mathúna as Baile Átha Cliath a bhuaigh cóip den albam SÓLÁS le Caitríona Ní Cheannabháin. Freagra na ceiste: Aird Thoir, Carna.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 30 Meán Fómhair, 2011

Gaillimh

Ómós do Sheán 'ac Dhonncha

Áine Ní Chuaig

DÉANFAR ceiliúradh ar dhuine de mhórlaochra an tsean-nóis in Áth Eascrach, Oirthear na Gaillimhe an deireadh seachtaine seo. Baileoidh clann agus cairde Sheáin 'ac Dhonncha le chéile chun ómós a thabhairt don Mháistir, a bhásaigh cúig bliana déag ó shin.

Cuirfear tús le himeachtaí le seoladh oifigiúil ag 4.00in tráthnóna amárach. Thar an deireadh seachtaine, reáchtálfar seisiúin cheoil agus amhránaíochta ins na tithe ósta áitiúla, taispeánfar scannán a craoladh ar RTÉ agus TG4 roimhe seo, agus beidh sraith grianghraf ar taispeáint. Ar an Domhnach déanfar comóradh ag an uaigh tar éis an Aifrinn, nuair a labhróidh Meaití Jó Shéamuis Ó Fátharta faoi shaol Sheáin agus leagfar bláthfhleasc ar an uaigh.

Rugadh Seán 'Ac Dhonncha, Johnny Joe Pheaitsín, san Aird Thiar i gCarna, Conamara ar an 2 Deireadh Fómhair 1919. Aon duine dhéag a bhí sa chlann agus ba óna mhuintir a fuair Seán a ghrá don amhránaíocht agus ceol. Rugadh an t-amhránaí Seosamh Ó hÉanaí coicís ina dhiaidh agus bhíodar sa rang céanna ag an scoil. D'fhanadar ina ndlúthchairde ar feadh a saoil.

D'éirigh le Seán scoláireacht a fháil chuig Coláiste Éinde agus fuair sé áit i gColáiste Oiliúna Naomh Pádraig i nDroim Conrach ina dhiaidh sin, áit ar cháiligh sé mar mhúinteoir bunscoile in 1940. Chuir sé lena stór amhrán le linn na tréimhse sin tríd staidéar a dhéanamh ar amhráin Chonallacha agus ar amhráin na



Déanfar ceiliúradh ar an amhránaí sean-nóis Seán 'ac Dhonncha (1919-1996) in Áth Eascrach, Béal Átha na Sluaighe ag an deireadh seachtaine.

Mumhan. Chaith Seán seal ag múineadh i dtosach báire sa Longfort sular aistrigh sé go dtí an Cabhán. Is ansin a casadh Bríd Ní Eidhin air, múinteoir scoile ó Ghort an Iomaire in oirthear na Gaillimhe. Phós siad in 1956 agus bhí cúigear clainne acu. D'aistrigh siad go hÁth Eascrach in 1959 agus chaith Seán cúig bliana fichead mar Phríomhoide sa Scoil Náisiúnta ansin, go dtí gur éirigh sé as a phost in 1984. Tá cáil ar Sheán mar dhuine de na hamhránaithe traidisiúnta is fearr a bhí riamh in Éirinn. B'fhear ildánach é a raibh réimse forleathan d'amhráin sean-nóis Ghaeilge agus bailéid thraidisiúnta Bhéarla aige. Bhí sé ar an gcéad duine a rinne taifeadadh ar cheirnín 78rpm le Gael Linn in 1957. Rinne sé sé thaifeadadh eile leo agus tá siad seo le fáil anois sa chnuasach 'Seoltaí Séide'. Ghlac sé páirt i gcláir theilifíse agus roinn sé an stáitse go minic lena sheanchairde Séamus Ennis, Willie Clancy agus Éinniú.

Sa bhliain 1971, d'eisigh Ceirníní Claddagh An Aill Bháin (The White Rock): Songs in Irish and English from Connemara. Bhí Seán ag teannadh ar dheich mbliana agus trí scór nuair a d'eisigh Cló Iar-Chonnachta 'An Spailpín Fánach' in 1987. Bronnadh Gradam Shean-Nós Cois Life air go gairid sular imigh sé ar shlí na fírinne ar an 14 Nollaig 1996.

Imeachtaí Chonnacht

Féile Damhsa Seite & Ceoil Thradisiúnta, Oileán Inis Bó Finne, Co. na Gaillimhe. 1-2 Deireadh Fómhair. Eolas: 087-2461304

Seimineár chun ceist na Gaeilge a phlé in Óstán Menlo Park i gCathair na Gaillimhe inniu ag tosú ag 10rn.

Lúnasa ag seinm i Monroe's Live, Gaillimh ar an Luan 3 Deireadh Fómhair @ 9.00in. Ticéid: monroeslivevenue@gmail.com

Féile Snagcheoil na Gaillimhe, 30 Meán Fómhair - 2 Deireadh Fómhair. www.galwayjazzfest.com

Siúlóid i gceantar an Mháma, Conamara ar mhaithe le MADRA. Domhnach 2 Deireadh Fómhair @ 1.00in. www.madra.ie

Suirbhé Ghaillimh Le Gaeilge

Áine Ní Chuaig

TÁ suirbhé ar siúl ag Gaillimh le Gaeilge faoi láthair mar chuid den taighde iomlán a shonróidh staid theangeolaíoch chomhaimseartha na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe, ionas go mbeifear in ann tacú le cás na Gaillimhe le stádas oifigiúil dátheangach a bhaint amach don chathair.

Tá Gaillimh le Gaeilge thar a bheith sásta gur éirigh chomh maith go dtí seo leis an suirbhé atá acu ar líne chun stádas reatha na Gaeilge sa chathair a dhearbhú. Is é an comhlacht taighde neamhspleách Edgecast Media Ltd. atá ag déanamh an tsuirbhé seo thar a gceann agus beidh siad ag tabhairt cuairte ar na hionaid siopadóireachta ar fad mórthimpeall Chathair na Gaillimhe an deireadh seachtaine seo. Má bhíonn tú sa chathair, buail isteach ar an ionad siopadóireachta áitiúil agus beidh deis agat an suirbhé a líonadh ansin.

Tá cóipeanna den suirbhé le fáil in oifigí Ghaillimh le Gaeilge, Teach Uí Chiaruáin, Sráid Thobar an Iarla, Gaillimh. Fón (091) 568876 eolas@gleg.ie. Is féidir cuairt a thabhairt ar an nasc https://www.surveymonkey.com/s/Q9T3VHD nó cuairt a thabhairt ar www.gleg.ie chun an ceistneoir a chomhlánú.

Bunaíodh Gaillimh le Gaeilge i 1987 chun an Ghaeilge a chur chun cinn i gceantar na Gaillimhe, go háirithe mar acmhainn eacnamaíoch chun an Ghaeilge a chur chun cinn ionas go mbeidh an Ghaeilge á húsáid mar ghnáththeanga sa chathair. Oibríonn an comhlacht i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Cumann Tráchtála na Gaillimhe agus grúpaí eile chun íomhá Ghaeilge na Cathrach a fhorbairt agus a threisiú.

Reáchtálfar siúlóid i gceantar an Mháma i gConamara ar an Domhnach 2 Deireadh Fómhair ag 1.00in, ar mhaithe le hairgead a bhailiú don charthanacht MADRA. Tá fáilte mhór roimh chlainnte agus a gcuid gadhar. Is féidir clárú agus tuilleadh eolais a fháil ar an suíomh: www.madra.ie

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Baile Átha Cliath

Na Píobairí Uilleann

Áine Ní Chuaig

TIONÓLFAR ceolchoirm mhór bhliantiúil Na Píobairí Uilleann i Halla na Saoirse san ardchathair ar an Domhnach beag seo, 2 Deireadh Fómhair ag 8.00in. Beidh píobairí den scoth ag glacadh páirt in 'ACE AND DUECE OF PIPING' ina measc Kevin Rowsome, Denis Brooks, Mick O'Brien, Joe McKenna agus Leo Rickard. Beidh aíonna eile ar stáitse freisin ar an oíche - Noel Hill, Tony Linnane, Alec Finn, Mary Bergin, Antoinette McKenna, an veidhleadóir Paddy Cronin atá anois ins na hochtóidí agus an giotáraí Paul de Grae. Is é an tamhránaí, scríbhneoir agus ceoltóir Con 'Fada' Ó Drisceoil ó Chorcaigh a bheidh mar fhear an tigh don ócáid.

Bunaíodh na Píobairí Uilleann i 1968 nuair a bhí déantús na huirlise ag dul i léig. Ba bheag duine a bhí ag píobaireacht in Éirinn ins na seascaidí, gan trácht air dhéantús na huirlise. Ba phíobairí a tháinig le chéile chun an cumann a bhunú ionas nach ngeobhadh an cheird bás. Mar thoradh ar an obair tháb-hachtach atá ar bun ag NPU le hos cionn dhá scór bliain, tá garr de leath chéad déantóir timpeall na cruinne ag plé leis an cheird, agus go leor acu siúd ag déanamh píopaí go proifisiúnta.

"Tá os cionn 80 ag freastal ar na ranganna anseo i Sráid Henrietta", a d'inis Gerry Lyons, Riarthóir Na Píobairí Uilleann do Gaelscéal. "Tá go leor eile ag freastal ar ranganna timpeall na tíre agus ar fud an domhain, meascán de chuile aois. An aidhm atá againn ná an phíobaireacht a chur chun cinn agus is taobh amuigh d'Éirinn atá leath dár mbaill. Ach déanann muid iarracht ardán a thabhairt den teanga don mhéid is féidir linn, mar shampla 'Pipe Up / Lán Píbe' an acmhainn scoile is deirnaí atá eisithe againn atá ar fáil trí Ghaeilge agus Béarla."

Is acmhainn cheol dúchais Éireann i gcruth DVD-ROM is ea Pipe Up/ Lán Píbe. Tá sé mar aidhm ag NPU an bhearna eolais a théann le gléasanna cheol dúchais na hÉire-

ann a líonadh agus leas a bhaint as an teicneolaíocht faisnéise is nua. Mínítear na cineálacha éagsúla foinn agus tugtar deis iad a fhoghlaim trí áis teagaisc nuálach don fheadóg stáin. €20 an costas ar an DVD-ROM agus is féidir é a cheannach go díreach ó NPU.

Tá ticéid don cheolchoirm mhór ar an Domhnach €25/€20 ar fáil ó Halla na Saoirse (01) 8721122 www.centralticketbureau.com nó ó NPU (01) 8730093 www.pipers.ie. Buíochas le NPU a bhronn dhá thicéad orainn don cheolchoirm. Comhghairdeas le Pádraig Drew as B.Á.C. a bhuaigh na ticéid sa chomórtas a reáchtáil muid ar ár leathanach facebook.

Ceiliúradh 32 bliain ar Éigse Chluain Tarbh

Katie McGreal

TÁ ceiliúradh á dhéanamh ag Éigse Chluain Tarbh ar 32 bliain dóibh a bheith ar an bhfód. Beidh imeachtaí éagsúla ar siúl ón Domhnach seo, 2 Deireadh Fómhair go dtí an Domhnach seo chugainn, 9 Deireadh Fómhair.

Cuirfear tús leis na himeachtaí ag 11.30rn le cluiche peile i bPáirc Naomh Áine agus ag an am céanna, beidh Caifé le Gaeilge i mBialann Tilly ar Bhóthar San Gabrial.

Ar an Luan, beidh tráth na gceist ar siúl do dhéagóirí ag 8in agus beidh meánchúrsa Gaeilge ar siúl do dhaoine fásta ag 8.30in in Áras Chluain Tarbh CLG. Cuirfear an bunchúrsa ar siúl an lá i ndiaidh ag 7.30in agus beidh ardchúrsa ar siúl ag 8.45in san áit chéanna.

Ag 8.30in ar an Máirt in Áras San Gabrial, beidh Máire Uí Mhurchú ag múineadh rang rincí seit do dhaoine óga agus fásta. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó 087 6296644.

Maidin Dé Céadaoin ag 10.45rn, beidh an Grúpa Caidrimh Gaeilge ag teacht le chéile. Is grúpa é seo a bhuaileann le chéile chun Gaeilge a labhairt agus a chleachtadh lena chéile. Tá fáilte roimh gach duine a bhfuil Gaeilge líofa acu nó atá ag foghlaim na teanga.

Ar an Déardaoin beidh Siompóisiam na hÉigse ar siúl ag 8in. Beidh roinnt aoichainteoirí ann: Donnchadh Mac an Ghoill, drámadóir agus scríbhneoir, Niall Mac Coitir, údar agus feidhmeannach rialtais áitiúil, mar aon le cainteoirí eile. Labhrófar faoi 'Gairmeacha le Gaeilge'.

Eagróidh Máire Mhic Aogáin ranganna ceoil maidin Dé Sathairn ag 9in i gClasach, Comhaltas Ceoltóirí Éireann i gCraobh Chluain Tarbh ar Bhóthar Alf Ó Broin do dhaoine óga den chuid is mó ach tá fáilte ríomh chách.

Críochnófar an tseachtain ar an mbealach a chuirfear tús léi, le cluiche peile agus Caifé le Gaeilge ar an Domhnach seo chugainn.

Iarrachtaí loiscneoir úrnua i gContae na Mí a mhéadú cáinte

Colm Ó Broin

TÁ cáineadh déanta ag grúpa comhshaoil ar phleananna oibríochtaí ag loiscneoir úrnua i gContae na Mí a mhéadú.

Thosaigh loiscneoir Indaver i mBaile Chearráin ag dó dramhaíola an tseachtain seo caite ach tá an comhlacht ag lorg ceadúnais chun an méid dramhaíola a dhóitear a mhéadú cheana féin.

Tá Indaver ag lorg ceadúnais chun dramhaíl nimhneach 'éadrom' a dhó chomh maith.

Ba é an tástáil a rinne an comhlacht Beilgeach an tseachtain seo caite an chéad uair gur dódh drámhaíl i loiscneoir in Éirinn.

Throid grúpa áitiúil, an No to *Incineration Alliance (NIA)*, in éadan phleananna Indaver ar feadh 12 bliain.

Dúirt Pat O'Brien ón ngrúpa nach bhfuil iontas ar bith orthu go bhfuil Indaver ag iarraidh tuilleadh dramhaíola a dhó.

"Bhí imní orainn go ndéanfadh siad iarracht an méid dramhaíola a loisctear a mhéadú chomh luath is a thosaigh an gléasra ag obair," ar seisean.

"Dúirt Indaver ag cruinnithe agus éisteachtaí áirithe sula bhfuair siad cead pleanála gur dramhaíl tí a bheadh á dó sa loiscneoir agus nach mbeadh dramhaíl nimhneach á cóiriú, ach tá an port athraithe anois.

"Ligeadh an eilifint isteach sa seomra agus tá sé deacair srian a chur air anois," ar seisean.

Tá Indaver ag réiteach iarratas pleanála chun an méid dramhaíola a dhóitear i mBaile Chearráin a mhéadú 10% go 220,000 tonna in aghaidh na bliana agus uaireanta oibre an loiscneora a mhéadú go 24 uair an chloig in aghaidh an lae.

Dúirt O'Brien go mbeadh ar Indaver cead pleanála agus ceadúnas nua a fháil ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun oibríochtaí an loiscneora a athrú agus go mbeadh deis ag daoine áitiúla cur in éadan na moltaí. Tá imní ar an NIA faoi na hastúcháin a thiocfaidh ón loiscneoir agus an méid a tharlóidh don luaithreach nimhneach a fhágtar nuair a dhóitear dramhaíl tí.

De réir an NIA beidh thart ar 70,000 tonna de luaithreach nimhneach fágtha má dhóitear 200,000 tonna dramhaíola sa loiscneoir.

Dar le Indaver áfach beidh roinnt den luaithreach seo neamh-nimhneach. Tá siad ag lorg ceadúnais ó Chomhairle Contae Lú chun an luaithreach seo a chur i líonadh talún i nDún Léire, ach tá daoine sa cheantar ag gearán faoin bplean seo chomh maith.

Tá sé beartaithe an luaithreach nimhneach ón loiscneoir a onnmhairiú. Ní raibh urlabhraí ó Indaver ar fáil le labhairt faoin scéal.

Gaeilge á mealladh i dTeach Laighean

Katie McGreal

THUG Conradh na Gaeilge deis do pholaiteoirí agus do Sheanadóirí i dTeach Laighean an tseachtain seo chun Gaeilge a labhairt agus a chleachtadh lena chéile. D'eagraigh siad bricfeasta Gaeilge dóibh mar chuid den athphoiblíocht atá á déanamh acu ar an scéim 'Is Leor Beirt' an tseachtain seo.

Seo an chéad imeacht atá Conradh na Gaeilge i ndiaidh eagrú i dTeach Laighean ón uair a thosaigh an seisiún Dála nua.

"Tá súil ag Conradh na Gaeilge go gcabhróidh an ciorcal comhrá i dTeach Laighean le polaiteoirí na hÉireann muinín a chothú ina gcuid cumas labhartha féin, agus go mbeidh sé de mhuinín acu chéad teanga an Stáit a úsáid os comhair na Dála nó an tSeanaid níos minice mar thoradh air seo," a deir Síne Nic an Ailí, Feidhmeannach Forbartha Chonradh na Gaeilge agus comheagraí na scéime 'Is Leor Beirt'.

Bhí fáilte roimh fhoghlaimeoirí agus cainteoirí líofa Gaeilge chuig an mbricfeasta. Scaipeadar eolas mar gheall ar ranganna Gaeilge i dTeach Laighean i rith an bhricfeasta chomh maith le liosta d'oibrithe deonacha atá sásta seisiúin chainte phearsanta a shocrú le polaiteoir ar bith gur spéis leo a gcuid Gaeilge a chleachtadh gan rang rialta a dhéanamh.

Tá imeachtaí Gaeilge agus ciorcail chomhrá eagraithe mar chuid d'fhorbairt 'Is Leor Beirt' freisin.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Chonradh na Gaeilge ar isleorbeirt@cnag.ie nó 01 4757401.

Cumann Gaelach DCU

Katie McGreal

THOSAIGH mic léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) ar ais ar an ollscoil an tseachtain seo agus tá an Cumann Gaelach ar ais arís i mbliana agus tá an-chuid imeachtaí eagraithe acu don bhliain.

I Seachtain na bhFreshers, bhí oíche scannáin agus ciorcal comhrá ar siúl ag an gCumann chun gach duine a chur in aithne dá chéile arís agus an tseachtain seo - Seachtain na gCumainn agus na gClubanna - tá níos mó spraoi ag teacht. Tá go leor bronntanais agus duaiseanna saor in aisce ar fáil do bhaill nua an Chumainn Ghaelaigh agus cuirfidh siad tráth na gceist agus comórtais bheaga ar siúl i rith na seachtaine.

Tá dhá shonóg nua ag an gCumann i mbliana freisin - Mú agus Bú. Coimeád súil amach dóibh i rith na seachtaine freisin.

Chomh maith leis sin, tógfar ainmneacha don turas go dtí an tOireachtas i gCill Airne, a bheidh ar siúl ag tús mhí na Samhna, sa tseachtain sin freisin.

Cuirfear an-chuid imeachtaí ar siúl i rith na bliana chomh maith - ciorcal comhrá, an Fhéile Cheilteach, roinnt céilithe, Miss Gaeltacht Pageant, turas go Dún Éideann agus roinnt eile. Tá cúpla rud faoi rún ag Fran Ní Mhaoilréanna, Oifigeach Caidrimh Phoiblí an Chumainn, chomh maith.

An Cumann Gaelach ag Seastán Sheachtain na bhFreshers, Coláiste na Tríonóide, le gairid.

Dea-scéal ó Zú Bhaile Átha Cliath

Katie McGreal

D'OSCAIL an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa an fhoraois bháistí nua do na goraillí i Zú Bhaile Átha Cliath an tseachtain seo agus chuir an Zú fáilte roimh ghoraille óg nua níos luaithe an mhí seo.

Is goraille baineannach atá inti agus is í an chéad leanbh dá máthair, Mayani. Is í an dara leanbh a rugadh do na goraillí i mbliana. Rugadh goraille fireannach do Kituba níos luaithe sa bhliain.

Tá an fhoraois bháistí nua 12,000 méadar cearnach ina hiomláine agus fuarthas inspioráid ó thaobh deartha de ó na foraoisí báistí ina gcónaíonn goraillí in iarthar na hAfraice. Thart ar €3 milliún an costas a bhí ar an ionad agus tá Freddy Fyffes mar urraitheoir air.

Tá seacht ngoraille sa Zú faoi láthair agus táthar ag súil go bhfásfaidh an figiúr sin go dtí idir 12 agus 15 sna blianta amach romhainn.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 30 Meán Fómhair, 2011

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Ceol agus seimineáir ag Féile na Laoch 2

Seán Ó Loingsigh

REÁCHTÁLFAR seimineár ar an todhchaí ag Féile na Laoch mar chuid de chomóradh Sheáin Uí Riada i gceantar Chúil Aodha agus Bhaile Bhúirne an deireadh seachtaine seo. Is é stiúrthóir Fhéile Imbolc, a cuireadh ar bun i mBaile Bhúirne anuraidh, Tomás Ó hAodha, atá ag eagrú an tseimineáir seo ag a labharóidh bainisteoir na heagraíochta Cultivate Living and Learning, Davie Philip. Tá baint ag Davie le tionscnaimh éagsúla ó thaobh fiontraíocht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar oileán na hÉireann, ó thuaidh agus ó dheas.

Is i rith an lae amáraigh, Dé Sathairn, a bheidh an seimineár ar siúl in Óstán Gobnatan. San ionad céanna san iarnóin ar an Domhnach, beidh an scannánóir fiadhúlra Éamonn de Buitléir agus an t-eolaí comhshaoil Rory Harrington mar aoichainteoirí ag díospóireacht faoin timpeallacht.

Bhí de Buitléir agus Harrington i láthair ag léacht agus díospóireacht phoiblí sa Mhuileann i mBaile Bhúirne an tráth seo anuraidh chun cur síos ar chóras comhtháite riasca atá á chur chun cinn chun dul i ngleic le truailliú ó heisilteach feirme agus séarachais.

Beidh hata an cheoltóra ar Éamonn de Buitléir ag ceolchoirm chuimhneacháin Sheáin Uí Riada oíche Dé Domhnaigh in Áras Éamonn Mhic Shuibhne i gCúil Aodha mar a mbeidh sé féin agus iarbhaill eile de Cheoltóirí Chualann an Riadaigh ar stáitse.

Beidh ceolchoirm de cheol eaglasta Sheáin Uí Riada á chur i láthair ag Peadar Ó Riada agus Cór Chúil Aodha sa séipéal i gCúil Aodha san oíche amárach (Dé Sathairn) agus ceiliúrfar Aifreann 2 an Riadaigh sa séipéal céanna maidin Dé Domhnaigh.

Nochtfar plaic i gcuimhne an fhir a chum an t-amhrán 'Poc ar Buile', Dónal Ó Mulláin, ag tigh a mhuintire i gCúil Aodha i rith an deiridh seachtaine. Bhí an Poc mar 'hit' ag an amhránaí Seán Ó Sé agus Ceoltóirí Chualann tar éis don Mhullánach an dán a chanadh ar dtús ag Dámhscoil Mhúscraí Uí Fhloinn.

Beidh seisiúin cheoil agus ócáidí scoraíochta ar bun i rith na féile chun oidhreacht Sheáin Uí Riada a cheiliúradh agus beidh laochra eile an cheantair á dtabhairt chun cuimhne chomh maith. Is í seo Féile na Laoch Cuid a 2 tar éis an chéad imeachta den fhéile iontach a reáchtáladh i gcuimhne an Riadaigh i dtús mhí Lúnasa. Rugadh Seán Ó Riada ar 1 Lúnasa 1931 agus fuair sé bás ar 3 Deireadh Fómhair 1971.

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Dún Chaoin / An Blascaod Mór

Ceiliúradh na nEalaíon

MHEASAS agus go leor eile, go raibh dúluachair an gheimhridh ar cosanairde chugainn agus gur beag 'ócáid shóisialta' a bheadh againn go Nollaig, ach ní hamhlaidh atá fé láthair. Bhí Corca Dhuibhne ar maos an tseachtain seo le seoladh leabhar, aontaí, drámaí, siúlóidí, rothaíocht agus Ceiliúradh na nEalaíon ag Fundúireacht an Bhlascaoid.

Is é an saineolaí ealaíne Pádraic Breathnach a tháinig chugainn leis an bhféile a oscailt go hoifigiúil. Is é a bhí deas air. Dar leis nach féidir toise a chur le cultúr agus má chailltear sin, ní bheidh aon chomhartha sóirt againn ar cérbh díobh sinn. Is dócha gur ag tagairt don ábhar sin a bhí an Ríordánach nuair a thagair sé don 'anduine'.

Ba ábhar gairdis do Phádraic go raibh oiread daoine i láthair leis na healaíona a cheiliúradh agus a chíoradh. Bhí a chaint séimh, foirfe agus doimhin. Níor chaith sé an oíche ag seanmóireacht ach léirigh sé go raibh saintuiscint aige ar chúrsaí an ábhair gan a bheith ar bogshodar.

Ar shála Phádraic tháinig an t-ealaíontóir Maria Simmons-Gooding, ball d'Aosdána. Tá ainm Mharia anairde mar shaineolaí ar shaol agus ealaín na mBlascaodaí. Tá físteip déanta aici le déanaí a léiríonn é sin.

Maidin Dé Sathairn labhair Catherine Marshall, staraí ealaíne agus údar an leabhair Art Historian and Author, agus ina dhiaidh sin labhair Brenda Ní Shúilleabháin ó Bhaile an Liaigh, iarmhúinteoir, léiritheoir scannán agus bean go bhfuil staidéar fé leith déanta aici ar na healaíona. Thug Brenda féachaint ar amharcealaíona na hÉireann.

Bhí an t-ealaíontóir Albanach Máirín Kerr ag caint fén "nasc idir An tOileán Tiar agus Oileáin Iarthar na hAlban" agus thagair Norman Mac Leod don tábhacht a bhaineann le féachaint siar agus ansin ar aghaidh i saol na healaíne

Tá sár-aithne ag Bainisteoir Aonad an Bhlascaoid, Mícheál de Mórdha, ar go leor daoine ó Oileáin na hAlban. B'é Mícheál Fear an Tí ag an gCeiliúradh.

Ar an Domhnach labhair an file Dónal Mac Síthigh ar an ealaín dhúchasach agus Theo Dorgan ar na healaíona agus "an stoirm atá ag druidim linn."

An Béal Bocht i gCorca Dhuibhne

NÍ minic a chonac daoine ag gol le teann gáire ach bhí go leor daoine i mo thimpeall oíche Dé Sathairn seo caite agus deora ag sileadh go fras óna súile. Ní gan fáth. Bhí an-chóiriú déanta ar dhráma dar teideal An Béal Bocht ag Boscó Ó Conchúir agus an Athair Tomás Ó hIcí. Is é an draíodóir cartúin agus ealaíne, Dónal ó Bríc, a dhein na mascanna. Níl aon amhras ach gur baineadh taitneamh as mar go raibh sé chomh háiféiseach agus go raibh sé lán de ghreann ó thosach deireadh.

Is magadh mín fé dhaoine áirithe i gCorca Dhuibhne atá i gceist sa leabhar agus cloíodh cuid mhaith le go leor den téacs, ach go raibh an script cóirithe i slí go raibh an greann níos treise agus níos cliste fós.

Is iad Aisteoirí Bhréanainn a chuir an dráma ar stáitse agus cé nach raibh mórán ama acu, dúradh liom, na línte a fhoghlaim, dheineadar a gcúram gan cháim. Is minic é ráite ag tuataí agus saineolaithe go bhfuil Bríd Crithin ón mBaile Breac chomh maith le haon aisteoir idirnáisiúnta stáitse nó físe. Níl aon teorainn leis an ngreim agus an tuiscint a bhíonn aici ar pé páirt a bhíonn aici in aon dráma ina mbíonn sí. Bhí sí thar barr mar is gnách léi. Bhí cailín óg atá sa cheathrú rang sa bhunscoil ar fheabhas ar fad. Is í sin Gwendoline de Lieb de bhunadh na hEilvéise. Tá a Gaolainn gan cháim agus is aisteoir nádúrtha í. Tá duaiseanna buaite aici mar scéalaí, amhránaí agus in aghallaimh bheirte. Bheadh ceathrar nó cúigear eile ann atá tar éis cóta maitheasa na haisteoireachta a chasadh aniar orthu féin, ina measc Noel Ó Maoileoin a chuaigh i bhfeidhm go mór ar an lucht féachana, Malacaí Mac Amhlaidh go bhfuil fios a chúraim go binn aige, Páidí 'Mhárthain' agus Colm Ó Bric. Mar a dúrt, seo an dráma Gaolainne is mó go bhfeaca daoine sna tríthí ó thús deireadh. Ach níor mhór duit greim a bheith agat ar an teanga.

Bhí na leanaí ó Scoil Dhún Chaoin ar fheabhas leis agus ba dheacair locht a fháil ar aisteoireacht bhreá Mháire Ní Mhaoileoin, Mháire Uí Bheaglaoi, Aindí Uí Néill, Lís Uí Chéilleachair, Mhíchíl Uí Choileáin Daithí de Mórdha ná Fhionáin Uí Ógáin. Tá daoine ag súil go mbeidh an dráma ag an Oireachtas. Cloisfear a thuilleadh fén mBéal Bocht seo againne.

Mol an óige agus tiocfaidh sí!An Dr. Mícheál Ó Cearna, Blascaodach, atá ina chónaí i Springfield, Massachusetts, le trí fichid bliain, agus Sparánacht An Bhlascaoid, an chéad dá cheann riamh, á bhronnadh aige ar Cholm Ó Gealbháin agus ar Aisling Ní Shúilleabháin ar 24. Meán Fómhair. Is beirt iar-dhalta iad de chuid Phobalscoil Chorca Dhuibhne agus atá ag freastal ar Choláiste Oiliúna Mhuire gan Smál i Luimneach. Bhí sé i gceist i dtús báire Sparánacht amháin a bhronnadh i mbliana ach bhí an caighdeán chomh hard sin sroichte ag na hiarratasóirí gur bronnadh dhá cheann i mbliana.Is fiú €1,000 gach Sparánacht, a bhronnfar gach bliain feasta ar chainteoir dúchais Gaeilge ó Chorca Dhuibhne a bheidh ag dul isteach sa chéad bhliain in aon fhoras tríú leibhéal agus a dhéanfaidh staidéar ar ábhar éigin a bhaineann leis an oidhreacht agus leis an gcultúr Gaelach.Is é an Dr. Ó Cearna a thionscnaimh an Sparánacht i gcuimhne ar a chéile, Máirín, a d'éag anuraidh.

Ráiseanna Naomhóg Bhaile na nGall

BHÍ fuireach calaidh ar naomhóga a bhí le bheith páirteach i Ráiseanna Naomhóg Bhaile na nGall fé thrí i mbliana. Don tríú hiarracht ar an Domhnach seo caite ní bhfuair an coiste eagair fuascailt ón aimsir. Tá stair fhada ag Ráiseanna Naomhóg i mBaile na nGall agus bíonn freastal maith coitianta ar an ócáid.

'An Fhaoileann Aonarach'

SEOLADH leabhar ar an Satharn in Ionad an Bhlascaoid. Is í Cáit Ní Chatháin Uí Dhúbhda, iar-Bhlascaodach, a scríobh An Fhaoileann Aonarach. Is é Pádraig Ó Siochrú ó Bhaile Mhic an Daill a chóirigh an téacs agus is iad Tadhg Ó Dúshláine agus Tracey Ní Mhaonaigh do Chuallacht Cholm Cille, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, a chuir in eagar é. Bhíodh cara do Cháit, Edna Uí Chinnéide, coitianta ag moladh di dul i mbun pinn.

Deir na heagarthóirí gur fanadh dílis do shaothar bunaidh Cháit, ach in áiteanna ná raibh na leaganacha aici de réir a chéile.

Tá leagan Béarla den leabhar réitithe chomh maith. Thagair Pádraig Ó Siochrú do Cháit Uí Dhúbhda a mhaígh blianta ó shin go raibh An Seabhac, a huncail, coitianta ag cur cás na bhfear pinn ón mBlascaod chun cinn, ach nár bhac sé leis na mná. Dar léi go raibh dualgas ar Phádraig cead cainte a thabhairt do bhean ón oileán a bhí i mBaile Átha Cliath, i Meiriceá agus ar deireadh ar an Muiríoch. Dhein Pádraig an beart.

Is é Pádraig Mac Fhearghusa, Cathaoirleach Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge a sheol an leabhar. Dar leis gur féirín deas Nollag "an tseoid seo" a d'oirfeadh dóibh siúd go raibh aithne acu ar Cháit, in Éirinn agus i Meiriceá. Is é Lorcán Ó Cinnéide, ar son Fhundúireacht an Bhlascaoid, a sheol Ceiliúradh an Bhlascaoid 13, a thugann lánchuntas ar Cheiliúradh na bliana 2008 gurbh é a théama Imirce agus Imigéin. Mícheál de Mórdha a chuir in eagar é agus Coiscéim a d'fhoilsigh. Tá sé ar díol ar €10 agus is €15 atá luaite leis An Fhaoileann Aonarach.

nós*

iris ghaeilge don nua-aois

NIRBHEÁNA 'NUA'
Comóradh 20 bliain ar Nevermind

MÉS QUE UN CLUB
An fhoireann ag croílár Barcelona

TRAIDISIÚN NA bPUIPÉAD
Sean-phuipéid 7 puipéid eile

meán fómhair 11 eag. 26

TÁ SIAD AG TEACHT!



fáilte

An chéad toghchán eile

Tá bliain ann anois an mhí seo ó thosaigh nós* ag teacht amach mar fhorlíonadh speisialta leis an nuachtán náisiúnta Gaelscéal, agus tá trí bliana go leith ann ó foilsíodh an chéad eagrán den iris riamh, ach tá mé cinnte gur seo an chéad uair – agus b'fhéidir an chéad uair i stair na meán Gaeilge – a raibh 21 puipéad agus aghaidh chartúin le feiceáil ar leathanaigh na hirise. Na Muppets agus a scannán nua – a bhfuil go leor cainte faoi le tamall anuas cé nach mbeidh sé amuigh go dtí an bhliain úr – is cúis leis an mhórchuid acu sin ach spreag teacht ar ais chruthúcháin Jim Henson, agus cúpla carachtar nua ón tuaisceart, plé eile chomh maith ar an deis a thugann puipéid dúinn rudaí atá conspóideach nó sórt ar an imeall a rá os ard. Atheisiúint shár-albam Nirvana, Nevermind, is cúis leis an aghaidh ghrúinse sin ar ndóigh.

Agus ó tharla go bhfuil puipéid luaite agam, tá an tír uilig gafa faoi láthair ag toghchán na hUachtaránachta a bheas ar siúl ag deireadh na míosa seo chugainn. Tá feachtais na n-iomaitheoirí, agus na meán, faoi lán seoil agus is mór an clúdach a dhéanfar orthu sin atá ag seasamh sna seachtainí amach romhainn. Ar an ábhar go bhfuil daoine ó gach cúlra agus gach tuairim san iomaíocht an babhta seo, is í an cheist atá le cur ná cá bhfuil iomaitheoir na Gaeilge? Tá an teanga ar a thoil ag duine nó beirt i mbliana ach an bhfuil sé in am do phobal na Gaeilge theacht le chéile mar is ceart ar bhonn polaitiúil agus ár stampa féin a chur ar ról an Uachtaráin? Bheadh sé beagnach dodhéanta feachtas a bhunú le cinntiú go mbeadh gníomhaí Gaelach ina Thaoiseach nó Taoiseach ar an tír ach bheadh seans áirithe ann sa rás don Áras. Tá muid ró-mhall do thoghchán na bliana seo ach tá seacht mbliana ann leis na hullmhúcháin a dhéanamh don chéad toghchán eile. Mar sin cé a mholfá mar ionadaí ar phobal beoga gníomhach comhaimseartha na Gaeilge? Freagraí ar chárta poist, nó rphost...

Na Gaeil Abú,

Tomaí Ó Conghaile
Eagarthóir nós*

TÓG AMACH MÉ!
forlíonadh speisialta le gaelscéal

nós*

EAGARTHÓIR
Tomaí Ó Conghaile

RANNPHÁIRTITHE
Cillian de Búrca,
Caoimhe Ní Chathail,
Úna-Minh Caomhánach

TEAGMHÁIL
www.nosmag.com
eolas@nosmag.com

FÓGRA
Is é nós* atá freagrach as gach ábhar san fhorlíonadh seo.

...níos mó ná cathair

Is iomaí tarraingt atá ag príomhchathair na Catalóine – aimsir na Meánmhara, atmaisféar La Rambla, ailtireacht Antoni Gaudí, draíocht an cheantair Ghotaigh – ach tá ceann amháin ann nach féidir éalú uaidh, is cuma cén áit sa chathair ina bhfuil tú: Barça.

Níl mórán rudaí a thugann léargas ar chuisle na gCatalónach mar a thugann cumann sacair Barcelona, atá i lár chroíthe mhuintir na tíre ó bunaíodh é siar sa bhliain 1899.

Le linn an 20ú aois chinntigh foirne Barça áit an chlub i measc na gclubanna sacair ba ráthúla riamh lena ngeansaithe *blaugrana* (gorm agus dearg) so-aitheanta ag lucht spóirt ar fud an domhain.

Tá Barcelona ag tosnú an tséasúir nua seo agus é de sprioc acu La Liga a bhuachan don cheathrú bliain as a chéile agus beidh súil acu arís ar Chorn Churaidh na hEorpa a bhuaigh siad anuraidh chomh maith.

Má tá bród as cuimse ar lucht leanúna Barça as a laochra reatha ar nós Messi, Puyol, Iniesta agus an bainisteoir Pep Guardiola, tá bród paiseanta orthu fosta as tábhacht pholaitiúil an chumainn.

Fiú sna laethanta tosaigh bhí ceangal láidir ag an fhoireann leis an mhuinín a bhí á léiriú ag Catalónaigh ina gcultúr agus ina dteanga féin agus níorbh fhada gur thosaigh pobal na Catalóine ag amharc ar Barça mar fhoireann náisiúnta a dtíre.

In 1936 mharaigh fórsaí an deachtóra Spáinnigh Franco, mharaigh siad Uachtarán an chlub, Josep Sunyol, a bhí ina bhall den ghluaiseacht ar son neamhspleáchais, agus daingníodh an deighilt idir Barça agus údaráis na Spáinne dá bharr.

Sa lá atá inniu ann tá an choimhlint idir Barcelona agus Real Madrid ar na samplaí is inbhraite den teannas leanúnach idir an Chatalóin agus an Spáinn, teannas a rachaidh i méid de réir mar a fhásann gluaiseacht neamhspleáchais na gCatalónach.

Gné eile a chinntíonn ról an chlub sa phobal ná gur leis an 144,000 ball é agus ní le fear gnó amháin atá ag iarraidh a phócaí féin a líonadh ar obair na n-imreoirí agus ar airgead an lucht leanúna.

Go deimhin, go dtí i mbliana ní raibh aon urra corparáideach ag Barça mar gur roghnaigh siad airgead a thabhairt don chumann carthanachta páistí Unicef in ionad airgead a fháil isteach ó dhomhan an ghnó.

Is oiriúnach an mana é mar sin '*Més Que Un Club*' (a chiallaíónn 'Níos Mó Ná Club' agus a bhíonn le feiceáil i measc na sluaite i bpáirc na foirne agus an pháirc imeartha is mó san Eoraip, Camp Nou, ag gach cluiche) don chumann sacair atá lonnaithe i gcathair atá, ar bhealach, níos mó ná cathair do na Catalónaigh

MÁ TÁ BRÓD AS CUIMSE AR LUCHT LEANÚNA BARÇA AS A LAOCHRA REATHA AR NÓS MESSI, PUYOL, INIESTA AGUS AN BAINISTEOIR PEP GUARDIOLA, TÁ BRÓD PAISEANTA ORTHU FOSTA AS TÁBHACHT PHOLAITIÚIL AN CHUMAINN.

mar is siombail de bheocht nua-aimseartha a dtíre í.

Bíonn an spiorad sin le mothú sa mheascán den nua agus den aosta atá le fáil sa chathair féin chomh maith, ón cheantar stairiúil cultúrtha lena chuid sráideanna fada casta agus cearnóga gnóthacha go dtí an baile nua-aoiseach ina bhfuil cuid de na foirgnimh nua-dheartha is deise san Eoraip.

Ní nach ionadh go mealltar na milliúin duine go Barcelona bliain i ndiaidh bliana, iad ar fad ag teacht mar gheall ar na clubanna cáiliúla ceoil; na bialanna beaga traidisiúnta; siamsaíocht sráide; margaí beaga; ardeaglaisí; La Sagrada Família; Plaça de Catalunya agus go leor eile.

Cibé cúis atá ag cuairteoirí le blas a fháil ar an chathair áfach, bíonn dathanna, geansaithe agus bratacha Barça le feiceáil go forleathan ar gach sráid agus i ngach cearnóg.

Mar an gcéanna le féiniúlacht an chlub féin, is dlúthchuid den chathair iad a chuireann le beocht bhreise sa bhaile mór agus atá mar lasair bhuan, ní hamháin don chlub Catalónach ach do spiorad an phobail a bhfuil feachtas tréan acu le bheith ar an chéad stát oifigiúil eile san Eoraip.

Visca Barça! Visca la Terra! *

FOCAIL **TÓC** 7 **CILLIAN DE BÚRCA**

ATH-EISIÚINT NIRBHEÁNA

20 bliain ó shin phléasc banna beag as Seattle Mheiriceá amach i saol an cheoil le hamhráin chumhachtacha rac a chuaigh i bhfeidhm go láidir ar ghlúin iomlán úr d'éisteoirí.

Bhunaigh Kurt Cobain agus a chairde an grúpa **Nirvana** sa bhliain 1989 ach ba é an dara albam acu, **Nevermind**, a eisíodh i Meán Fómhair 1991, a chinntigh a n-áit i stair an cheoil.

Moladh a stíl ailtéarnach go hard, ag léirmheastóirí agus lucht éisteachta araon, agus bhain an t-albam uimhir a haon amach i gcairteacha ar fud an domhain.

D'fhág amhráin ar nós **Smells Like Teen Spirit** agus **Come As You Are** go mbeadh pobal líonmhar leantóirí ag Nirvana na blianta i ndiaidh don albam theacht amach agus go breathnófaí orthu mar an grúpa a chur ceol malartach rac ar an léarscáil.

Tháinig deireadh le mór-rath an bhanna nuair a chuir Cobain lámh ina bhás féin in 1994 ach tá roinnt eisiúintí curtha amach ag na baill eile ó shin agus ó tháinig siad ar an saol sna 80í tá breis agus 50 milliún albam díolta ag Nirvana san iomlán.

Díolfar a thuilleadh ón mhí seo ar aghaidh mar go bhfuil eagrán speisialta dá mbuaic-albam ar an mhargadh anois mar chomóradh 20 bliain a eisithe.

Tá ceithre dhlúthdhiosca agus DVD amháin mar chuid den "Super Deluxe Edition" de Nevermind agus cuimsíonn sé taifeadtaí nár eisíodh riamh roimhe, agallaimh raidió, meascáin éagsúla agus físeáin de cheolchoirmeacha beo.

50 traic agus 30 uair a chloig d'ábhar fuaime agus físe atá le fáil ar an bhailiúchán ó thús deireadh.

Más cuimhin leat nuair a bhí amhráin an albaim le cloisteáil ar an raidió den chéad uair, nó fiú muna cuimhin ach taitníonn siad leat ar aon nós, ní bheidh tú ag iarraidh an ath-eisiúint ar leith seo a chailliúint.

puipéid na saoirse

breathnaíonn caoimhe ní chathail ar ghreann na bpuipéad in éirinn, agus ar chúpla ceann nua nach bhfuil chomh greannmhar sin

Tá beirt phuipéad i ndiaidh theacht ar an saol ó thuaidh agus chuirfeadh siad sna duibheagáin thú bheith ag éisteacht leo.

Clár úr teilifíse ar BBC 2, atá déanta ag an chorparáid féin, dar teideal Belfast Fm atá i gceist (ná measc suas é le FM Belfast, banna leictreonach as an Íoslainn!).

Tá an seó leamh, neamhghreannmhar, lag, bómanta agus gan smaointeoireacht ar bith taobh thiar de.

Buíochas le Dia nach bhfuil sé ar fáil ach amháin sna sé chontae mar dá bhfeicfeadh an domhan mór sin, shílfeadh siad nárbh í seo 'Tír na Naomh agus na nOllamh' ar dhóigh ar bith!

Tá an clár suite i mbloc árasáin i mBéal Feirste agus is iad na puipéid ná DJ Steeky agus Pablo, beirt ógánach áitiúla atá i mbun staisiún raidió mídhleathach.

Ní amháin gur droch-steiréitíopa iad d'ógánaigh lucht oibre Bhéal Feirste, agus ní amháin go mbíonn siad ag spalpadh na mionnaí móra i rith an ama, níl siad greannmhar!

Anois, ní miste liom an F mór, táthar ann a bhfuil gráin acu air, is cuma liom i ndáiríre, a fhad is go bhfuil gá leis sa ghreann, ach ní gach darna focal, agus ní hé an F mór an focal is measa a úsáideann siad nach mbeadh ar focal.ie.

Agus mé ag amharc air, ní thiocfadh liom gan bheith ag smaointiú siar ar na laethanta siúd nach raibh stádas mar is ceart bainte amach ag Raidió Fáilte agus muid ar bharrurlár na Cultúrlainne agus shíl mé liom féin, nach bhfaighfeadh muidne ar shiúl le rudaí mar seo a rá ar an aer.

Ansin, rith sé liom gurbh fhéidir go bhfuil na puipéid ábalta rudaí a rá agus a dhéanamh nach bhfuil daoine daonna in inmhe a dhéanamh.

Míníonn sé sin ar bhealach an dóigh a raibh Dustin an turcaí ábalta cur isteach ar an Eurovision agus blas láidir Bhaile Átha Cliath air, agus gan bheith in ann ceol – cé nach gcuireann sin isteach ar chuid de na hiomaitheoirí daonna ach oiread.

An uair amháin a mbíonn an puipéad bainte de lámh an phuipéadora, ní ann dóibh a thuilleadh agus ní ann do bharúlacha s'acu ach oiread. Seans gur sin an fáth go mbaineann daoine oiread sin sult astu.

In amanna deir siad na rudaí atá ar bhéal na ndaoine, gan teacht aniar agus gan mórán fadhbanna.

"Cruthaíonn na puipéid bealach amach agus urlabhra do mhuintir na tíre a bhfuil eagla orainn an rud atá ar ár n-intinn a rá amach... má chuirtear giota éadaí ar ár lámha deirfeadh muid rud ar bith."

Míníonn sé sin an dáimh atá ag na hÉireannaigh do na puipéid seo, smaoinigh orthu uilig a tháinig amach thar na blianta.

Is cuimhin linn uilig bheith ag amharc ar Bosco agus muid óg, ag iarraidh fáil amach cad é a bhí taobh thiar den doras draíochta sin, Dustin an turcaí agus muid ag smaointiú ar an dóigh is fearr lena thachtadh, Zig agus Zag, na Morbegs, Podge agus Rodge agus ná déanaimis dearmad ar Muzzy Mór a theagasc an frasa "Is mise Muzzy, Muzzy mór" dóibh siúd a bhí ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge sna 6 chontae ar feadh na mblianta, cé nár chuidigh sé leo morán agus iad sa Ghaeltacht.

Cruthaíonn na puipéid bealach amach agus urlabhra do mhuintir na tíre seo, a bhfuil eagla orainn an rud atá ar ár n-intinn a rá amach, ach má chuirtear giota éadaí ar ár lámha agus muid i bhfolach faoi thábla, deirfeadh muid rud ar bith.

Samhlaigh dá mba rud go raibh puipéad ar láimh againn agus muid ag dul chun na faoistinne (aon duine a théann a thuilleadh), tá mé ag déanamh go mbeadh i bhfad níos mó paidreacha ráite ná mar a bhíonn ag an bhomaite, nó ar chéad dáta, cá bhfios cad é a thiocfadh amach.

Na puipéid abú a deirim féin, viva na puipéid, viva la revolución agus amach leis an fhírinne, ach nach féidir linn é a dhéanamh ar dhóigh níos greannmhara ná boic nua an BBC? *

THE MUPPETS
James Bobin

RÉAMHAMHARC

Tá tamall le fanacht fós ag lucht leanúna na Muipéad sula mbuaileann an chéad scannán eile de chuid na bpuipéad cáiliúil craiceáilte an scáileán mór ag tús na bliana seo chugainn ach tá go leor fuadair faoi cheana féin ar líne agus san fhíor-shaol araon.

Tá breis agus 12 bliain ann anois ó tháinig Muppets from Space amach, an eisiúint is deireanaí ó Jim Henson agus a chruthúcháin coiméideacha, agus idir sin agus an scannán is úire seo tá Kermit agus a chairde tar éis imeacht ar a mbealaigh féin agus ní bhíonn siad ar an ardán le chéile a thuilleadh.

Athraíonn sé sin áfach nuair a fhaightear amach go bhfuil plean slítheánta ag an bharún saibhir ola Tex Richman (Chris Cooper) Amharclann na Muppets in Los Angeles a leagan agus druileáil thíos faoin halla le haghaidh ola a fuarthas ann le déanaí.

Is é Walter – leantóir mór de chuid na Muppets ó Smalltown SAM atá ar saoire i gCathair na nAingeal – agus a chairde Gary (Jason Segel) agus Mary (Amy Adams), a thagann ar phlean Tex agus cuidíonn siad leis an fhrog glas clúiteach na Muipéid a thabhairt ar ais le chéile ionas go mbeidh siad in ann an $10 milliún atá de dhíth chun an amharclann a shábháil a bhailiú.

The Greatest Muppet Telethon Ever an tseift atá acu chun an t-airgead a chruinniú ach ní ró-shimplí atá sé na Muipéid ar fad a mhealladh – tá Fozzie anois i mbanna ómóis darb ainm The Moopets a sheinneann i gcasino in Reno; tá Miss Piggy ina heagarthóir faisin ar éadaí móra ag Vogue i bPáras; is i gclinic láimhseála feirge in Santa Barbara atá Animal agus tá gnó ollmhór pluiméireachta ag Gonzo.

Mar an gcéanna le saothair eile na Muppets go dtí seo, níl aon amhras go mbeidh spraoi mór ann le linn an scannáin tríd leis na sean-charachtair uilig ar ais le greann agus brí as an úr.

Is é Jason Segel féin atá tarraingte isteach ag Disney leis an phlota a scríobh, rud a bhí ina dhúshlán don aisteoir óg.

"Bhí sé saghas scanrúil ar bhealach!" arsa Segel. "Bíonn a fhios agat go gcaithfidh tú a gceart a thabhairt do na carachtair seo mar sin bíonn tú ag staidéar agus ag foghlaim fúthu. Sin an rud a rinne mé féin agus mo chomhscríbhneoir, Nick Stoller. Bhreathnaigh muid ar chuid mhór scannán Muppets agus ansin rinne muid iarracht scríobh ina nguthanna éagsúla. Amuigh os ard in amanna, cé go ndearna muid droch-airthis orthu!"

Dar le Segel go raibh an-dúil aige sna Muipéid i gcónaí, gurbh iad a chéad tionchar grinn, agus go mbíonn draíocht ar leith ag baint le puipéid thar charachtair i scannáin bheochana.

"Bíonn na puipéid beo agus réalach, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leo agus aisteoireacht in éineacht leo mar a dhéanfá le gnáthaisteoir daonna," ar seisean.

"Is féidir leat bualadh le Kermit mar shampla. Nuair a bhíonn páiste ar an seit, bíonn an puipéadóir ann ar ndóigh ach ní amharcann an páiste ach ar Kermit féin. Ní aithníonn siad go bhfuil sé bréagach ar aon bhealach, dóibh is neach iomlán beo é Kermit."

Ach an scannán do pháistí amháin é seo?

"Ní in aon chor," arsa Segel.

"An rud is iontaí faoi na Muppets ná gur féidir leis an teaghlach ar fad suí síos agus sult a bhaint as mar go bhfuil an oiread cineálacha grinn ann. Is dócha gurb iad na Simpsons an sampla comhaimseartha is fearr."

Agus níl mórán moltaí níos fearr ná sin.

Beidh The Muppets le feiceáil ar scáileáin na tíre ar 17 Feabhra 2012.

déan dinnéar dom...

Tá an clár teilifíse **Come Dine With Me** [CDWM] tar éis scáileáin na hÉireann a shroicheadh, ach an bhfuil aon slí ab fhéidir linn an coincheap seo a úsáid sa domhan réalaíoch?

Tá an bhliain nua tar éis tosnú sna coláistí agus tá sórt CDWM tar éis a bheith socraithe ag scoláirí i gcoláiste DCU.

Mar is eol do chách, uaireanta ní bhíonn a lán airgid ag scoláirí (ar fáth éigin), mar sin cad a dhéantar?

An-simplí, roghnaigh do ghrúpa cairde is fearr (cúigear b'fhéidir), roghnaigh biachlár i bhur measc féin le meascán béilí agus voilá, ar aghaidh libh.

Beidh an fhreagracht ort lá amháin den tseachtain agus ní bheidh ort cócaireacht agus an glanadh suas a dhéanamh gach uile lá.

Nach deas an rud é sin?

Scoláire amháin atá tar éis an tionscnamh seo a thógáil ná Mícheál Mac Giolla Chearr, a bhí ina chónaí ar champas DCU an bhliain seo caite.

"Is iontach an rud é" a deir sé, "bíonn duine amháin mar óstach oíche amháin agus oíche eile bíonn an chéad duine eile, ní bhíonn strus ort an t-am ar fad."

Admhaíonn sé nach mbíonn siad chomh dian cosúil leis an gclár féin, "ní théann gach duine abhaile i dtacsaithe le páipéar agus scór! Is rud níos sóisialta é, neamh-dháiríre. Is saghas club é agus bainimid fíor-thaitneamh as."

Sár-roghanna na scoláirí ná curaí sicín, lasagne, píotsa, sceallóga, an fajita agus glasraí.

Is bia éasca é seo atá simplí chun cur le chéile, is ionadh mór é nach bhfuil chuile dhuine á dhéanamh seo seachas 'takeaway' a cheannach.

Chomh maith leis sin is féidir leat na comhabhair go léir a fháil ar phraghas réasúnta má dhéantar biachlár cliste amach.

Molann Mícheál oícheanta mar seo a eagrú i measc mic léinn.

"Ar a laghad bain trial as uair amháin. Cloistear faoi dhaoine a itheann McDonalds gach uile lá, ach má roinneann tú an chócaireacht tá gach duine sásta agus bia úr ar an mbord.

"Cén fáth nach mbeadh sé ar intinn agat airgead a shábháil?"

Ba ar Channel 4 na Breataine siar sa bhliain 2005 a craoladh Come Dine With Me ar dtús agus ó shin i leith taispeánadh leaganacha den chlár i mbeagnach 30 tír ar fud an domhain. Is ar TV3 a chraoltar an seó anseo in Éirinn. *

FOCAIL **ÚNA-MINH CAOMHÁNACH**

Raidió Fáilte

Gaeilge
NUACHT
ceol
craic

107.1fm

www.raidiofailte.com

Foras na Gaeilge

arts council of Northern Ireland

DCAI
Department of Culture, Arts and Leisure
www.dcalni.gov.uk

Le tacaíocht ó / Supported by the
Creative Industries Innovation Fund

'Maidin sa Chistin': Seosaimhín i mbun oibre le cócairí óga an tSean Phobail.

Ag Féile "Dúchas" - Éigse deireadh seachtaine a d'eagraigh Coiste Contae Thiobraid Árann de Chonradh na Gaeilge san Aonach le déanaí. Ar chúl ó chlé: Eibhlín Uí Mhorónaigh, Cáit agus Séamus Ó Laoghóg.Chun tosaigh: an Dr Nóirín Ní Riain agus Úna Ní Choileáin.

San úir...

AR an Domhnach seo caite cuireadh corp Chaoimhín Uí Chinnéide, a bhí seasca sé bliain d'aois, ó Chill Mhic an Domnhnaigh i gcré na cille i Reilig Fhionntrá. Múinteoir agus Leas-PhríomhOide i Meánscoil na mBráthar Críostaí sa Daingean ab ea Caoimhín ar feadh na mblianta. D'éirigh sé breoite breis agus trí bliana ó shin san am go raibh an Scoil Pobail á saolú sa Daingean. Fear mór caide agus capall ab ea Caoimhín agus is Béarla agus Gaolainn a mhúineadh sé. "Ardmhúinteoir go raibh féith an ghrinn ag baint leis ab ea é," arsa iardhalta, Lorcán Ó Cinnéide ó Bhaile an Mhúraigh. "Bhíomar go léir an-mhór leis mar gur dhuine an-gheanúil é," arsa Lorcán. Bhí garda onóra dá chomhmhúinteoirí ar an sochraid. Maireann a chéile Clare, deirfiúracha, Máire agus Caitlín, agus triúr deartháireacha, Mícheál, Tomás agus Pádraig.

Oileán Cléire - Ceol na nOileán

Seosamh Ó Riain

TÁ an dara sraith den chlár ceoil iontach bríomhar suimiúil Ceol na nOileán á taispeáint ar TG4 na laethanta seo. Sa dara clár tabharfar cuairt ar oileán Cléire agus beidh sé le feiceáil ar an Domhnach beag seo ag 10in.

Sa chlár tabharfaidh léargas ar thraidisiún ceoil an oileáin agus an ceangal láidir atá ag an traidisiún sin le muintir an oileáin. Tabharfar deis don lucht féachana spléachadh a fháil ar shaol an oileáin agus an tábhacht atá ag an gceol, na hamhráin agus an damhsa i saol na ndaoine.

Tabharfar beirt oileánach Gearóidín Ní Dhonnabháin agus Máire Ní Laoire cur síos ar thionchar atá ag an gceol orthu agus ar an ról tábhachtach a bhí aige ina saol agus iad ag fás aníos. Glacfaidh ceoltóirí áitiúla Tadhg agus Emer Ó Drisceoil agus Máire Proinsias Ní Choitir páirt sa chlár chomh maith le Fiachra agus Róisín Ó Tórna agus Grúpa Mary Tisdall.

Sraith nuálach de cheithre chlár í Ceol na nOileán a thosaigh ar 25. Meán Fómhair le cuairt ar Oileán Reachrainne ar chósta Aontroime. Sna cláracha ar fad tabharfar léargas ar an stair a bhaineann le traidisiún ceoil agus siamsaíochta oileáin faoi leith thart ar an gcósta, an chaoi ar fhorbair an traidisiún sin i rith na mblianta agus an staid ina bhfuil sé inniu.

Tá an tírdhreach sonrach a bhaineann le gach oileán mar eilimint ghníomhach i ngach clár agus taispeántar íomhánna tarraingteacha ó thimpeallacht an oileáin le cur le mothúcháin an phíosa ceoil nó an amhráin atá faoi chaibidil.

Beidh na cláir le feiceáil ar TG4 gach Domhnach ó 25 Meán Fómhair ag 10.00in agus beidh athchraoladh gach Aoine ón 30 Meán Fómhair ag 8.30in

Imeachtaí Mumhan

Féile Ceoil Beamish, Corcaigh, go dtí 3 Deireadh Fómhair. Suíomh: www.corkfolkfestival.com
Railí Idirnáisiúnta Chorcaí, 30 Meán Fómhair - 02 Deireadh Fómhair, Suíomh: www.munster-carclub.com
Féile Luath-Cheoil Oirthear Chontae Chorcaí, 05-09 Deireadh Fómhair, Suíomh: www.east-corkearlymusic.ie
Féile Che Do Bheatha, Cill Chaoi, Contae an Chláir, 30 Meán Fómhair - 02 Deireadh Fómhair, Suíomh: www.clare.ie/events/view/festivals-109/che_do_bheatha_festival-526.html
Féile Bia agus Fíona an Daingin, Co. Chiarraí, 30 Meán Fómhair - 02 Deireadh Fómhair, Suíomh: www.dinglefood.com
Ranganna Gaeilge, Meánscoil San Nioclás, An Rinn. Tá trí leibhéal ar siúl faoi láthair - feabhsaitheoirí, meánrang agus ardrang. Teil.: Cabríní ar 087-6532044 nó r-phost: cabrini@o2.ie.

Gradam á bhronnadh ar Mhícheál Ó Seighin, duine de Chúigear Ros Dumhach

Seosamh Ó Riain

TÁ gradam le bronnadh ar Mhícheál Ó Seighin, duine de Chúigear Ros Dumhach, ag Conradh na Gaeilge i Luimneach thar ceann mhuintir Luimnigh. Chaith Ó Seighin 94 lá i bPríosún Chnoc na Seamar le linn an tsamhraidh 2005.

Cé go n-aithnítear Ó Seighin le Maigh Eo, go háirithe de bharr na bainte a bhí aige le conspóid Ghás-cheantar na Coiribe, is as Co. Luimnigh ó dhúchas dó.

Rugadh agus tógadh i nGleann Bruacháin in oirdheisceart an chontae é, ar an teorainn le Tiobraid Árann agus Corcaigh.

Chuaigh sé ar scoil in De La Salle i bPort Láirge, agus ansin chuaigh sé ar an ollscoil i nGaillimh.



As sin bhog sé go Maigh Eo, áit a bhfuil sé ag cur faoi ó shin.

In agallamh a chraolfar ar Raidió na Gaeltachta ar an Luan beag seo labhróidh sé le Máirtín Mac Donnchadha faoina óige i nGleann Bruacháin, faoina spéis i gcúrsaí spóirt agus ceoil, faoina shaol ollscoile agus faoina shaol i gCo. Mhaigh Eo ó bhog sé ansin i 1962.

Labhróidh sé chomh maith ar chomh buíoch atá sé as an aitheantas seo a bheith faighte aige as a chuid oibre, agus ar chomh tábhachtach atá sé dó gur óna mhuintir féin i gCo. Luimnigh agus ó phobal na Gaeilge a tháinig sé.

Is féidir an t-agallamh spéisiúil seo a chloisteáil ar Pharlaimint Mhaigh Eo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta Dé Luain 3 Deireadh Fómhair 3in.

ULAIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Béal Feirste

Éiríonn thar barr le Gaeilfeis

Seán Mag Uidhir

TÁ eagraithe na féile nua Gaeilge, Gaeilfeis, ag maíomh gur éirigh thar barr leis agus go bhfuil siad ag dúil le himeacht bliantúil a dhéanamh de amach anseo.

Reachtáil Glór an Tuaiscirt an fhéile cheithre lá in Ard Eoin agus sa Mhachaire Botháin i dtuaisceart Bhéal Feirste go luath sa mhí seo agus dúirt cathaoirleach an ghrúpa, Conchúr Stíobhard , go raibh rud éigin ann do gach duine.

"Tá muid go sona sásta leis an bhealach ar éirigh le Gaeilfeis," arsa Conchúr Stiobhard .

"D'oibrigh muid go han-chrua le cinntiú go raibh imeachtaí ann do gach aoisghrúpa," ar sé.Dúirt an tArd Eoineach gur éirigh go seoigh leis an fhéile ón chéad imeacht amach.

"Bhí slua maith againne don oscailt, léacht Phóil de Léigh agus bronnadh Ghradam Uí Bhrolcháin agus tá muid iontach buíoch as an tacaíocht a fuair muid ón bheirt chlann.

"Sna trí lá eile a lean sin, nocht muid múrphictiúr úr ag cur an Ghaeloideachais chun tosaigh, bhí taispeántas den scannán Cillín an Bháis againn agus sheol muid leabhrán nua agus DVD a rinne muid ar stair na teanga sa cheantar.

"D'eagraigh muid ranganna, turas thart ar Thuaisceart Bhéal Feirste agus bhí cuid den chraic is fearr thall sa Mhachaire Botháin.

"Ansin a d'eagraigh an Club Óige comórtas tallainne do na páistí agus déagóirí agus bhí oíche ar leith i gcumann áitiúil le Líadan, ceann de na grúpaí ceoil is fearr sa tír."

Cuireadh clabhsúr le Gaeilfeis le cluiche peile idir Ciceaim Ard Eoin agus Laochra Loch Lao, foireann peile Bhéal Feirste do lucht na Gaeilge, agus seisiún ceoil ina dhiaidh.

Bhuaigh na Laochra Corn Phroinsias Uí Sheanainn, trófaí a bronnadh in omós d'iarbhall na gCiceam agus

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 30 Meán Fómhair, 2011

iar-rúnaí Choiste Bhord Aontroma Theas.

"Bhain na Laochra an bhliain seo," arsa Conchúr Stíobhard , "ach cheana féin tá geallta ag foireann Bhaile Átha Cliath, Na Gaeil Óga, go dtiocfaidh siad ar an bhliain seo chugainn. Tá súil againne gur comórtas ceithre fhoireann a bheas ann.

"Tá muid iontach buíoch as an tacaíocht uilig a fuair muid ó Fhoras na Gaeilge i mbliana agus tá muid ag cur fochoiste le chéile cheana féin do Ghaeilfeis 2012."

Dún na nGall

Seachtain na nIoraí Rua

Katie McGreal

CHUN Seachtain na nIoraí Rua a cheiliúradh, tá roinnt imeachtaí eagraithe i bPáirc Naomh Colm Cille, Doire don lá amárach ag tosú ag 2in.

Beidh réimse gníomhaíochtaí saor in aisce ar fáil ar an lá chomh maith le siúlóid threoraithe fhiadhúlra a thosóidh ag carrchlós Ionad Fóillíochta Pháirc Naomh Colm Cille ag 2:00in. Go díreach i ndiaidh na siúlóide, beidh tóraíocht taisce, spreagtha ag an iora rua, sa phríomhphlasóg imeartha thíos faoi na cúirteanna leadóige.

Beidh Julie Hannaway, Oifigeach Íoslaghdaithe Dramhaíola agus Athchúrsála Chomhairle Cathrach Dhoire ar fáil ar an lá le treoir a thabhairt maidir le cúrsaí múirínithe fómhair agus beidh Groundwork NI ag cur réimse cluichí ar fáil amuigh faoin spéir freisin.

Mhínigh Christine Doherty, Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Cathrach Dhoire, go bhfuil meath tagtha ar líon na n-ioraí rua mar go bhfuil siad in iomaíocht leis an iora glas agus mar gheall ar chaillteanas gnáthóige.

"Tá ioraí glasa níos mó na hioraí rua agus cuireann siad níos mó meáchain orthu sa gheimhreadh le teacht slán uaidh. Itheann siad réimse forleathan bia agus is féidir leo cnónna agus síolta a ithe sula mbíonn siad réidh le hithe. Mar sin, bíonn níos lú bia ar fáil d'ioraí rua," a deir Christine.

Deir sí go bhfuil cúpla áit sa cheantar go bhfuil an t-iora rua le feiceáil, Páirc Naomh Colm Cille, Coill na bPréachán, Coill an Ghráinsigh agus Gleann na Má san áireamh.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Christine Doherty ar 028 71365151 nó christine.doherty@derrycity.gov.uk.

Ócáid POBAL ar son Acht na Gaeilge

Katie McGreal

TÁ lá 'Cearta agus Ceiliúradh' á eagrú ag Pobal in Aonach Naomh Seoirse, Béal Feirste, Dé Domhnaigh 9 Deireadh Fómhair ó 1 - 5.

Táthar ag iarraidh ceiliúradh a dhéanamh go bhfuil sé cúig bliana ó ghealltanas Chill Rìmhinn maidir le hAcht na Gaeilge.

Deir Janet Muller ó POBAL, "Tá anois Aire Cultúir ann atá báúil don Ghaeilge, agus mar sin, tá sé thar a bheith tábhachtach tacaíocht an phobail d'Acht láidir ceart-bhunaithe Gaeilge a léiriú go sonrach. Tá muid ag fanacht cúig bliana anois - is mithid reachtaíocht cheart a bheith againn don teanga."

Lá mór teaghlaigh a bheas ann le healaíona Gaeilge, siamsaíocht, gníomhaíochtaí, agus teachtaireacht dháiríre faoi Acht na Gaeilge. Beidh seó éachtach ardochtáin ó Shorcas Bhéal Feirste, maestro na cleasaíochta Seán Ó Faoláin agus seó mire na nDeartháireacha Fanzini i measc na bpríomh-imeachtaí. Seinnfidh Cleamairí Ard Mhacha ag an ócáid freisin.

Fuaireadar tacaíocht ó chistí an Crannchuir Náisiúnta trí Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann agus ó chlár dea-chaidrimh Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste, le cois Fhoras na Gaeilge agus BRO don tionscadal i mbliana.

Chomh maith leis an ócáid sin, beidh cruinniú ag Pobal ar an 16 Samhain i nGailearaí Fada, Stoirmhonadh leis an Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Carál Ní Chuilín, agus beidh roinnt polaiteoirí agus saineolaithe idirnáisiúnta dlí agus cearta teanga ó Éirinn, ó Albain agus ón mBreatain Bheag i láthair chun é a phlé. Beidh Robert Dunbar ó Albain agus Colin Williams ón mBreatain Bheag ina bpríomhchainteoirí agus beidh painéal le gach rud a phlé i láthair freisin.

Tabharfaidh an ócáid deis do dhaoine éisteacht lena chéile agus cuidiú a fháil chun Acht na Gaeilge a chur ar ais ar an gclár. Táthar ag súil le do dtabharfaidh an tAire tacaíocht dóibh chun é sin a dhéanamh.

Ní ócáid oscailte don phobal í.

Tabharfaidh POBAL cuirí do roinnt eagraíochtaí agus grúpaí agus, thart ar mhí i ndiaidh na hócáide, cuirfidh siad tuairisc le chéile bunaithe ar an méid a phléifear ag an ócáid agus beidh sé ar fáil ar líne agus beidh cóip chrua ar fáil freisin.

Ag Ceiliúradh saol Ailf Uí Mhurchú

Katie McGreal

LABHRÓIDH Marcas Ó Murchú faoi shaol a athar, Alf Ó Murchú, ag ócáid i gCumann Chluain Ard ar Shráid na Sceiche i mBéal Feirste ag 7.30in amárach. Labhróidh sé faoin obair ar fad a rinne a athair ar son na Gaeilge i mBéal Feirste le linn a shaoil agus labhróidh sé faoi na tréithe ar leith a bhain le pearsantacht a athar freisin.

Ba bhuaiteoir san Oireachtas i 1960 agus 1961 é Alf de bharr a fheabhas a bhí sé i mbun amhránaíochta ar an sean-nós in éadan amhránaithe cumasacha.

"Ba cheoltóir maith a bhí ann," dar le Albert Fry, ceoltóir agus iar-Chathaoirleach Chumann Chluain Ard.

Bhí sé ina bhall gníomhach de choiste an chumainn ar bhonn deonach agus bhí sé ina rúnaí ar an gcumann ar feadh tamaill. Thug sé tacaíocht le foilsitheoireacht na Gaeilge mar bhall den chlub leabhar.

Bhí Gaeilge ó dhúchas ag máthair Ailf, Caitlín Ní Bhaoill as Contae Aontroma agus chinntigh Alf go mbeadh an teanga ag an gcéad ghlúin eile le linn a shaoil.

Bhí sé lárnach san oideachas Gaeilge agus i saothrú an dúchais, na hamhránaíochta, an damhsa agus i bhforbairt a phobail féin ar feadh 40 bliain.

I ndiaidh na cainte ar an oíche, nochtfar leac chun cuimhne ar Alf agus beidh pictiúir Ailf timpeall na háite freisin. Cuirfear deireadh leis an oíche le ceol traidisiúnta agus beidh sólaistí ar fáil ar an oíche freisin.

Tá Marcas ag súil le seanchairde dá chuid agus comharsana ceiliúradh a dhéanamh le chéile ar an oíche. Tá súil aige go bhfoghlaimeoidh an ghlúin óg faoina athair agus faoin méid a rinne sé.

Tá fáilte roimh chách ar an oíche.

Bronnadh Seice ar Bhunscoil na mBeann sa Dún

Katie McGreal

FUAIR Liam Mac Riabhaigh seic ar £13,500 ó chathaoirleach Iontaobhas na Gaelscolaíochta, Lorcán Mac Gabhann sa Chultúrlann an tseachtain seo caite. Bailíodh an t-airgead ag oíche mhór a reáchtáil Scoil Samhraidh Mhic Reachtain agus InaG i mBéal Feirste ag deireadh mhí Iúil i mbliana.

Bailíodh £13,500 le tabhairt do Bhunscoil na mBeann, Cill Caoil, an t-aon ghaelscoil sa tuaisceart gan aitheantas stáit. Le 4 bliana anuas, tá breis agus £50,000 bailithe ag ócáid a reáchtálann Scoil Samhraidh Mhic Reachtain in Óstán an Europa i mBéal Feirste gach bliain.

Ghabh Liam Mac Riabhaigh buíochas as an tacaíocht agus dhearbhaigh sé go bhfuil an coiste diongbháilte aitheantas a bhaint amach agus rogha na gaelscolaíochta bheith ag pobal dheisceart an Dúin amach anseo.

"Tá an t-airgead tábhachtach gan amhras," a dúirt Lorcán Mac Gabhann, "ach sa mhullach air sin thug an dream mór a bhí i láthair le fios do phobal na scoile gur páirt de ghluaiseacht mhór iad: Clann na nGael."

Ghabh Art Hughes, cathaoirleach Chumann Mhic Reachtain, buíochas le gach duine, grúpa, comhlacht agus scoil a thacaigh leis an oíche. Bhí Micheál Ó Muircheartaigh ina aoichainteoir.

Tharla ceiliúradh 20 bliain ar bhunú Choláiste Feirste oíche Shathairn seo caite in Ostán Europa, Béal Feirste. D'fhreastail 350 duine ar an ócáid iontach seo idir dhaltaí agus iar-dhaltaí, mhúinteoirí agus iar-mhúinteoirí, ghobharnóirí agus iar-ghobharnóirí, agus tuismitheoirí. Is é Coláiste Feirste ceann amháin de 50 coláiste lán-Ghaeilge in Éirinn agus an t-aon iar-bhunscoil lán-Ghaeilge sna Sé Chontae. Sa ghrianghraf seo tá Bairbre De Brún, Ball de Pharlaimint na hEorpa, le feiceáil ar an dara duine ó chlé chun tosaigh.

BEATHA

Le Meadhbh Ní Eadhra

NUACHT Litríochta

'An Gaeilgeoir Grámhar' ar díol anois

TÁ *Leabhair*COMHAR tar éis leabhar nua leis an údar Alan Desmond, *'An Gaeilgeoir Grámhar'* a fhoilsiú sa tsraith foghlaimeoir fásta. Bunaíodh an t-inphrionta foilsitheoireachta LeabhairCOMHAR in athuair sa bhliain 2010 chun nualitríocht agus nuascríbhneoireacht na Gaeilge a fhorbairt, chomh maith le rogha den scoth de scríbhneoirí agus ábhair a chur ar fáil.



Insíonn leabhar nua Alan Desmond scéal Bhiddy Uí Laoghaire, seanmháthair a phós dhá uair agus a thosaigh ag freastal ar rang Gaeilge beagnach dhá bhliain ó shin. Tá roinnt mhaith Gaeilge foghlamtha aici faoin staid seo ach tá athruithe eile i ndán di. Tagann an mac is sine léi, Eoin, abhaile ón Astráil agus fear eile ina theannta. Cén sórt gaoil atá eatarthu? Cuireann an tsuim atá ag Mánas, an múinteoir Gaeilge, i mná óga isteach go mór ar Bhiddy. Ach an éireoidh sí as an rang mar gheall ar iompar Mhánais? An éireoidh léi cailín a fháil d'Eoin?

Tá na freagraí go léir le fáil sa leabhar gairid soléite seo. Seo é an tríú húrscéal de chuid Alan Desmond don fhoghlaimeoir fásta. Scríobh sé An Foghlaimeoir Fásta (Comhar, 2006) agus Gaeilge agus Grá (Comhar, 2007) freisin. Agus scéal Bhiddy á leanúint aige is féidir leis an léitheoir eolas a chur ar fhocail agus nathanna cainte agus a chuid féin a dhéanamh díobh gan dua. Tá míniú ar fhocail agus ar nathanna cainte deacra ag bun an leathanaigh, rud a chabhraíonn go mór leis an léitheoir an scéal a thuiscint agus a chuid Gaeilge a fheabhsú.

Ar ndóigh, rugadh agus tógadh Alan Desmond i gCorcaigh. Chaith sé seal ag teagasc na Gaeilge ag an tríú leibhéal sa Pholainn agus tá suim ar leith aige, go gairimiúil agus go léannta, i ngach ábhar dleathúil. Foilsíodh a chuid scríbhneoireachta in Lá, Foinse, The Irish Times agus The Sunday Business Post, Feasta, Comhar agus Beo. Scríbhneoir é a bhuaigh duaiseanna i gComórtais Litríochta an Oireachtais dá shaothar agus fuarthas cabhair ó Fhoras na Gaeilge (Clár na Leabhar Gaeilge) le sparántacht ó Scéim na gCoimisiún i scríobh an leabhair seo. Beidh an leabhar á sheoladh mar chuid d'fhéile litríochta IMRAM 2011 i mí Dheireadh Fómhair. Is é seo an triú húrscéal déag sa tsraith d'fhoghlaimeoirí fásta na teanga. Go luath beidh podchraoltaí de na leabhair le fáil ar an suíomh www.leabhaircomhar.com. Tá An Gaeilgeoir Grámhar ar fáil láithreach ó ÁIS, nó le cárta creidmheasa ar an suíomh nua atá ag LeabhairCOMHAR - www.leabhaircomhar.com.

Seoladh Leabhair sa Chultúrlann

IS é Ard-Mhéara Bhéal Feirste, Niall Ó Donnghaile, a sheol leabhar nua Eoghan Uí Néill, '*Cathracha i gCóngar is i gCéin*' sa Cheathrú Póilí i gCultúrlann Mc Adam - Ó Fiaich Dé Sathairn 24 Meán Fómhair. Bhí sé ar an chéad seoladh leabhair san fhoirgneamh athchóirithe. Bhí an foilsitheoir Pádraig Ó Snodaigh i láthair don seoladh mar aon leis an údar. Coiscéim Feirste a d'eagraigh an ócáid.

An Coileach Codlatach: Pictiúrleabhar nua

TÁ an comhlacht foilsitheoireachta Futa Fata tar éis pictiúrleabhar nua darb ainm *An Coileach Codlatach*, a fhoilsiú. Scríofa ag Nuala Nic Con Iomaire (atá anois imithe ar shlí na fírinne), tá an leabhar seo dírithe ar pháistí 3 - 6 bliana d'aois.

Bhí roinnt mhaith déanta ag Nuala i réimse na drámaíochta do pháistí agus í ag obair mar riarthóir ar an togra ealaíne pobail An Béal Binn i mBré, Contae Chill Mhantáin. Tá An Coileach Codlatach breá drámatúil chomh maith agus taitneoidh sé go mór leis an aos óg agus lena dtuismitheoirí.

Is coileach cairdiúil cneasta é Cáilín, príomhcharachtar an scéil. Ach...tá laige amháin aige...níl An Coileach Codlatach seo in ann éirí ar maidin! Is é an madra Grágán a bhíonn ina shuí go moch le breacadh an lae a fhógairt.

Ní mó ná sásta a bhíonn an feirmeoir le Cáilín ach tagann athrú ar an scéal nuair a thagann cuairteoir nach raibh aon duine ag súil leis.

Is é an maisitheoir Donough O' Malley a thugann beocht do scéal Nuala lena phictiúir áille.

Tá stíl ar leith ag Donough, stíl a chonacthas cheana sa leabhar leis *Monkey See, Monkey Do* (Frances Lincoln, UK, 2007).

Tá an leabhar seo, lándaite agus clúdach crua air, le fáil anois sna siopaí ar €9.95 nó is féidir é a cheannach tríd an suíomh idirlín www.futafata.ie

Faigheann foilseacháin Futa Fata maoiniú ó Chlár na Leabhar, Foras na Gaeilge agus ón gComhairle Ealaíon.

Sorcha Ní Mhonacháin, TG4, ag seoladh "An Coileach Codlatach", leabhar le léaráidí le haghaidh páistí idir 3-6) i Leabharlann na Ceathrún Rua, Co na Gaillimhe lé déanaí. Ba í cara Shorcha, Nuala Nic Con Iomaire, atá anois ar shlí na fírinne a scríobh an leabhar. Tá "An Coileach Codlatach" foilsithe ag Futa Fata. PIC: SEÁN Ó MAINNIN.

Nuala Nic Con Iomaire

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 30 Meán Fómhair, 2011

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

Garrett Phillips, 'an dochtúir' i Ros na Rún

Katie McGreal

Tháinig Garrett Phillips go Ros na Rún, sobaldráma i nGaeilge atá lonnaithe i mbaile samhailteach in iarthar na hÉireann, tháinig sé isteach ann anuraidh chun páirt an dochtúra nua, Cathal Hennessy a ghlacadh. Tá sé ar ais arís don 16ú sraith den chlár.

Is ceoltóir proifisiúnta é Garrett. Seinneann sé leis an mbanna ceoil Black Magic Big Band gach Luan in Busker Browns ó 10in ar aghaidh i gCathair na Gaillimhe. Tá 18 duine sa bhanna agus seinneann siad réimse leathan ceoil. Tá sé i mbanna ceoil eile le cúigear darb ainm The Band of Gold freisin. Seinneann siad go hiondúil ag bainiseacha.

Chomh maith leis sin, chaith Garrett roinnt mhaith blianta ag déanamh geamaireachtaí agus ceoldrámaí leis an gceolchumann agus leis an gcumann geamaireachtaí i nGaillimh. Bhí páirt aige in Fair City agus in Fear an Phoist freisin. Is as an gCaisleán Gearr i gContae na Gaillimhe é agus tá seachtar sa teaghlach.

"Táimid ar fad i nGaillimh seachas mo dheartháir óg. Tá sé ina chónaí i dTóiceo, é pósta agus iníon aige," a deir Garrett.

Tá bean chéile agus beirt pháistí ag Garrett féin. Tá a iníon trí bliana d'aois agus thosaigh sí sa naíonra ag tús

Mheán Fómhair. Thosaigh a mhac atá 14 mhí d'aois ag siúl le déanaí.

Is máinlia í bean chéile Garrett agus, mar sin, oibríonn an bheirt acu uaireanta fada. Déanann siad sealanna leis na páistí san oíche agus téann siad go dtí an chreis ar maidin.

Seachas aisteoireacht agus canadh, is breá le Garrett spórt. D'imir sé rugbaí ar feadh 7 mbliana nuair a bhí sé ar scoil agus ina dhiaidh sin le club.

Faoi láthair imríonn sé galf ach "níl mé rómhaith," a deir sé. "Níl mórán ama agam i gcomhair cleachtaidh."

Deir Garrett faoina charachtar i Ros na Rún, "Is duine proifisiúnta é Cathal. Tá sé an-mhaith ag a phost agus bíonn sé lán-dáiríre faoi."

Ní carachtar deacair é le cur i láthair, fad is go dtuigeann sé cén áit ina bhfuil sé ag dul agus céard atá ar bun aige. Ní cheapann sé go bhfuil Cathal cosúil leis féin ar chor ar bith.

Ní duine deas é. Is duine leithleach é Cathal agus ní bhíonn sé deas lena chol ceathrar, Dara Ó Ríordáin (Lochlann Ó Mearáin).

Titeann sé i ngrá go tapa. "Thit sé go huile is go hiomlán i ngrá le Tina nuair a chonaic sé í an chéad lá," a deir Garrett.

Ag deireadh na sraithe deireanaí, sular phós Tina Dara, rinne Cathal iarracht a hintinn a athrú. Cé nach n-athraíonn sí a hintinn, scriosann Cathal an bhainis mar i rith an chéad damhsa taispeántar físeán de Chathal agus Tina ag pógadh go paiseanta.

Ó thaobh scéalta atá ag teacht aníos, an t-aon rud atá Garrett in ann a rá ná go dtarlóidh an-chuid le Cathal. I ndiaidh dó scrios a dhéanamh ar an mbainis, níl Tina ná Dara ag labhairt leis.

"Tá go leor naimhde aige," a deir Garrett. Deir sé go bhfuil na hothair is sine níos deise leis. Tá siad níos fulangaí leis. Taitníonn an post go mór le Garrett. "Táimid cosúil le clann mhór," a deir sé.

Bíonn uaireanta an-fhada acu i Ros na Rún. Oibríonn siad 6 lá sa tseachtain. Ag brath ar an amchlár d'fhéadfadh go mbeadh siad obair 8.30rn - 7.30in i rith na seachtaine agus 10rn - 2in ar an Satharn. Taobh amuigh de na huaireanta sin, caithfidh na haisteoirí a línte a fhoghlaim freisin.

Deir Garrett go bhfoghlaimíonn sé a línte sa charr. Déanann sé taifead orthu agus éisteann sé leo nuair atá sé ag tiomáint.

"Ceapann daoine go bhfuil mé as mo mheabhair agus mé ag siúl le mo mhadra," a deir sé. "Tá an chuma orm go bhfuilim ag labhairt liom féin agus mé ag foghlaim na línte."

Déantar taifead ar Ros na Rún ar feadh 6 mhí sa bhliain. I rith an bhriste i mbliana, chuaigh Garrett, lena chomhoibrí Lochlann, go dtí an Eilvéis chun scannán faisnéise a dhéanamh faoi thubaiste sléibhteoireachta inár maraíodh dreapaire Éireannach ar a bhealach síos ó K2, an dara sliabh is mó ar domhan. Tharla an tubaiste in 2008. Chaith an bheirt acu mí san Eilvéis ag taifead 1300 troigh in airde agus ní raibh siad in ann dul abhaile i rith na tréimhse sin.

"Bhí sé deacair," a deir Garrett.

Níl ainm ar an scannán go fóill ach seans gur 'K2 - The Summit' a bheidh air. Bhí rún ann é a chraoladh i mí Mheán Fómhair ach ní mar sin a tharla.

Tá Ros na Rún ar ais arís i mbliana don 16ú sraith agus is féidir Garrett agus na haisteoirí eile ar fad a fheiceáil ar TG4 gach Máirt agus Déardaoin ag 8.30in. An tseachtain seo déanfaidh David rud ar bith chun an ruaig a chur ar Martina as an teach agus bíonn Dara ag ceapadh gurb í Tina a mheall Cathal agus ní a mhalairt.

Féach ar:

TG4: Cogar: Tom Clancy: Geal é a Chroí
Saol agus saothar Tom Clancy, ball den ghrúpa ceoil cáiliúil na Clancy Brothers. Ba í an aisteoireacht, áfach, a mheall go Hollywood é an chéad lá. Ghlac sé páirt in Little House on the Prairie, The Incredible Hulk, Starsky and Hutch agus na scannáin Killer Elite agus Swashbucklers. Dé Domhnaigh @ 9.30in

BBC2: Planet World
Fiosraíonn an tsraith seo an ról atá ag an teanga i saol na ndaoine agus conas a shainmhíníonn muid sinn féin bunaithe uirthi. An tseachtain seo, feicfear turas Stephen Fry go hÉirinn chun níos mó a fhoghlaim faoin nGaeilge. Feicfear an páirt bheag a bhí aige sa sobaldráma Ros na Rún. Dé Domhnaigh @ 9in.

RTÉ 1: The Big Interview with Mike Murphy
Tá Mike ar ais le sraith nua an tséasúir seo. An tseachtain seo, labhróidh sé leis an bhfuirseoir, Tommy Tiernan. Cuirfidh sé Moya Doherty, Marian Finucane, Bertie Ahern agus roinnt eile faoi agallamh i rith na sraithe. Déardaoin @ 10.15in.

Éist le:



Raidió na Gaeltachta: Seán Ó Riada 1931 - 1971
Sa tsraith seo, labhrófar faoin gceoltóir agus gcumadóir, Seán Ó Riada a fuair bás 40 bliain ó shin. Cloisfear ó chairde an Riadaigh i Múscraí, i mBaile Átha Cliath, i gCorca Dhuibhne, i gcathair Chorcaí agus in áiteanna eile, ag cur síos air. Dé Domhnaigh @ 10rn.

RTÉ Raidió 1: Documentary on One: Desperately Seeking Sam
An tseachtain seo, cuirfear turas John Scally i láthair agus é ag leanúint a chontae dhúchais, Ros Comáin, i gCraobhchomórtas na hÉireann sa pheil. Amárach @ 6in.

RTÉ 2fm: Dan Hegarty
Rinne Dan réamhthaifead ar an gclár seo leis an gceoltóir, Lisa Hannigan sular fhág sí le dul ar chamchuairt cheoil i Meiriceá. Labhrófar faoi phleananna Lisa don todhchaí agus na háiteanna ina bhfaigheann sí inspioráid dá ceol. Dé Luain @ 11in.

FOLÚNTAIS / CÚRSAÍ

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Craobh an Iarthair

Ionad: Ionad Oideachais Shligigh,
Ballinode
Sligeach

Dáta: Déardaoin, 13 Deireadh Fómhair 2011

Am: 7:00 i.n.

Léacht: Seoladh DVD nua 'Cuireadh Chun Cainte'*

(Chomh maith le caint ar an gcúrsa nua Gaeilge don Ardteist (2012) le treoir phraiticiúil ar an mbéaltriail nua.)

Le MICHEÁL Ó RUAIRC, Múinteoir, Scríbhneoir agus File

*Treoir phraiticiúil ó Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus ó Chomhar na Múinteoirí Gaeilge atá sa chlár 'Cuireadh Chun Cainte,' atá curtha i láthair ag Marcus Lamb, dóibh siúd a bheidh ag tabhairt faoi Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta ó 2012 ar aghaidh.

Le tacaíocht ó Foras na Gaeilge

Scoil Bhriocáin, An Gort Mór, Co na Gaillimhe. Uimhir Rolla 17463L

(Scoil faoi Phátrúnacht Easpag na Gaillimhe)

Múinteoir cáilithe ag teastáil i gcóir saoire mháithreachais ag tosú ar an 17ú Samhain 2011

Ní mór foirm iarratais mar aon le sonraí teagmhála a sheoladh chuig:

An Cathaoirleach
Scoil Bhriocáin
An Gort Mór
Ros Muc
Co na Gaillimhe

roimh an 5.00i.n ar an 14ú Deireadh Fómhair 2011

Is Scoil Ghaeltachta í an scoil seo, mar sin beifear ag súil le Gaeilge líofa agus le 'chuile iarratas a bheith i nGaeilge. Coinneofar liosta de na hiarrthóirí ar feadh na cheithre mhí agus cuirfear iad san áireamh ma bhíonn aon fholúntas eile dá shórt sa scoil.

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Fáiltítear roimh iarratais ar na poist seo a leanas:

Déan in Oideachas Leighis, Ospidéal Ginearálta Shligigh (0.3 Coibhéis Lánaimseartha)

Léachtóir Téarma Sheasta i Míochaine agus i Máinliacht (0.5) x4, an tOspidéal Ginearálta, Caisleán an Bharraigh

Léachtóireacht (Téarma Seasta) i mBithaisnéisíocht

Cartlannaí, Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, (Conradh 2 Bhliain)

Spriocdháta: 13 Deireadh Fómhair, 2011

Oifigeach Teicniúil Sinsearach, Ionad an Chórais Faisnéise Geografaí (0.5)

Oifigeach Teicniúil, An tIonad um Fheabhas Foghlama agus Teagaisc

Oifigeach Teicniúil, Scoil na Fisice

Oifigeach Teicniúil (Mais-speictriméadracht), Scoil na Ceimice (0.5)

Oifigeach Teicniúil, Scoil na Ceimice (0.5)

Oifigeach Teicniúil, Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha (Luibheolaíocht agus Plandeolaíocht)

Teicneolaí Foghlama Allamuigh, Scoil na Tíreolaíochta agus na Seandálaíochta

Spriocdháta: 6 Deireadh Fómhair, 2011

Le tuilleadh eolais a fháil agus le hiarratas a dhéanamh téigh chuig www.publicjobs.ie

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

www.oegaillimh.ie

Gníomhairí ag teastáil

Tá fás ag teacht ar ár bhfoireann agus muid ag iarraidh cur leis an méid gníomhairí timpeall na tíre. Is post i do chuid ama féin a bheadh anseo, ag ardú phróifíl Gaelscéal i do cheantar féin ar bhun coimisiúin.

Má tá am agat agus airgead breise uait déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 eolas@gaelsceal.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Gaelscéal
Ag Cothú Phobal na Gaeilge

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

Ná bac le Windows 8 - gó fóill

Diarmuid Ó Muirgheasa

Le cúpla seachtain anuas tá leagan réamh-Beta de Windows 8 ar fáil do dhuine ar bith den phobal a bhfuil suim acu ann. Is féidir é a íoslódáil ó http://goo.gl/b4iAd, más suim leat é, ach ná dearmadaigh gur leagan réamh-Beta atá ann. Ciallaíonn sé sin, go bunúsach, nár chóir dul in aice leis má tá ciall ar bith agat. Ní bheidh sé ar díol go ceann bliana eile, ar a laghad, agus níl sé réidh, i ndáiríre, don ghnáth-thomhaltóir.

Ach is féidir fós féin anchuid a rá faoi Windows 8, fiú gan ach an leagan iontach luath seo againn. An chéad rud, agus is mór an rud é seo, ná go raibh an ceart ar fad ag Steve Ballmer, CEO Microsoft, nuair a dúirt sé go raibh Microsoft ag dul go mór sa tseans le Windows 8.

An chúis leis seo ná go bhfuil siad ag briseadh, ó bhonn, traidisiúin atá ann anois ó Windows 95, nó níos luaithe ná sin fiú. Nuair a thosaíonn tú Windows 8 ní fheiceann tú an "deasc" mar a bhíodh ann i gcónaí. Feiceann tú comhéadan nua úsáideora ar dearadh é le húsáid ar scáileáin tadhaill. Glaonn Microsoft "Metro" air.

An bunús leis an gcinneadh seo ná go bhfuil daoine ag bogadh go han-tapa i dtreo taibléad agus fón soghluaiste lena gcuid ríomhaireachta a dhéanamh, agus tá faitíos ar Microsoft go bhfágfar taobh thiar iad. Tá an ceart acu chomh maith. Le fás an iPad tá áit iontach láidir sa mhargadh á chruthú ag Apple dóibh féin, agus don chéad uair le blianta fada tá ceannasaíocht Microsoft i mbaol.

Le dul i ngleic leis an dúshlán seo ó Apple tá straitéis ag Microsoft atá iontach, iontach éagsúil le straitéis Apple. Áit a bhfuil Apple ag cur córas oibriúcháin shoghluaiste ar an iPad (sin an córas céanna leis an iPhone, iOS), tá Microsoft ag fanacht le Windows 8 agus ag cur córas oibriúcháin iomlán ar a dtaibléid.

Deir daoine áirithe gur cinneadh misniúil é seo, daoine eile gur cinneadh amaideach é. An buntáiste atá ag Apple faoi láthair ná go bhfuil sé chomh héasca sin iOS (atá ar an iPad) a úsáid. An laigeacht ná nach féidir cláir chearta a chur ar iPad (leithéidí Word, Excel agus Photoshop, mar shampla). Tá Microsoft ag déanamh iarrachta an dá rud a dhéanamh le chéile. Beidh an comhéadan "Metro" ann le haghaidh gnáthfheidhmeanna taibléid, ach le cumhacht iomlán Windows taobh thiar de más mian leat rud ar bith a dhéanamh a mbeadh córas oibriúcháin iomlán ag teastáil faoina choinne.

Más féidir leo é sin a dhéanamh, deir siad go mbeidh láidreachtaí uile an iPad acu, agus na buntáistí a ghabhann le ríomhaire "ceart" a bheith agat ann freisin.

Tá sé seo níos tábhachtaí fós mar tá tuairim ag teacht chun cinn anois gurb iad taibléid todhchaí na ríomhaireachta i gcoitinne. In áit ríomhaire glúine, beidh taibléid a shuíonn isteach i méarchlár speisialta (cosúil leis an ASUS EeePad Transformer atá ar fáil anois). In áit ríomhaire deisce, beidh scáileán mór, méarchlár agus luchóg agat sa bhaile nó san oifig, agus beidh tú ábalta an taibléad a cheangal leo nuair is mian leat, agus a thógáil leat nuair is mian leat chomh maith.

I gcomhthéacs an iPad agus taibléid Android níl an oiread sin maitheasa leis an gcoincheap - ní féidir cláir chearta a rith ar iPad nó taibléad Android ar aon nós (nó Blackberry Playbook ach oiread, agus is beag is fiú trácht a dhéanamh orthu sin). Munar féidir cláir chearta a rith ar an taibléad ní oibríonn an coincheap ar chor ar bith.

Deir lucht tacaíochta Apple go bhfuil Microsoft ag déanamh iarrachta an iomarca a dhéanamh, agus nach bhfuil sé indéanta córas oibriúcháin a dhearadh agus a thógáil a nascann cumhacht córas oibriúcháin thraidisiúnta le luas córas oibriúcháin shoghluaiste.

Tá sé fós i bhfad róluath le rá go cinnte, ach tá cúpla rud ar féidir a rá. An chéad cheann ná go bhfuil cuma bhreá ar Windows 8. Níl sé foirfe, agus tá mionfhadhbanna luais ar fud na háite, ach tá cuma iontach ar Metro. An dara rud ná go bhfuil sé dochreidte éagsúil. Dúirt mé é sin cheana agus is fiú é a rá arís. Fiú mar dhuine a oibríonn le ríomhairí chuile lá ghlac sé cúpla nóiméad orm a oibriú amach conas na rudaí is bunúsaí a dhéanamh. Conas an ríomhaire a mhúchadh? Ghlac sé cúig nóiméad orm an fheidhm sin a aimsiú!

Tá sé cinnte róluath lena rá conas a éireoidh le Windows 8 (más sin an t-ainm a bheidh air nuair a eiseofar é) ach is tús maith é an leagan réamh-Beta atá feicthe go dtí seo. Más féidir leo an saghas luais atá á ghearlúint a chur ar fáil, agus más féidir le daoine dul i dtaithí ar an líon ollmhór athruithe atá le sonrú, d'fhéadfadh Microsoft an choróin atá acu a choimeád ar feadh tamaillín eile.

BioWare ag cruthú 200 post do Ghaillimh

Seosamh Ó Riain

NÍ i mBaile Átha Cliath amháin a bhí dea-scéal maidir le poist nua an tseachtain seo toisc go bhfuil Bioware chun 200 jab sa bhreis a chur ar fáil ag a n-ionad seirbhíse do chustaiméirí i nGaillimh.

Forbróir cluichí ríomhaire is ea BioWare a d'oscail a gcéad ionad Eorpach i gcathair na dTreabh anuraidh. Táthar ag tacú le cluiche ilimreoirí idirlín ann dar teideal *'Star Wars: The Old Republic'* a dhéanfar a lainseáil níos moille sa bhliain don mhargadh Nollag.

Agus é ag caint ag oscailt oifigiúil an ionaid i nGaillimh i rith na seachtaine dúirt an Taoiseach, Enda Kenny, "Seo vóta muiníne mór d'Éirinn."

Bunaíodh BioWare i gCeanada sa bhliain 1995 agus is rannán de chuid Electronic Arts a cheannaigh an comhlacht in 2007 ar luach $860 milliún (€632.31m).)

Twitter le lonnú sa Phríomhchathair

Seosamh Ó Riain

D'FHÓGAIR Twitter - an láithreán líonraithe shóisialta agus micreabhlagála - dea-scéal amach is amach go mbeidh siad ag bunú oifig idirnáisiúnta i lár Bhaile Átha Cliath.

Níor dheimhnigh an tÚdarás Forbartha Tionscail (IDA) líon na bpost a chuirfear ar fáil sa phríomhchathair dá thoradh, ach is léir ó na gnólachtaí idirlín eile a lonnaigh inti cheana gur tháinig i bhfad níos mó post ar an saol faoi dheireadh thiar thall ná mar a bhí beartaithe ar an gcéad dul síos. Cuirfear tús le hearcaíocht bonn láithreach do rólanna i réimsí an airgeadais, na tacaíochta úsáideoirí agus na margaíochta.

Tuigtear go bhfuil an comhlacht ag cur ceanncheathrú idirnáisiúnta ar an saol a dhéanfaidh freastal ar úsáideoirí Twitter lasmuigh de na Stáit Aontaithe.

Bhí faitíos nach beag ann gur Londain

agus ní Baile Átha Cliath a gheobhadh na jabanna seo, go háirithe tráth ar fhógair Twitter poist áirithe níos luaithe sa bhliain i bpríomhchathair na Breataine.

Ach, ní mar a shíltear a bhítear, agus is seoid luachmhar i gcoróin dhigiteach na hÉireann gur thóg Twitter an cinneadh lonnú anseo.

Dúirt Barry O'Leary, Príomhfheidhmeannach an IDA, "Tá an IDA thar a bheith sásta gur shocraigh Twitter ar oifig idirnáisiúnta a bhunú in Éirinn."

Bunaíodh Twitter in 2006, tá tuilleadh agus 100 milliún úsáideoir gníomhach ag an gcomhlacht agus seoltar breis agus 230 milliún 'tweets' in aghaidh an lae. Creidtear gur fiú thart ar $8 mbilliún (€5.88b) an comhlacht.

Conas a dhéanann Twitter a gcuid airgid?

1) Bearta le Google, Yahoo agus Bing a cheannaigh na cearta chun 'twitter feeds' a léiriú ina gcuid torthaí cuardach gréasáin a chuireann siad ar fáil dá gcuid custaiméirí dá réir.

2) 'Promoted Tweets' - íocann fógróirí as 'tweets' a chur chun tosaigh a bhaineann lena gcuid táirgí. Déanfar aon iarratas cuardaigh (search query) a bhaineann le táirge an fhógróra a liostú ar bharr liosta na dtorthaí cuardaigh.

OIDEACHAS

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Ag clárú chun vótála

Ceist : Ní dóigh liom go bhfuil mé cláraithe le vóta a chaitheamh. Conas is féidir liom vóta a chaitheamh sa thoghchán Uachtaránachta agus sna reifrinn ar an 27 Deireadh Fómhair?

Freagra :

Chun vóta a chaitheamh i dtoghchán nó i reifreann ní mór duit a bheith cláraithe le vóta a chaitheamh, is é sin, ní mór duit a bheith ar Chlár na dToghthóirí atá ag an údarás áitiúil san áit ina bhfuil cónaí ort.

Ní mór duit a bheith i do shaoránach Éireannach le vóta a chaitheamh i dtoghchán Uachtaránachta nó i reifreann.

Is féidir leat a sheiceáil má tá tú ar Chlár na dToghthóirí ag checktheregister.ie. Is féidir leat an Clár a sheiceáil in oifigí údaráis áitiúla, oifigí an phoist, stáisiúin Gardaí agus leabharlanna áitiúla freisin. Tá Clár nuashonraithe foilsithe i mí Feabhra, gach bliain.

Mura bhfuil d'ainm ar Chlár na dToghthóirí is féidir leat iarratas a dhéanamh a bheith curtha sa forlíonadh don gClár. Chun é seo a dhéanamh, ba cheart duit an fhoirm RFA2 a líonadh isteach agus é a sheoladh chuig d'údarás áitiúil. Is féidir leat í a íoslódáil ó checktheregister.ie. Tá an fhoirm ar fáil ó d'údarás áitiúil freisin.

Ionas gur féidir leat a bheith curtha ar an bhforlíonadh a úsáidtear ag toghchán, ní mór don údarás áitiúil d'iarratas a fháil ar a laghad 15 lá roimh lá na vótála. (Níl Domhnaí, laethanta saoire poiblí ná Aoine an Chéasta curtha san áireamh mar laethanta chuige seo). Mar sin más maith leat vóta a chaitheamh ar an 27 Deireadh Fómhair 2011, ba cheart duit a chinntiú go bhfuil d'fhoirm RFA2 chomhlánaithe faighte ag d'údarás áitiúil roimh Dé Luain, 10 Deireadh Fómhair 2011.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121 nó (021 4521600).

Ganntanas mór sa tionscal eitlíochta faoi cheann deich mbliana

Patricia Uí Fhlaithearta, Comhairleoir Gairmthreorach

IS í an earnáil eitlíochta an earnáil is mo atá ag fás ins an domhan uilig. Beidh ganntanas suas le 96,500 píolóta agus 150,000 innealtóir aerloingseoireachta thar na deich mbliana atá amach romhainn a dúirt ionadaí ón Atlantic Airventure i Sionainn, Co. an Chláir an tseachtain seo caite nuair a thug grúpa scoláirí as Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc cuairt orthu ar thuras oideachasúil. Oibríonn innealtóirí aerloingseoireachta d'aerlínte, do dhéantúsóirí aerárthach, do chomhlachtaí leasúcháin aerárthach agus do chomhlachtaí eile a bhfuil baint acu le cothabháil, deisiú agus ollchóiriú aerárthach.

Is í an Innealtóireacht Aerloingseoireachta an cineál innealtóireachta a bhaineann le dearadh, le tógáil agus leis an eolaíocht is bun le haerárthaigh agus le spásárthaigh. Bíonn innealtóirí aerloingseoireachta freagrach as eitleáin, héileacaptair, diúracáin, satailítí agus spásárthaigh níos nua, níos sábháilte agus níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de a chruthú. D'fhéadfadh gairmithe sa réimse seo dul le speisialtóireacht sa Dearadh Struchtúrach, Meicnic Eitilte & Córais Rialúcháin, Aeraidiminic, Ionstraimiú & Cumarsáid nó Déantúsaíocht agus Cothabháil.

Is féidir le hinnealtóirí aerloingseoireachta, le teicneolaithe agus le teicneoirí dul le speisialtóireacht i réimse ar leith nó dul le gairm i réimsí eile amhail an tionscal feithicleach, giniúint fuinnimh agus na fórsaí armtha. Tá éileamh ar dhaoine sa ghairm seo ar fud an domhain.

Má tá súim agat a bheith i do phíolóta nó i d'innealtóir aerloingseoireachta nó a bheith ag obair ins an earnáil eitlíochta go ginearálta, ní mór go mbeadh sláinte mhaith agat. Is iad na hábhair ardteiste is úsáidí ná eolaíocht, mata agus fisic. De ghnáth bheadh céim san innealtóireacht mheicniúil, déantúsaíochta, leictreach nó leictreonach ag innealtóirí aerloingseoireachta. Chun a bheith i do phíolóta is iad na comhlachtaí aerlíne a chuireann an traenáil ar fáil.

Innealtóireacht Mheicniúil

Is é atá san Innealtóireacht Mheicniúil ná dearadh, déantús agus oibriú meaisíní de gach cineál ina bhfuil comhpháirteanna a bhogann nó a bhfuil gluaiseacht i gceist leo. Cuimsíonn raon na hoibre gach cuid den saol. Mar shampla d'fhéadfaí a bheith ag obair ar dhearadh agus ar dhéantús gluaisteán, ar uirlisí ardbheachtais, ar mhonarchana giniúna fuinnimh nó sa tionscal ceimiceán, leictreonaice nó bia. Ag an leibhéal iontrála tá gairmeacha amhail oibrithe meaisíní agus daoine a dhéanann seirbhísiú, suiteáil agus deisiú ar innealra, mar shampla feisteoirí, meicneoirí agus ceardaithe eile.

Fostaítear teicneoirí innealtóireachta d'fhonn meaisíní níos casta a thástáil, a shuiteáil agus a oibriú. D'fhéadfaidís a bheith ag obair i dteannta gairmithe innealtóireachta chomh maith, a mbeadh an fhreagracht iomlán orthusan as feidhmiú an innealra. I measc na bhfreagrachtaí a bheadh ar an lucht ardbhainistíochta bheadh dearadh agus táirgeadh innealra nua agus suiteáil ar thionscadail mhóra chasta a dtógfadh sé na blianta iad a thógáil.

Cuireann cúrsaí tríú leibhéal san Innealtóireacht Mheicniúil oideachas leathan bunúsach maith ar fáil.

Tá an chuid eile den phíosa seo le léamh ar www.gaelsceal.ie

Crosfhocal 30.09.2011



NODANNA

TRASNA

1 Tá dosaen acu sa bhliain (6)
4 An lámh a úsáideann duine ciotach, b'fhéidir (3)
8 Compordach, áthas (5)
9 Giobal (5)
11 Éirí níos mór, níos flúirsí (5)
12 An duine is fearr leat, is ---- leat (4)
14 Daoine, na daoine mórthimpeall ort (5)
16 Cóngarach, in aice (3)
18 An scéal faoi rudaí a tharla roimh seo (5)
19 An chuid den chos faoin ghlúin, agus ar chúl (5)
21 Riamh, i gcónaí, go --- (3)
22 Taobh thiar de gach rós tá an rud biorach seo (5)
24 Beirt, dís, cúpla (2)
25 Labhair i nguth íseal (5)
26 Gan a bheith in ann cluinstin (6)

SÍOS

1 Cé chomh trom agus atá aon rud (7)
2 Aicme, grúpa, lucht (3)
3 Béile i lár an lae (3)
5 Clúdaigh leathanach le plaisteach, len é a dhéanamh níos inmharthana (5)
6 Thíos in aice an talaimh (5)
7 Téigh suas sliabh - nó dréimire (5)
10 Tá fadhb agat má tá an --- seo ar lár (3)
11 Beartaithe, pleanáilte (5)
13 Scéal nach bhfuil fíor, d'aon ghnó (5)
15 Duine den chéad dosaen a lean ar Íosa (5)
16 Buail, fuip (5)
17 Ábhar atá goidte le linn cogaidh (6)
20 Fíor dhona, go hainnis (5)
22 Nóta ceoil ag bun an scála (4)
23 Capall baineann (4)

Crosfhocal
23.09.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Rónán Ó Murchú, Dún na nGall

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 28.09.2011 chuig: Crosfhocal Gaelscéal 15 Sráid Mhargadh, Gaillimh

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Ardteistiméireacht 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Ceapadóireacht - Scéal

'Is ait an mac an saol'

Buachaill aisteach ba ea Deiric Ó Súilleabháin. Ní raibh aon chairde aige ar scoil ná ina cheantar dúchais. Aonarán ba ea é. Níor ghlac sé páirt ar bith in imeachtaí sóisialta na scoile. Ní fhaca éinne riamh é ag labhairt le cailíní as a rang féin ná as rang ar bith eile ach oiread. Dá labhródh cailín leis d'éireodh sé chomh dearg le coileach turcaí. Déarfadh gach éinne, go háirithe na cailíní as na ranganna Ardteistiméireachta eile, go raibh sé dathúil. Bhí na cailíní as a rang féin den tuairim nach raibh ann ach amadán agus bhídís ag magadh faoi de shíor.Tháinig athrú mór ar Deiric agus é i rang na hArdteistiméireachta. D'éirigh sé níos ciúine fós. Ná níor bhac Deiric mórán leis an staidéar. Luigh sé isteach ar na leabhair, ach níor leabhair scoile iad ach úrscéalta agus beathaisnéisí agus leabhair thaistil.

Tharla rud aisteach tráthnóna amháin tar éis scoile agus é ag fágáil chlós na scoile ar a bhealach aonarach abhaile. Chuaigh sé sall chuig cailín as a rang féin, Eithne Nic an Bhaird, agus d'fhiafraigh sé di an rachadh sí chuig an Debs leis ar an séú lá de Dheireadh Fómhair. Ba í Eithne an cailín ab áille sa rang agus fiú amháin sa scoil. Ba í siúd a dúirt tráth go raibh Deiric dathúil 'ina shlí féin'. Nuair a d'iarr sé uirthi é a thionlacan chuig an Debs dhiúltaigh sí glan dul ina theannta.

Ní dheachaigh Deiric chuig an Debs ar an séú lá de Dheireadh Fómhair. Ní raibh sé in Éirinn fiú an oíche sin. Thug sé aghaidh ar Mheiriceá tar éis dó torthaí na hArdteistiméireachta a fháil, torthaí nach raibh ró-dhona, dála an scéil.

D'imigh na blianta go sciobtha. Bhí ráflaí ag gabháil thart go raibh Deiric i Hollywood agus go raibh sé ag glacadh páirte i scannáin. De réir a chéile, d'fhás agus mhéadaigh a chlú agus a cháil agus nuair a d'éirigh Daniel Craig as páirt James Bond, ainmníodh Deiric mar chomharba air. Nuair a bhí an chéad scannán de chuid James Bond ina raibh Deiric páirteach, Forever and a Day, á eisiúint in Éirinn, d'fhill Deiric ar phictiúrlann a bhaile dhúchais d'oíche na hoscailte.

Bhí baniriseoir ón nuachtán áitiúil The Leitrim Echo ag fanacht leis ag an gcúldoras agus í ar bís agallamh a chur air dá nuachtán. Eithne Nic an Bhaird ab ainm di agus ba bheag nár thit sí i laige ar fheiceáil di an réalt scannáin cáiliúil, dathúil os a comhair amach. Rith sí chuige agus a leabhar nótaí ina láimh aici.

'Is mise Eithne Nic an Bhaird,' ar sise,'bhí mé in aon rang leat ar scoil. An cuimhin leat mé?'

'Ní cuimhin liom tú,' ar seisean, 'níl aon aithne agam ort. Anois,' ar seisean le duine dá ghardaí cosanta, 'tóg an bhean seo as mo radharc, pé hí féin, agus lig dom dul isteach sa phictiúrlann. Táim cráite ag a leithéidí.'

Fágadh Eithne ina dealbh ansin agus na deora léi.

Is ait an mac an saol gan amhras!

Gluais

beathaisnéis - biography
a thionlacan - accompany him
comharba - successor
á éisiúint - being released

Litríocht Bhreise - An Triail le Máiréad Ní Ghráda

"Ní éiríonn leis an dráma seo toisc nach bhfuil an plota sochreidte." É sin a phlé.

Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom a rá nach n-aontaím leis an ráiteas sin in aon chor. Tá plota láidir sochreidte sa dráma, An Triail. Ní fhéadfadh sé a bheith níos sochreidte cailín óg singil ag iompar clainne agus í sa chruth sin de bharr an chaidrimh a bhí aici le fear pósta,

Tá plota an dráma seo thar a bheith simplí. Téann Máire Ní Chathasaigh, cailín óg soineanta, chuig rince atá ar siúl i dteach na scoile.Tá máistir nua scoile darb ainm Pádraig Mac Cárthaigh ag an rince freisin.

Tá Pádraig pósta, áfach. Míníonn sé do Mháire nach bhfuil an tsláinte go maith ag a bhean chéile is nach bhfuil ag éirí go maith idir an bheirt acu.

Creideann Máire é. Cailín saonta goilliúnach muiníneach í. Fear gan puinn scrupaill é Pádraig. Meallann sé í. Níl uaidh ach a mhianta féin a shásamh. Téann sé i bhfeidhm ar Mháire go dtí go mbíonn sí faoi gheasa aige,Titeann Máire bhocht go mór i ngrá leis.

Chomh luath is a fhaigheann sé amach go bhfuil sí ag iompar linbh, cailleann sé suim inti. Fágann sé ar an trá fholamh í.

Ina dhiaidh sin, leanann Máire a bealach anróiteach truamhéileach tragóideach féin. Tugann a máthair bata agus bóthar di. Diúltaítear di i ngach aon áit. Faoi dheireadh bíonn uirthi agus ar a leanbh iníne cur fúthu 'i dteach an mhíchlú'.

Ag deireadh an dráma cuireann Máire a leanbh iníne chun bháis.

Cuireann Máire lámh ina bás féin ina dhiaidh sin.

Creidim féin go bhfuil plota an dráma seo thar a bheith sochreidte. Cé go bhfuil dearcadh an phobail i leith na faidhbe seo níos leathanaigeanta ná mar a bhí in aimsir Mháire (sna seascaidí luatha), fós féin is ceist chonspóideach í agus tá 'An Triail' chomh tráthúil inniu agus a bhí sé riamh.

Ábhar ar líne ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Cleachtaí bunaithe ar na Rúin

Tá míreanna idirlín darb ainm na Rúin chun a bheith craolta ar an idirlíon amháin gach tráthnóna Máirt agus Céadaoin ag an 4.00 i.n ar feadh trí seachtain eile ag www.naruin.ie Tá taifeadadh déanta ag ógánaigh ar na míreanna seo ar sheit Ros na Rún. Is é téama na míreanna seo ná an bhulaíocht. Is féidir cleachtaí don seomra ranga bunaithe ar na míreanna seo a íoslódáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge – Teastas Sóisearach 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Prós Liteartha

Eoghainín na nÉan (sliocht as) le Pádraig Mac Piarais

'Ag brionglóidigh mar is gnách leat, a Eoghainín?'
'Ní hea, a Athair. Tá mé ag caint leis na fáinleoga.'
'Ag caint leo.'
'Sea, a Athair. Bímid ag caint le chéile i gcónaí.'
'Agus cogar. Céard a bhíonn sibh a rá le chéile?'
'Bímid ag caint ar na críocha i bhfad uainn a mbíonn sé ina shamhradh i gcónaí iontu, agus ar na farraigí fiáine san áit a mbáitear na loingis, agus ar na cathracha aolgheala a gcónaíonn na ríthe iontu.'
Tháinig ionadh a chroí ar an sagart mar a tháinig ar an máthair roimhe sin . . .
'Agus an dtuigeann tú a gcuid cainte, a Eoghainín?'
'Tuigim, a Athair. Nach dtuigeann tusa í?
Ní go ró-mhaith a thuigim í . . .'
'Mínigh dom céard a bhíonn na fáinleoga a rá leat, a Eoghainín.'
'Is iomaí rud a bhíonn siad a rá liom. Is iomaí scéal breá a insíonn siad dom. An bhfaca tú an t-éinín sin a chuaigh thart anois díreach, a Athair?'
'Chonaic mé.'
'Sin í an scéalaí is cliste orthu ar fad. Tá a nead sin faoin eidhneán atá ag fás os cionn fuinneoige mo sheomra-sa. Agus tá nead eile aici sa domhan theas - aici féin is a céile.'
'An bhfuil, a Eoghainín?'
'Tá - nead beag álainn eile na mílte is na mílte as seo. Nach aisteach an scéal é, a Athair? - a rá go bhfuil dhá theach ag an bhfáinleoigín agus gan againne ach aon teach amháin?'
'Is aisteach go deimhin. Agus cén sórt tíre ina bhfuil an teach eile seo aici?'
'Nuair a dhúnaim mo shúile feicim tír uaigneach áibhéil. . .Tír iontach uafar. Níl sliabh ná cnoc ná gleann inti, ach í ina machaire mór réidh gainmheach. Níl coill ná féar ná fás inti, ach an talamh chomh lom le croí do bhoise. Gaineamh ar fad. Gaineamh faoi do chosa. Gaineamh ar gach taobh díot. An ghrian ag spalpadh os do chionn. Gan néal ar bith le feiceáil sa spéir. É go han-te.
Anseo is ansiúd tá ball beag féarach mar a bheadh oileáinín i lár farraige. Cúpla crann ard ag fás ar gach ball acu. Foscadh ó ghaoth agus ó ghrian acu. Feicim ar oileán de na hoileáin sin ail lard. Aill mhór mhillteach. Tá scoilt san aill, agus sa scoilt sin tá nead fáinleoigín. Sin í nead m'fháinleoigín-se.'
'Cé a d'inis an méid sin duit, a Eoghainín?'
'An fháinleog. Caitheann sí leath a saoil sa tír sin, í féin is a céile. Nach aoibhinn an saol atá acu ar an oileáinín uaigneach úd i lár na díthreibhe! Ní bhíonn fuacht ná fliche ann, sioc ná sneachta, ach é ina shamhradh I gcónaí . . .
Agus ina dhiaidh sin, a Athair, ní dhéanann siad dearmad ar a nead bheag eile anseo in Éirinn, ná ar an gcoill, ná ar an sruthán, ná ar na fuinseoga, ná ormsa, ná arm o mháthair.'

Gluais

fáinleoga - swallows
críocha - regions
loingis - longa
eidhneán - ivy
áibhéil - wonderful
uafar - dreadful
aill - cliff
I lár na díthreibhe - in the middle of the desert
fuinseoga - ash trees.

Ceisteanna (iad ar cómharc)

Ceist 1 A (Buntuiscint)

(i) Cén t-ábhar cainte a bhíonn ag Eoghainín agus na fáinleoga? (**Dhá** phointe)
(ii) Tá dhá nead ag an éinín a chonaic Eoghainín agus an sagart. Cá bhfuil an dá nead sin aici?
(iii) Cad a fheiceann Eoghainín nuair a dhúnann sé a shúile?

B (Léirthuiscint Ghinearálta)

(i) Luaigh **dhá thréith** a bhaineann le hEoghainín mar dhuine, dar leat. I gcás **ceann amháin** den dá thréith sin tabhair píosa eolais as an téacs a léiríonn an tréith sin.
(ii) Tugann Eoghainín cuntas don sagart ar an tír ina bhfuil 'teach ag an bhfáinleoigín'.

Tuilleadh ábhair do mhúinteoirí agus do dhaltaí le fáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Déan cur síos **gairid** ar an gcuntas sin.
(iii) Ar thaitin an scéal leat? Tabhair **dhá chuis** le do thuairim.

Ceist 2 Freagair A NÓ B.

(i) Ainmnigh gearrscéal Gaeilge, nó úrscéal Gaeilge, nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá sa sliocht thuas. Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.
(ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin ábhair.

B

(i) Maidir le do rogha **ceann amháin** de na téamaí seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge, nó úrscéal Gaeilge, nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúr sa) a bhfuil an téama sin i gceist ann. Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.
***(a)** uasigneas **(b)** grá **(c)** áthas **(d)** fearg **(e)** brón **(f)** díomá*
(ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin ábhair.

Cúinne na Gramadaí 5

Na Réamhfhocail Shimplí:

Grúpa 1	Grúpa 2	Grúpa 3
ag	ar	i
as	roimh	
os	faoi	
dar	thar	
le	ó	
chuig	trí	
go	de	
	do	
	um	
	mar	
	gan	
	idir	
	sa	

Grúpa 1
Ní shéimhníonn nó **ní uraíonn** na réamhfhocail seo túschonsan ainmfhocail ach amháin i gcás 'le chéile'.

Grúpa 2
Séimhíonn na réamhfhocail seo túschonsan ainmfhocail de ghnáth.

Grúpa 3
Uraíonn an réamhfhocal seo túschonsan de ghnáth.

Samplaí:
(i) Tá teach mór ag Seán.
(ii) Chuamar go Gaillimh inné.
(iii) Beidh sé as póca má dhíolann sé an rothar ar phraghas íseal.
(iv) Tá an abhainn sin faoi **th**alamh.
(v) Léim sé de g**h**eit.
(vi) Bhí mé ann um thráthnóna.
(vii) Thug sé an leabhar do M**h**áire.
(viii) Tá cónaí uirthi i **g**Corcaigh.
(ix) Léim an madra thar g**h**eata.
(x) Bhí eagla ar D**h**iarmaid roimh an madra.

Cleachtaí:
(i) Tá slua mór sa (bus).
(ii) Beidh sé ann roimh (meánlae).
(iii) Bhíomar i (cruachás) nuair a theip ar an inneall.
(iv) Bhíomar ag obair ó (maidin) go (oíche).
(v) Tá séideán ag teacht faoi (doras) an tseomra.
(vi) Ní raibh de (freagra) aici ach go raibh sí tinn.
(vii) Tháinig an t-éan isteach trí (fuinneog) na cistine.

Freagraí ar CnG 4!
(i)mbrisfeadh sé . . . bheadh (ii)ndéanfadh sibh . . . ní thiocfadh (iii)Dá n-imeoinn . . . ní bheinn (iv)mbeadh . . . d'ólfá (v)a dhéanfadh . . . dá mbrisfeadh sí (vi)dá n-íosfá . . . ní bheadh (vii)Rachainn . . . dá dtabharfá . . .

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

ARDTEIST 2012

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Forlíonadh na Múinteoirí ó Chomhar na Múinteoirí Gaeilge

AN BHÉALTRIAIL 2012 – LÉAMH NA FILÍOCHTA – MOLTAÍ & COMHAIRLE NA DÁNTA

Géibheann *(an dán go léir)*
An tEarrach Thiar *(an dán go léir)*
Mo Ghrá-sa (Idir Lúibíní) *(trí véarsa ar bith)*
Colscaradh *(an dán go léir)*
An Spailpín Fánach *(dhá véarsa ar bith).*

Treoir ama: 2 nóiméad
Marcanna: 35 marc

1. Caithfear na cúig dhán thuas a ullmhú do Bhéaltriail 2012
2. Ní thabharfar rogha duit ar an lá. An scrúdaitheoir a roghnóidh an dán agus na véarsaí atá le léamh, bíodh gach véarsa de gach dán ullmhaithe agat.
3. Ní thabharfar aon am chun an dán a chleachtadh istigh sa bhéaltriail. Bígí ullamh!!
4. Bí fíor-chúramach le cúrsaí foghraíochta (pronunciation). Tugaigí aire mhaith do na séimhithe agus uruithe ar fad!
5. Ná déan dearmad teideal an dáin agus ainm an fhile a lua.
6. Beidh cead agat do chóip féin de na dánta a thabhairt leat isteach sa halla scrú daithe.
7. Is féidir nótaí foghraíochta a scríobh os cionn na bhfocal.
8. Ní chuirfear ceisteanna ort faoi ábhar/cúlra an dáin.
9. Bí cinnte agus tú ag cleachtadh na ndánta, na dánta a aithris go minic agus os ard. Cuimhnigh gur ag léamh filíochta atá tú. Labhair amach go hard, soiléir, muiníneach, bríomhar.
10. Ná déan dearmad gur féidir leat 35marc a ghnóthú do léamh na filíochta.

SRAITH PICTIÚR 2

FOCLÓIR

1. Fógra suimiúil
2. Duaiseanna iontacha
3. Comórtas díospóireachta
4. Seic mór / luach 2,000
5. I gcoinne/in aghaidh
6. Rún na hoíche
7. Moltóirí
8. Béile deas
9. An fhoireann
10. Bhí an bua ag...
11. An lucht éisteachta

CEISTEANNA

1. Céard a cheapann tú faoi rún na díospóireachta sin?
2. An gcuireann an **lagtrá eacnamaíochta** isteach ortsa?
3. Dá mbuafá dhá mhíle euro, céard a dhéanfá leis?
4. Ar ghlac tú páirt i ndíospóireacht scoile cheana?



TREOIR DON MHÚINTEOIR

- Faigh tuairimí agus réamheolas na ndaltaí i dtaobh an phictiúir.
- Cuir i ngrúpaí de bheirt iad agus iarr orthu aon eolas/foclóir/smaointe a ritheann leo a bhreacadh síos.
- Ansin cuir liosta cuimsitheach le chéile ar an gclár d'fhreagraí agus smaointe an ranga ar an ábhar. Más gá cuir leis an liosta, nathanna deasa srl.
- Dírigh isteach ar na ceisteanna ansin, ceacht labhartha arís i ngrúpaí de bheirt.

TEASTAS SÓISEARACH

OÍCHE SHAMHNA -EACHTRA SCANRÚIL A THARLA DOM!!

- Líon na Bearnaí leis na focail sa bhosca thíos
- Cuir na habairtí isteach san ord ceart ansin do scéal!
- Céard a tharla ina dhiaidh sin meas tú? Cuirigí críoch leis an scéal scanrúil seo!

tinte, cead, muice, chairde, dhubh, eagla, Shamhna chroí, aisteach, tobann, uafáis, eagla, m'aonar

1. oíche _____ a bhí ann
2. chonaic mé ____ cnámh ar lasadh
3. cóisir
4. Oíche Shamhna bhí cóisir mhór ag mo chara ina teach
5. Fuair mé ____ ó mo Mham chun dul chuig an gcóisir
6. Bhí mé ar mhuin na _____!
7. Bheadh mo _____ go léir ann
8. d'fhéachamar ar scannán _____
9. oíche_____ dhorcha a bhí ann
10. níor chuir an dorchadas _____ orm
11. shiúil mé abhaile i m'aonar an oíche sin
12. ní raibh _____ orm, tuige a mbeadh!
13. ach go _____ chuala mé torann!
14. torann _____ a bhí ann!
15. bhí mo _____ i mo bhéal!

SUÍOMH IDIRLÍN NA MÍOSA:
www.focal.ie
Áis iontach do mhúinteoirí Gaeilge & daltaí
Is foclóir fíorchuimsitheach é, bain triail as

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

OSSP – Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil

Iarrthóir Uachtaránachta 2011

Rinne muid plé an tseachtain seo caite in Gaelscéal ar Scoil ar an toghchán uachtaránachta a bheidh ag tarlú ar 27ú Deireadh Fómhair 2011. Seo a leanas próifíl na n-iarrthóirí atá ag seasamh i dtoghchán 2011:

Mary Davis

Aois : 57 bliain
Slí bheatha : Bainisteoir/ Stiúrthóir na gCluichí Oilimpeacha Speisialta.
Páirtí Polaitíochta : Neamhspleách
Suíomh : www.marydavis.ie

Fís mar Uachtarán
Tá sé léirithe ag Mary Davis go mbeadh sí in ann ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ar an ardán idirnáisiúnta agus go mbeadh sí in ann an pobal a chur chun cinn. Tá luachanna na cothromaíochta agus an mheasa tábhachtach di.

Seán Gallagher

Aois : 49 bliain
Slí bheatha : Fiontraí, fear gnó agus polaiteoir as Co. an Chabháin. Is é bunaitheoir an chomhlachta Smarthomes é. Bhí sé mar dhuine den phainéal ar chlár ar RTÉ, Dragon's Den.
Páirtí polaitíochta : Neamhspleách (Fianna Fáil go dtí 2010)
Suíomh : www.seangallagher.com

Fís mar Uachtarán :
Tá sé léirithe i rith fheachtas uachtaránachta Sheáin Gallagher go bhfuil sé ag iarraidh branda nua d'Éirinn a chur chun cinn thar lear i ndiaidh an mhíchlú atá tarraingthe ar an tír mar gheall ar an chúlú eacnamaíochta.

Michael D Higgins

Slí bheatha : Feachtasóir, file agus polaiteoir.
Páirtí polaitíochta : Páirtí an Lucht Oibre
Suíomh : www.michaeldhiggins.ie
Fís mar Uachtarán
Tá sé léirithe ag Michael D Higgins go gcaithfidh Éire teacht aniar ón ghéarchéim atá ann faoi láthair agus múnlaí níos freagraí a bhunú don eacnamaíocht agus don tsochaí.

Gay Mitchell

Slí bheatha : Feisire de Pharlaimint na hEorpa
Páirtí polaitíochta : Fine Gael
Suíomh : www.gaymitchell2011.ie

Fís Mar Uachtarán
Deir Gay Mitchell go mbeadh leas na ndaoine mar chroí a chuid uachtaránachta. Deir sé gur mhaith leis bheith ar an chineál uachtaráin a bhí in Máire Mhic Giolla Íosa.

Martin Mc Guinness

Aois : 61 bliain
Slí bheatha : Polaiteoir
Páirtí polaitíochta : Sinn Féin

Fís mar Uachtarán
Deir Martin McGuinness dá dtoghfaí mar Uachtarán é go nglacfadh sé leis an mheánphá. Deir sé go mbeidh a fheachtas don uachtaránacht oscailte do gach duine. Deir sé go mbeidh bun leathan faoina fheachtas agus go mbeidh an daonlathas agus an poblachtanachas lárnach ann.

Dana Rosemary Scallon

Aois: 60 **Páirtí Polaitíochta:** Neamhspleách
Slí bheatha: amhránaí agus polaiteoir
Fuair Dana Rosemary Scallon ainmniúchán Dé Máirt seo caite chun rith sa rása le haghaidh na hUachtaránachta.



An Seanadóir David Norris

Aois: 67
Páirtí Polaitíochta: Neamhspleách
Suíomh: senatordavidnorris.ie
D'éirigh leis an Seanadóir David Norris áit a fháil sa rása faoi dheireadh gairid roimh an spriocam le haghaidh ainmniúchán Dé Máirt seo caite. D'imigh an Seanadóir as an rása ar an 2 Lúnasa nuair a chaill sé tacaíocht.

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

OSPS – Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte

Cumarsáid

Gníomhaíocht Breathnaigh ar na pictiúir seo a leanas. I ngrúpaí de bheirt déan cur síos ar an méid atá le foghlaim ó chomharthaíocht choirp na ndaoine seo.

Tá sé tábhachtach mar dhéagóir go bhfaigheann tu cleachtadh ar an dóigh le do chuid mothúchán agus do chuid smaointe a chur in iúl do dhaoine eile ar bhealach éifeachtach, sláintiúil. Mar dhéagóir athraíonn do chorp i rith caithreachais. I rith caithreachais athraíonn mothúcháin go minic agus uaireanta bíonn sé deacair na mothúchain seo a chur in iúl. Tá dhá bhealach ann chun mothúcháin a chur in iúl:

Cumarsáid i bhFocail
Seo nuair a deir tú amach an rud atá tú ag iarraidh a chur in iúl.

Cumarsáid gan Fhocail
Seo nuair a dhéantar cumarsáid trí chomharthaíocht choirp. Samplaí de chomharthaíocht choirp ná gothaí gnúise, ag ithe d'ingne, ag gáire le duine agus ag filleadh do lámh nuair atá duine ag caint leat.

Gluais

Cumarsáid - communication
Mothúchán - emotion
Caithreachais - puberty
Cumarsáid i bhFocail- Verbal communication
Cumarsáid gan Fhocail - Non verbal communication
chomharthaíocht choirp - body language
Teagmháil súl - Eye contact
Treallúsach - assertive
Ionsaitheach - aggressive

1

2

3

4

5

1 _____

2 _____

3 _____

4 _____

5 _____

Scileanna cumarsáide

Seo a leanas scileanna cumarsáide a thabharfaidh cúnamh duit do chuid mothúchán a chur in iúl go héifeachtach:

- **Teagmháil súl:** Déan teagmháil súl leis an duine a bhfuil tú ag caint leis. Tugann teagmháil súl le fios go bhfuil suim agat sa mhéid atá le rá ag an duine a bhfuil tú ag caint leis.
- **Éist:** Tá sé tábhachtach éisteacht leis an duine atá ag caint. Tá sé seo riachtanach chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh. Má éisteann tú le duine tabharfaidh sé seo le fios dó nó di go bhfuil a gcuid tuairimí chomh tábhachtach céanna le tuairimí daoine eile.
- **Bí treallúsach.** Ciallaíonn sé seo go ndeir tú go soiléir céard atá tú ag iarraidh agus cén chaoi a mothaíonn tú gan a bheith ag screadach agus ag goilliúint ar dhaoine eile.
- **Ná bí ionsaitheach.** Má dhéanann tú raitéas diúltach faoi dhuine eile nó má bhíonn tú mímhúinte le duine ciallaíonn sé go bhfuil tú ionsaitheach. Ní bealach éifeachtach é chun do chuid mothúchán a chur in iúl.
- **Ná bí éighníomhach faoi do chuid mothúchán.** Cial laíonn sé seo nach ndéanann tú aon ghníomh faoi do chuid mothúchán. Ní chuireann tú do chuid mothúchán in iúl go soiléir.

www.oideachas.gaelsceal.ie

Ná déan dearmad gur féidir na nótaí atá san fhorlíonadh oideachais seo a fháil ar líne ag www.oideachas.gaelsceal.ie .

Tá cartlann de nótaí ón chéad fhorlíonadh oideachais le fáil ar an suíomh, áis úsáideach do mhúinteoirí agus scoileanna atá ag baint úsáide as córas na mionríomháirí agus IPad.

Tuilleadh ábhair do mhúinteoirí agus do dhaltaí le fáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Sraith Náisiúnta Shacar na mBan á Bunú

Gráinne McElwain

D'FHÓGAIR an FAI go mbeidh Bus Éireann mar urraitheoirí nua ar Shraith Náisiúnta Shacar na mBan a bheas ag tosnú i mí na Samhna den chéad uair riamh. Ó cuireadh tús le plean forbartha na mBan in 2006, tá líon na mban atá ag imirt tar éis dúbailt agus tá an caighdeán cóitseála tar éis feabhsú ar fud na tíre. Faoi láthair tá 31 sraith do mhná ag feidhmiú ar fud na tíre ach is é an aidhm leis an tsraith nua seo ná tallann nua a chothú agus a fhorbairt.

Beidh seacht gclub páirteach sa chéad sraith seo agus tugadh cuireadh do na clubanna seo a leanas a bheith ann: Bray Wanderers/St Josephs, Castlebar Celtic FC, Cork Women's FC, Peamount United, Raheny United, Shamrock Rovers, agus Wexford Youths Women's AFC.

Dúirt cóitseálaí na hÉireann ar fhoireann na mBan, Sue Ronan "go gcuideoidh an tsraith seo go mór leis an dea-obair atá déanta ag an FAI agus an WFAI le blianta anuas chun cur leis an méid daoine atá ag glacadh páirte i gcluiche na mban agus tá na torthaí sin le feiceáil sa dul chun cinn atá déanta ag na foirne idirnáisiúnta. Is ó neart go neart a bheimid ag dul anois i gcomhpháirtíocht le Bus Éireann."

28 Meán Fómhair 2011: Imreoirí idirnáisiúnta le Poblacht na hÉireann, Ciara Grant ar chlé, agus Dora Gorman le Legend, Sotar rua, i Staid Aviva, Bóthar Lansdún ag an bhfógairt gurb é Bus Éireann a bheas ina urraitheoir ar Shraith Shacar na mBan. [PIC.: DAVID MAHER / SPORTSFILE]

Deireadh le hIomarca Lascadh Capall i Sasana

Gráinne McElwain

CUIRFEAR pionós dian ar mharcach capall ar bith a bhaineann an bharraíocht úsáide as an fhuip de réir rialacha nua atá tugtha isteach ag an Údarás Rásaíocht Chapall i Sasana (BHA) tar éis dóibh stáidéar deich mí a dhéanamh ar an cheist. Feicfear na rialacha nua seo ag teacht i bhfeidhm i gceann coicíse i Sasana amháin.

Anois, níl cead ag marcaigh an fhuip a úsáid ach seacht n-uaire i rás ar an ré agus ní cheadaítear í a úsáid ach ocht n-uaire i rás thar chliatha, cúig huaire sa staid dheireanach.

Ciallaíonn sin nach mbeidh ach leath an méid úsáide á bhaint as an fhuip le hais mar a bhí. Má sháraíonn an marcach na rialacha sin d'fhéadfaí é/í a chur ar fionraí ar feadh trí lá agus cuirfear finéail orthu chomh maith.

Ní rud nua é an lascadh a dhéantar ar chapaill agus díríodh aird an phobail air i mí Aibreáin sa Grand National nuair a d'úsáid an marcach Jason Maguire an fhuip seacht n-uaire déag ar Ballabriggs. Cuireadh fionraí cúig lá ar Maguire mar gheall air.

Bhuail Frankie Dettori an capall Rewilding ceithre huaire is fiche sa dá staid dheireanacha den Prince of Wales Stakes ag Royal Ascot le déanaí. Cuireadh fionraí naoi lá air siúd.

Níl aon athruithe ar úsáid na fuipe in Éirinn ach dúirt Denis Egan, Príomhfheidhmeannach an Turf Club, go mbeadh coiste ag teacht le chéile go luath chun féachaint ar na treoirlínte ó BHA agus go mbeidh níos mó eolais ag teacht ón choiste sin taobh istigh de chúpla mí.

Cúrsaí sacair: Sraith Airtricity

Buaicphointí na sraithe agus an chluiche idir Spurs agus Ruagairí na Seamróige ar MNS, RTÉ 2, Dé Luain 7.30in.

Daithí Mac Tighearnáin

CORN EA Sports ag Doire cois Laoi - in ainneoin Keano!

Dé Sathairn seo caite, cuireadh siamsa cois Laoi ar fáil do 4164 tacadóir, an Corcaíoch clúiteach Roy Keane san áireamh, agus do lucht féachana teilifíse Setanta Ireland nuair a fuair Cathair Dhoire an ceann is fearr ar Chathair Chorcaí (1-0) chun Corn EA Sports a chrochadh leo. Bhí na súile greamaithe ag cách, fiú amháin Keano fústrach féin, dá raibh ar taispeáint: cluiche álainn, breac le gluaiseachtaí gleoite cruinne ar an bhféar.

Sheasfá sa sneachta ag féachaint air. Is ábhar misnigh é go dtéann rud éigin a bhaineann le "cairde" Roy, an FAI, i bhfeidhm ar an bhfear fústrach céanna. Gan amhras, idir seo, gaiscí Eorpacha Ruagairí na Seamróige agus ardchaighdeán siamsaíochta na gclubchluichí abhus i gcoitinne, tá lá breá ag gealadh do Shraith Airtricity, cinnte.

Is mithid dom an deichiú bua sa chomórtas seo ag Cathair Dhoire a thréaslú leo,níos mó ná aon chlub eile. Bhuaigh siad i 1988, 90, 91, 94, 99, 2005, 2006, 2007, 2008, 2011.

In 2009, ciontaíodh Doire i míchleachtais airgeadúla agus thit Corcaigh i lámha na scrúdaitheoirí airgeadúla agus díchóilíodh iad go roinn a haon dá dheasca. Tá Doire tagtha ar ais sa phríomhroinn ó shin i leith agus, creid é nó ná creid, iad go fíochmhar ar thóir an teidil féin faoi láthair! Seans maith go bhfillfidh Corcaigh freisin i mbliana.

Bhí Corcaigh ina máistrí sa chéad leath. Bhí an lámh in uachtar i lár na páirce ag Shane Duggan (22) agus Gearóid Morrissey (20). Is cliathánaithe fíorspreagúla iad Derek O'Brien (32) agus Ian Turner (22). Chuir na tosaithe Graham Cummins (24), a bhuail an t-adhmad, agus Davin O'Neill (28) an-bhrú ar chúlaithe Dhoire. Moltar duit gan dearmad a dhéanamh ar an ainm Gearóid Morrissey!

Thosaigh Doire ag teacht i dtír ar chúrsaí tar éis leathuair an chloig. Bhuail Ruaidhrí Higgins an trasnán agus chuir Eamon Zayed seans éasca ar fóraoil (aisteach ag an imreoir is airde scóráil i mbliana sa tsraith le 20 cúl) roimh leatham.

Bhí an bríste ar Dhoire sa dara leath. Bhí Higgins, Kevin Deery agus Gareth McGlynn forlámhach i lár na pairce. Cad é mar chliathánaí óg é Stephen McLaughlin, agus an tóir atá air ag clubanna thar lear? Is féidir an t-ógánach de thosaí Patrick McElheney a bhreacadh síos don todhchaí freisin. Bhí Zayed gann ar chruinneas an lá seo ach ina ainneoin sin scóráil sé an cic éirice a las na tinte cnámha i nDoire oíche Dé Sathairn tar éis 65 nóiméad. Chuaigh Corcaigh go fíochmhar ar an ionsaí ansin ach ba obair in aisce sin dóibh.

Seo clár reatha na sraithe ag an mbarr (36 cluiche): Ruagairí Shligigh 61 pointe as 31 cluiche; Ruagairí na Seamóige 30-61; Cathair Dhoire 30-59; Lúthchleas Phádraig Naofa 31-58.

Beidh buaicphointí na sraithe agus an chluiche idir Spurs agus Ruagairí na Seamróige ar MNS Dé Luain 7.30in ar RTÉ 2.

Oíche Dé Luain na seachtaine seo, Killian Brennan, Bohemians agus Tomas Boyle, UCD. Bhí an bua ag UCD, 2-0. [PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 30 Meán Fómhair, 2011

Ar an gclaí

Le John Allen

Ba cheart don CLG dlí a dhéanamh ag an chéad Chomhdháil eile chun go n-imreofaí na cluichí club i ngach contae i rith an tsamhraidh!

Tá ceann scríbe ag teacht dos na craobhanna club ina lán contaetha. Faraor níl sé mar sin i ngach contae. Tá sé deacair a thuiscint nach bhfuil comórtais craoibhe fiú amháin tosnaithe i mBÁC. Tá a fhios agam go gcuirtear ar ceal na comórtais i gcontaetha áirithe go dtí go mbíonn an rás rite ag foireann sinsir an chontae. Níl sé sin ceart ná coir ar na gnáthimreoiri club.

Ba cheart don CLG dlí a dhéanamh ag an chéad Chomhdháil eile chun go n-imreofaí na cluichí club i ngach contae i rith an tsamhraidh.

Anseo i gCorcaigh tá an chraobh shinsir iomána á himirt an Domhnach seo. N'fheadar cén sórt corrlaigh a bhí á thairiscint ag na geallghlacadóiri ag tosach na bliana faoi dhéantús an chraobhchluiche ach is cinnte nach raibh an dá fhoireann a bheidh ag imirt ar an Domhnach ar an ghearrliosta . Bhí Carraig Thuathail ar an liosta ag 50/1.

Bhuadar craobh iomána idirmheánach an chontae cúig bliana ó shin. Ach bhraitheadar an brú mar bhíodar i mbaol a ndícháilithe dhá uair ó shin ach anois tá siad ar tí príomhchomórtas iomána sinsir an chontae a bhuachaint .

Sea ní raibh aon chaint ar Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT) ná ar Charraig Thuathail nuair a bhí an gearrliosta don chraobh á chruthú. Ach is iad a bheidh ag tabhairt aghaidh ar a chéile i bPáirc Uí Chaoimh an Domhnach beag seo .

Níor imir an fhoireann choláiste sa chraobh riamh agus ní raibh dathanna Charraig le feiceáil ann ón mbliain 1937.

Tugadh cead don choláiste imirt mar chlub sa chomórtas sé bliana déag ó shin ach seo an chéad uair dóibh fáil tríd go dtí an craobhchluiche . Tá sé suimiúil gur ó chontae Chorcaí an chuid is mo des na himreoirí. Tá Tommy Quaid ó Luimneach leo agus réalta nua Chill Chainnigh Colin Fennelly (nár imir le tamall leo) agus formhór na n-imreoiri eile ó Chorcaigh.

Ag tosach na bliana bhí na Sáirséalaigh (seaimpíní anuraidh) mar rogha na n-údar. Ach sa cheathrúchraobh bhuaigh Baile Nua Sheandroma orthu. Sa leathchraobh níor léirigh buachaillí an choláiste aon eagla roimh sheanfhondúirí Sheandroma (leithéidi Ben agus Jerry O'Connor agus Pat Mulcahy) agus chríochnaíodar an cluiche ceithre chúilín déag chun tosaigh.

Sa leathchraobh eile idir na comharsana béal dorais Carraig Thuathail agus Mainistir na Corann bhí an tuairim ann roimh ré go mbeadh ógánaigh Mhainistir na Corann rómhaith. Ach dar ndóigh ní mar a shíltear a bhítear agus le cabhair imirt inspioráideach ón laoch idirchontae Niall McCarthy, bhí an bua ag Carraig. Mar sin tá an suíomh ullamh do chraobh dhifriúil nua.

Brendan O'Brien, Gaeil na Trionóide, i gcoinne Eamon Fennell, Naomh Uinsionn, i mbabhta a 3 de Chraobh Peile Bhaile Átha Cliath [PIC: PAUL MOHAN / SPORTSFILE]

Tá an tuairim ann anois cois Laoi go bhfuil na buntáistí ag CIT sa chraobh seo. Dar ndóigh tá an coláiste ag feidhmiú arís i ndiaidh shaoire an tsamhraidh, mar sin bíonn na himreoirí le chéile níos minicí. Tá an chuid is mó des na clubanna idirmheánacha agus sóisir lena n-imríonn leaids an choláiste críochnaithe don séasúr mar sin níl siad ag imirt an iomad cluichí . Agus an bua is tábhachtaí is dócha ná go bhfuil an fhoireann píosa maith níos óige ná an freasúra.

Sa leathchraobh eile idir na comharsana béal dorais Carraig Thuathail agus Mainistir na Corann bhí an tuairim ann roimh ré go mbeadh ógánaigh Mhainistir na Corann rómhaith. Ach dar ndóigh ní mar a shíltear a bhítear agus le cabhair imirt inspioráideach ón laoch idirchontae Niall McCarthy, bhí an bua ag Carraig. Mar sin tá an suíomh ullamh do chraobh dhifriúil nua.

Freisin tá an sárpheileadóir contae Aidan Walsh ag imirt leo. Chonaiceamar cé chomh maith is atá sé ag an iománaíocht i gcraobhchluiche faoi 21 na Mumhan i gcoinne Luimnigh i mbliana. In éineacht leis tá scata imreoirí a bhí ar an bpainéal contae faoi 21 i mbliana agus cúpla imreoir eile a bhfuil taithí shinsir chontae acu.

Tá spiorad iontach ag Carraig Thuathail agus an laoch contae Niall McCarthy. Tá meascán imreoirí a d'imir faoi aois don chontae acu freisin ach ní dóigh liom go bhfuil siad chomh láidir le CIT.

Bheadh sé go hiontach do Charraig dá bhféadfaidís an bua a fháil ach is dóigh liom féinig go mbeidh Corn Uí Mhurchú ag dul go dtí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí den chéad uair.

Tá an chraobh iomána ar siúl i Luimneach freisin. Beidh na Piarsaigh agus Áthán ag féachaint ar a chéile i bPáirc na nGael. Tá an-mheas timpeall an chontae ar na Piarsaigh mar fhoireann nua a bhfuil scata maith imreoirí den scoth acu, leithéidí Shane Dowling, Kevin Downes agus David Breen i measc fhoireann óg go leor.

Bhuaigh Áthán, Cill Mocheallóg, Tobar Phádraig agus Áth Dara an chuid is mó des na craobhanna contae le fiche bliain anuas agus tá an tuairim ann anois go bhfuil foireann nua ag teacht chun cinn ó roinn na cathrach agus go mbeidh tionchar aige ar an fhoireann chontae.

Pé rud is dóigh go mbeidh craobh mhaith ann agus gan dabht buafaidh an fhoireann is fearr ar an lá .

Beir Bua.

Súil ar an Rugbaí

Rabo Direct PRO12 - Babhta 5
Dé hAoine
Dragons v Cúige Uladh
Rodney Parade @ 19.05
Beo ar BBC 2 NI, RTÉ 2

Chaill Ulaidh in aghaidh na Ospreys (32-14) an tseachtain seo caite agus tá gortuithe fós ag cur as do Darren Cave agus Ian Humphreys. Níor imir an bheirt an tseachtain seo caite agus tá imní mhór fúthu anocht ach deascéal ná go mbeidh an lánchúlaí Jared Payne ar fáil cé gur imigh sé den pháirc ag Liberty Stadium an tseachtain seo caite mar gheall ar ghortú coise. Bhuaigh Ulaidh in Rodney Parade i mí na Bealtaine sa tSraith agus níl na Dragons tar éis buachaint orthu ó bhí Meán Fómhair 2009 ann. Níl ach cluiche amháin buaite ag na Dragons go fóill agus sin in aghaidh Aironi (23-14) agus cé go bhfuil go leor imreoirí óga ag Cúige Uladh, ba chóir go mbeadh siad ró-láidir do na Dragons arís.
Bua: Cúige Uladh

Ospreys v Connacht
Liberty Stadium @ 19.30

Níl cluiche ar bith caillte ag na Ospreys go fóill sa chomórtas agus chríochnaigh siad 32-14 chun cinn ar Chúige Uladh an tseachtain seo caite sa bhaile. Tá siad sa dara háit ar an tábla ar 16 phointe, pointe amháin taobh thiar de Chúige Mumhan. Ceapann Justin Tipuric, captaen na foirne, nach mbeidh rudaí ró-éasca dóibh in aghaidh paca mór Chonnachta. Coinnigh súil ar Dan Biggar atá bliain is fiche d'aois agus atá ag imirt ag uimhir a deich. D'aimsigh sé fiche pointe as dhá cheann is tríocha in aghaidh Uladh.
Tá coimhlint mhór ar siúl do gheansaí uimhir a deich i gCúige Chonnacht chomh maith idir Niall O'Connor agus iar-imreoir na Ospreys Matthew Jarvis, ach tá cóitseálaí na foirne Eric Elwood an-sásta go bhfuil iomaíocht ann do gheansaithe ar fud na páirce. Bhuaigh Connachta 17-13 in aghaidh na Dragons an tseachtain seo caite ach seo scrúdú eile dóibh as baile sa Bhreatain Bheag chun na pointí a fháil. Bua: Ospreys

Kevin McLaughlin, Cúige Laighean
[PIC: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]

Niall O'Connor, Cúige Chonnacht
[PIC: OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE]


Ian Keatley, Cúige Mumhan
[PIC: STEVE POPE / SPORTSFILE]

Dún Éideann v Cúige Mumhan
Murrayfield @ 19.30

Níl ach cluiche amháin buaite ag Dún Éideann go dtí seo agus b'shin in aghaidh Chonnacht i mbabhta a trí den tSraith (19-14). Is ar bharr an tábla atá Cúige Mumhan, gan aon chluiche caillte acu fós. Bhí bua compordach acu in aghaidh na Scarlets an tseachtain seo caite (35-12). Seo foireann óg ag na Muimhnigh ach tá Ian Keatley, iar-imreoir le Connachta anuraidh ag uimhir a deich ag imirt go maith dóibh. D'aimsigh sé sé chic éirice as sé cinn an tseachtain seo caite. Seans maith go bhfeicfimid BJ Botha agus Marcus Horan ar ais ag imirt tar éis gortuithe. Ainmníodh Ian Nagle ar an phainéal chomh maith den chéad uair ó bhí mí Lúnasa ann nuair a ghortaigh sé a ghualainn. Déarfainn go mbeidh barraíocht cumhachta ag Mumhain sa chluiche seo.
Bua: Cúige Mumhan

Dé Sathairn
Cúige Laighean v Aironi
RDS @ 18.30

D'éirigh le Cúige Laighean an lámh in uachtar a fháil ar na Scarlets (15-10) an tseachtain seo caite agus ba chóir go mbeadh Luke Fitzgerald agus Nathan White ar fáil cé gur tógadh den pháirc iad mar gheall ar ghortuithe in Parc y Scarlets. Tá gortú rúitín fós ag cur as do Dominic Ryan agus Kevin McLaughlin agus cuireann sé sin leis na deacrachtaí atá ag Joe Schmidt mar go bhfuil 14 imreoir ag Corn Rugbaí an Domhain. Bhuaigh Aironi a gcéad chluiche sa tSraith an séasúr seo in aghaidh Dhún Éideann an tseachtain seo caite (25-19) ach chaill siad an dá chluiche in aghaidh na Laighineach anuraidh. Tá Aironi ar íochtar an tábla agus ní dóigh liom go bhfaighidh siad na pointí san oíche amárach ach oiread.
Bua: Cúige Laighean.

Críoch Dhrámatúil le Cluichí Ceannais na hÉireann i bPeil na mBan

Athchluichí: 9 Deireadh Fómhair, Beo ar TG4. Nua Eabhrac v Cill Mhantáin, Sóisear, 2.30in, An Cabhán v An Iarmhí, Idirmheánach 4.15in.

25 Meán Fómhair 2011:Imreoirí ar fhoireann an Chabháin ag fágáil na páirce tar éis an chluiche. Craobh TG4 i bPeil na mBan, Cluiche Ceannais Idirmheánach na hÉireann, An Cabhán v An Iarmhí, Páirc an Chrócaigh.[PIC.: BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]

Gráinne McElwain

Ní fhacthas le fada leithéid na drámaíochta a bhí ag cluichí ceannais na hÉireann i bPeil na mBan an deireadh seachtaine seo caite. Den chéad uair riamh, chríochnaigh na cluichí ceannais sóisir agus idirmheánach ar comhscór ach is iad Corcaigh seaimpíní na hÉireann den séú huair le seacht mbliana. Déantar cur síos i gcónaí ar charachtar Chorcaí mar níorbh é an cluiche ab fhearr é ag na réaltaí móra atá acu, ach beidh Muineachán trína chéile mar bhí na deiseanna acu a gcéad chraobh a bhuachan ó bhí 1997 ann. Moladh mór do Chorcaigh agus comhghairdeas leo as an éacht mór atá déanta acu.

Chríochnaigh cluiche ceannais na sóisear idir Cill Mhantáin agus Nua-Eabhrac ar comhscór. Bhí an chuma ar an scéal go raibh go leor déanta ag Nua-Eabhrac chun a gcéad chraobh a chrochadh leo ach fuair an t-ionadaí Laurie Hogan ó Chill Mhantáin cúilín na cothromaíochta agus beidh lá eile acu. Tharla an rud céanna i gcluiche idirmheánach le Aishling Doonan, captaen an Chabháin ag aimsiú cic saor sna soicindí deireanacha den chluiche in aghaidh na hIarmhí.

Dúradh roimh an chluiche go gcosnóidh sé ar a laghad €30,000 ar fhoireann Nua-Eabhrac teacht ar ais agus beidh airgead le bailiú arís acu. Gheall Cumann Pheil na mBan go gcuideoidh siad leis an turas ach beidh sé thar a bheith deacair orthu teacht ar ais agus an meon ceart a bheith acu don chéad lá eile.

Seachtain ón Domhnach, ar 9ú Deireadh Fómhair i bPáirc an Chrócaigh a bheidh an dá chluiche agus beidh siad beo ar TG4.

Iománaí na Bliana F-21

Gráinne McElwain

FOILSÍODH liosta i rith na seachtaine ar a raibh seachtar ainmnithe don ghradam Iománaí na Bliana f-21 urraithe ag Bord Gáis Energy. Bhuaigh Gaillimh Craobh na hÉireann f-21 i mbliana agus ní haon ionadh é mar sin go bhfuil triúr ón fhoireann sin, Niall O'Donoghue, Niall Burke agus captaen na foirne, Barry Daly, ar an ghearrliosta. Beirt as Luimneach atá air, sin iad Shane Dowling agus Declan Hannon, agus tá Aidan Walsh as Corcaigh ar an liosta chomh maith. Is é captaen Bhaile Átha Cliath i mbliana agus ambasadóir Bord Gáis Energy, Liam Rushe, an seachtú hainm atá air. Tugann an gradam seo aitheantas don imreoir óg a sheas amach le linn Chraobh 2011. Is iad na moltóirí a bheidh ag roghnú an bhuaiteora ná Ger Cunningham, roghnóir nua le Corcaigh agus Bainisteoir Urraíochta Bord Gáis Energy, Marty Morrissey ó RTÉ, Micheál Ó Domhnaill ó TG4, Joe Canning, imreoir na Gaillimhe agus buaiteoir bonn uile-Éireann f-21, agus iar-imreoir Phort Láirge, Ken McGrath.

Gheobhaidh buaiteoir an ghradaim corn agus dearbhán de luach míle euro. Dúirt Ger Cunningham go bhfuil "áthas an domhain ar Bord Gáis Energy a bheith in ann aitheantas a thabhairt dár n-imreoirí óga f-21. Bhí Craobh an-mhaith againn i mbliana le cluichí den scoth agus cibé duine a roghnófar, beidh an gradam tuillte go maith aige."

15 Iúil 2011:Aidan Walsh, Corcaigh. Cluiche leathcheannais i gCraobh Iománaíochta Mumhan Bhord Gáis Energy faoi-21, Tiobraid Árann v Corcaigh, Staid Semple, Durlas, Co. Thiobraid Árann.
[PIC.: BARRY CREGG / SPORTSFILE]

Fuair Gaillimh an lámh in uachtar ar Bhaile Átha Cliath i gcluiche ceannais na hÉireann f-21. B'iad fir an iarthair chomh maith a chríochnaigh chun cinn ar Luimneach i gcluiche leathcheananis na hÉireann ach bhuaigh Luimneach Craobh na Mumhan den chéad uair ó bhí 2002 ann nuair a bhuail siad Corcaigh tar éis am breise. Ainmneofar an buaiteoir sna seachtainí amach romhainn.

Gearrliosta do Imreoir na Bliana f-21, Bord Gáis Energy: Liam Rushe (Baile Átha Cliath), Barry Daly (Gaillimh), Niall O'Donoghue (Gaillimh), Aidan Walsh (Corcaigh), Shane Dowling (Luimneach), Declan Hannon (Luimneach), Niall Burke (Gaillimh)

Lá na Cinniúna

Éire v An Iodáil, Dunedin, An Nua-Shéalainn. Cic tosaigh 8.30rn, RTÉ 2

25 Meán Fómhair 2011. Donncha O'Callaghan, ar chlé, ag déanamh comhghairdis le Andrew Trimble tar éis dó an cúigiú húd a scóráil d'Éirinn sa chluiche in aghaidh na Rúise, sa Chorn Domhanda Rugbaí 2011, i Staid Idirnáisiúnta Rotorua. [PIC.: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]

Gráinne McElwain

NÍ haon áibhéal a rá gurb é an cluiche in aghaidh na hIodáile an cluiche is tábhachtaí do na hÉireannaigh i gCorn Rugbaí an Domhain agus iad ag iarraidh cáiliú do na babhtaí ceathrú ceannais. Muna mbeidh an bua ag foireann na hÉireann an Domhnach seo, agus má fhaigheann an Astráil an lámh in uachtar ar an Rúis, beidh Éire ar an chéad eitilt abhaile agus níl éinne ag iarraidh é sin a fheiceáil.

Beidh an chlibirt fíorthábhachtach sa chluiche seo. Tá sraith thosaigh den scoth ag na hIodálaigh. Tá Martin Castrogiovanni, Leonardo Ghiraldini agus Salvatore Perugini ar fheabhas agus tá sé ráite ag cóitseálaí na hIodáile Nick Mallett go bhfuil siad níos fearr ná triúr na hÉireann. Thosaigh na cluichí síceolaíochta luath go maith. In aghaidh na Stát Aontaithe i rith na seachtaine rinne na Azzuri scrios ar phaca an fhreasúra agus d'aimsigh siad an pointe bónais chomh maith. Rinne foireann na hÉireann scrios chomh maith ach níor thapaigh buíon Declan Kidney an deis sin.

Cuimhnigh go bhfuair Cian Healy, Rory Best agus Mike Ross an lámh in uachtar ar na hAstrálaigh ach caithfidh ardchluiche eile a bheith acu ar fad ar an Domhnach chun bua na hÉireann a chinntiú. Is iad na taicticí atá in úsáid ag na hIodálaigh ná an paca toirtiúil atá acu a úsáid bíodh sé sa chlibirt nó ón síneadh amach. Déanfaidh siad iarracht fanacht i leath an fhreasúra den pháirc, brú a chur orthu chun ciceanna éirice a ghéilleadh nó brú a chur ar na cliathánaithe faoin liathróid ard.

Cén fhoireann mar sin a roghnóidh Declan Kidney? Ar lámh amháin, chonaic muid ardtaispeántas in aghaidh na hAstráile coicís ó shin, agus cad chuige mar sin go n-athródh sé an fhoireann? Ach ar an lámh eile, tá roinnt imreoirí eile a bheadh níos foirsteanaí don chluiche fisiciúil seo agus sin é an cinneadh a chaithfidh Kidney a dhéanamh. Tosnóidh Rob Kearney mar lánchúlaí agus seans maith go mbeidh Tommy Bowe ar chliathán amháin ach tá rogha le déanamh idir Keith Earls nó Andrew Trimble ar an chliathán eile. D'imir Trimble thar cionn i mí Lúnasa agus tá mí-ádh air nach bhfuil áit faighte aige ar an fhoireann. Bhí sé go maith in aghaidh na Rúise an tseachtain seo caite, ach rinne Earls go maith fosta. An buntáiste a bheadh ag Trimble in aghaidh na hIodáile ná go bhfuil sé níos mó agus níos láidre. Ach tá luas ag Earls agus níl aon rud mícheart déanta aige sa chomórtas go dtí seo, go deimhin is ag feabhsú atá sé.

Beidh Brian O'Driscoll ag tosnú ar ndóigh ach cé a bheas leis? Sílim féin go dtosnóidh Gordon D'Arcy ach an rachaidh Jonathan Sexton isteach ina áit le O'Gara ag tonsú ag uimir a deich?

Ní aon rún é nach bhfuil Sexton ag ciceáil go maith faoi láthair agus beidh gach aon cheann de na ciceanna sin fíorthábhachtach in aghaidh na hIodáile. Cuimhnigh siar chomh fada le Comórtas na Sé Náisiún agus cic éirice ag Ronan O'Gara a bhuaigh an cluiche sin. Beidh rudaí chomh gar céanna arís an uair seo agus beidh na pointí sin ag teastáil, go háirithe sa chéad leath chun lagmhisneach a chur ar phaca na Azzurri agus na Gaeil a láidriú. Tá Eoin Reddan ag imirt go maith ach b'fhéidir gur mhaith le Kidney Conor Murray a úsáid mar go bhfuil sé níos láidre agus níos mó ná Reddan.

Ní aon amhras faoi gheansaithe a haon go dtí a hocht agus feicfimid an t-aonad céanna a bhuaigh ar an Astráil. Beidh sé iontach Ferris, O'Brien agus Heaslip a fheicéail in aghaidh Parisse.

Níl na hIodálaigh tar éis an lámh in uachtar a fháil ar fhoireann na hÉireann le 15 bliana anuas ach is beag nár tharla sé i gComórtas na Sé Náisiún i mí Feabhra mar a luaigh mé cheana. Ba cheart go mbeadh an bua ag Éirinn, go háirithe má imríonn siad chomh maith céanna arís, ach ní shin le rá go dtarlóidh sé. É sin ráite, táim muiníneach go mbeidh Éire sna babhtaí ceathrú ceannais oíche Dé Domhnaigh.